An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure and Reform

# Athbhreithniú ar Chreat Reachtúil na hÉireann don Eitic in Oifigí Poiblí

## Nollaig 2022

Prepared by Department of Public Expenditure and Reform
**www.gov.ie**

2

# Clár Ábhair


**1. Réamhrá** **5**

1.1 An eitic i gcomhthéacs dinimiciúil domhanda 5

**2. Forálacha eitice na hÉireann – iarmhairt ó na 1990í** **6**

2.1 Cúlra 6

2.2 An creat reachtúil reatha don eitic 6

2.3 Forálacha Náisiúnta – na hAchtanna um Eitic 7

2.4 Forálacha ag an Leibhéal Áitiúil – An tAcht um Rialtas Áitiúil 2001 16

2.5 Reachtaíocht Bhainteach 18

2.6 Cóid Chleachtais 24

**3. Tiománaithe Suntasacha an Athleasaithe ar Chaighdeáin sa Saol Poiblí in Éirinn** **26**

3.1 Easnaimh an chórais reatha 26

3.2 Binse Fiosrúcháin Moriarty 26

3.3 Binse Fiosrúcháin Mahon 27

3.4 Moltaí ó Ghrúpa Stát Chomhairle na hEorpa i gcoinne na hÉillitheachta (GRECO) 29

3.5 Tuarascáil Hamilton 2020 30

3.6 Ceist atá faoi dhíospóireacht leanúnach phoiblí 31

3.7 Tuairimí an Phobail 32

**4. Freagairt Beartais i dtaca le Caighdeáin sa Saol Poiblí** **34**

4.1 An ghéarchéim airgeadais agus ar tháinig aisti – obair shuntasach bheartais chun tabhairt faoin eitic sa saol poiblí 34

4.2 An Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 34

**5. Forálacha reachtúla na hÉireann i gcomhthéacs idirnáisiúnta** **39**

5.1 Réamhrá 39

5.2 Eagraíochtaí Idirnáisiúnta ar ball díobh an Stát 39

5.3 An tAontas Eorpach 40

5.4 Dlínsí riaracháin inchomparáide 40

5.5 Creat Reachtúla ag páirtithe AE/LEE 41

5.6 Ceachtanna ó na tíortha Lochlannacha 42

**6. Forbairtí le Deireanas** **45**

6.1 Forbairtí Beartais 45

6.2 Forbairtí Dlíthiúla 46

**7. Comhairliúchán poiblí agus teagmháil an Athbhreithnithe le páirtithe leasmhara – na torthaí** **50**

7.1 Comhairliúchán Poiblí 50

7.2 Teagmháil le páirtithe leasmhara áirithe 50

**8. Téamaí suntasacha a tháinig as an Athbhreithniú - Moltaí 53**

**Iarscríbhinn A – Cóid Iompraíochta 66**

Cóid Iompraíochta an Leibhéil Náisiúnta 66
Cóid Iompraíochta ag Leibhéal an Rialtais Áitiúil 71

**Iarscríbhinn B - Tuarascáil an Bhinse Fiosrúcháin maidir le Cúrsaí Pleanála Áirithe 77**

Moltaí Ábhartha 77
Smachtbhannaí 80
Coimhlintí Leasa 81

**Iarscríbhinn C – Moltaí SIPO maidir leis na hAchtanna um Eitic 2019/2020 agus Dul Chun Cinn 84**

**Iarscríbhinn D – Achoimre ar Luachálacha GRECO 90**

**Iarscríbhinn E – Freagóirí leis an gComhairliúchán Poiblí 92**

# 1. Réamhrá

Is dúshlán comónta ag gach riarachán poiblí é íoslaghdú a dhéanamh ar choimhlintí is féidir tarlú idir na leasanna a ndéantar oifigigh phoiblí a thoghadh chun ionadaíocht a dhéanamh orthu, agus a leasanna pearsanta fein. Is nadúrtha iad na coimhlintí seo, agus dosheachanta den chuid is mó ó tharla go bhfuil níos mó ná an t-aon ról sóisialta amháin ag na hoifigigh sin. Bíonn dea-thoradh ag brath ar fhachtóirí ar nós éifeacht ghinearálta riail an dlí i ndlínse faoi leith, agus meastar nach féidir dul thar chreat sainoiriúnaithe reachtúil má tá sé i gceist go mbeidh an blas cuí ar chaighdeáin sa saol poiblí agus a thabhairt le fios go bhfuil tiomantas ann i dtaca leis na caighdeáin eiticiúla is airde a bhaint amach maidir le hiompar daoine aonair agus le cultúr eagraíochtaí.

Is gnách go mbíonn forálacha dlíthúla i gcreat reachtúla a chlúdaíonn cúrsaí mar iad seo a leanas:

- Riachtanais nochta leasanna;
- Rialacha maidir le srian a chur ar bhronntanais; agus
- Maoirseacht ar an saghas fostaíochta is ceadmhach d’oifigigh phoiblí a ghlacadh tar éis dóibh an oifig a fhágáil.

Trí thabhairt go hoscailte faoi choimhlintí leasa, tá an cuspóir beartais níos leithne ann, mar atá an mhuinín a fheabhsú sna hoifigigh phoiblí agus dá réir sin, tacú le hiontaofacht an phróisis daonlathaigh.

## 1.1 An eitic i gcomhthéacs dinimiciúil domhanda

I gcórais daonlathacha, tá saoránaigh tar éis an-spéis a chur in intaofacht a gcuid polaiteoirí, a gcomhairleoirí agus oifigigh phoiblí, go háirithe san Fheidhmeannas.

Is sna Stáit Aontaithe sna 1970í, tar éis scannal Watergate a tháinig ann do na chéad fhorálacha reachtúla don nochtadh leasanna ag oifigigh phoiblí, agus is cuid den dea-chleachtas idirnáisiúnta anois iad. Tá breis agus 160 tír tar éis córais don nochtadh sócmhainní agus leasanna a thabhairt isteach, agus tá an comhoibriú idirnáisiúnta forbartha go maith faoin am seo. Tá Éire tiomanta do na caighdeáin idirnáisiúnta trí, *inter alia*, Coinbhinsiún na NA in Aghaidh an Éillithe (UNCAC) agus na struchtúir atá Grúpa na Comhairle Eorpaí de na Stáit in Aghaidh an Éillithe (GRECO). Mar sin de, táthar ag dúil leis go n-iarrfaimid go mbeidh creat láidir socraithe againn, bunaithe ar an dea-chleachtas, don eitic in oifigí poiblí.

# 2. Forálacha eitice na hÉireann – iarmhairt ó na 1990í

## 2.1 Cúlra

Is amhlaidh a mhol an Bille um Eitic sa Rialtas agus in Oifigí Poibli, reachtaíocht comhalta príobháidigh a chuir an Teachta Brendan Howlin chun tosaigh in 1991,[1] go ndéanfaí rialú ar an eitic ag an leibhéal náisiúnta, agus na caighdeáin náisiúnta eiticiúla a thabhairt i gcomhréir leo siúd atá sa rialtas áitiúil chun tacú le gnáis daonlathacha a chomhlíonadh.[2] Chlúdaigh an Bille rialú na mbronntanas ar lucht oifigí áirithe, clár leasanna comhaltaí agus clár ioncaim agus caiteachais ag páirtithe polaitiúla.

Cé nár éirigh leis an mBille seo bheith ina reachtaíocht, réitigh sé an tslí don Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, rud is bunchloch don chreat reatha don eitic ag an leibhéal náisiúnta. Thug an tAcht Toghchánaíochta 1997 faoi thabhartais pholaitiúla agus chuir an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 go mór le trédhearcacht ár riaracháin phoiblí a fheabhsú.

In éineacht leis na tionscnaimh reachtúla seo, tarraingíodh aird ghéar ar na caighdeáin sa saol poiblí le linn na 1990í de réir mar a rinne na Binsí Fiosrúcháin Hamilton[3] agus McCracken[4] iniúchadh ar íocaíochtaí a rinne lucht tráchtála le polaiteoirí sinsearacha. Rinne Tuarascáil McCracken 1997 faomhadh ar Acht 1995, agus luaigh go mb'fhéidir go leathnófaí cúram an Ombudsman chun plé níos fearr a dhéanamh le maoirseacht agus fiosrú ar sháruithe eiticiúla. Moladh inti chomh maith go ndéanfaí sainordú faoi theastais imréitigh cánach a chur ar fáil agus réimeas níos láidre smachtbhannaí.[5] Thug an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 na moltaí seo leis isteach sa chreat reachtúil.[6]

## 2.2 An creat reachtúil reatha don eitic

Tá an t-iompar eiticiúil in oifigí poiblí faoi riail go fóill ag an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995[7] agus an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001[8] (a luaitear le chéile mar 'na hAchtanna um Eitic'), agus, ag an leibhéal áitiúil ag Cuid 15 den Acht um Rialtas Áitiúil 2001 ('LGA').[9] Cuspóir an chreata reachtúil seo ná nochtadh leasanna sa chaoi go mbeidh trédhearcacht ann agus go mbeidh rialáil ar choimhlintí. Is ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (SIPO) atá an chumhacht pionós a ghearradh agus nó/maoirseacht a dhéanamh – a bunaíodh faoi Acht 2001, ag na Coistí Dála agus Seanaid um Leasanna

[1] Ar fáil: <https://www.oireachtas.ie/en/bills/bill/1991/4/>
[2] Dáil 7 Bealtaine 1991, vol 407, col 9, ar fáil: <https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/dail/1991-05-07/28/>
[3] The Honourable Mr. Justice Liam Hamilton, President of the High Court (1994). *Report of the Tribunal of Inquiry into the Beef Processing Industry*. Foilseacháin Oifigiúla. Pn.1007. BÁC: Oifig an tSoláthair, Rialtas na hÉireann, ar fáil: < https://opac.oireachtas.ie/AWData/Library3/Library2/DL029085.pdf>
[44] The Honourable Mr. Justice Brian McCracken (1997). *Report of the Tribunal of Inquiry (Dunnes Payments).* Foilseacháin Oifigiúla. BÁC: Oifig an tSoláthair, Rialtas na hÉireann, ar fáil: <https://www.documentcloud.org/documents/683393-report-of-the-tribunal-of-inquiry-dunnes-payments.html>
[5] Ibid. at pp. 75 - 76
[6] Ar fáil: < https://revisedacts.lawreform.ie/eli/2001/act/31/revised/en/html>
[7] Ar fáil <http://www.irishstatutebook.ie/eli/1995/act/22/enacted/en/print#sec30>
[8] Ar fáil <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2001/act/31/enacted/en/html>
[9] Ar fáil <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2001/act/37/enacted/en/html>

Comhaltaí, agus ag Údaráis Áitiúla, agus seoltar cúrsaí coiriúla ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Mar fhorlíonadh ar an reachtaíocht seo tá na Cóid éagsúla Iompraíochta a éascaíonn an comhlíonadh agus ar cuid lárnach iad den chreat reachtúil ós iontu atá an t-eolas faoi na caighdeáin iontaofachta. Anuas air sin, cuireann an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 agus an tAcht um Phleanáil agus Fhorbraíocht, 2000 srian ar an bhfostaíocht iarthéarma mar bhrústocaire.

## 2.3 Forálacha Náisiúnta – na hAchtanna um Eitic

Cuireann na hAchtanna um Eitic creat reachtúil ar fáil maidir le nochtadh leasanna, rialú bronntanas, ceapacháin phearsanta (na gcomhairleoirí speisialta), agus maoirseacht ag SIPO nó an Roghchoiste um Leasanna Comhaltaí i gach Teach den Oireachtas. Tá riachtanas ann freisin teastais imréitigh chánach a chur ar fáil ar thoghadh/ainmniú isteach san Oireachtas agus ceapachán in oifig dhlíthiúil nó shinsearach.

An cuspóir is mó ná a léiriú nach mbíonn siad siúd atá rannpháirteach sa saol poiblí ag iarraidh buntáiste phearsanta a bhaint óna ngníomhartha féin. Tá an creat reachtúil bunaithe ar an tuiscint go bhfuil iontaofacht ann ach aithníonn gur chóir bearta áirithe a bheith ann chun tacú leis an gcomhlíonadh.

Tá mionsonraí breise faoi na tréithe tábhachtacha leagtha amach thíos.

### NOCHTADH LEASANNA

Tá difear idir na hoibleagáidí nochta faoi na hAchtanna um Eitic ag brath ar phost agus ar leibhéal na freagrachta atá i gceist, agus tá an cuspóir acu rialú a dhéanamh a choimhlintí leasa a d'fhéadfadh bheith san Oireachtas agus i gcomhlachtaí poiblí (i.e. coimhlintí a bheadh ann dá mbeadh leasanna príobháideacha ag oifigeach poiblí a d'fhéadfadh tionchar míchuí a imirt ar fheidhmíocht a gcuid dualgas oifigiúil).

Seo a leanas achoimre ar na hoibleagáidí nochta mar a bhaineann siad le hoifigí éagsúla:

**An tOireachtas**

- **Oireachtas:** Comhalta sa Dáil nó sa Seanad
- **Sealbhóirí Oifige:** i.e. Airí, Airí Stáit, Taoiseach, Tánaiste, comhalta de chuid an Oireachtais arb é an tArd-Aighne é), Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an dá Theach, Cathaoirleach Coiste agus Comhairleoirí Speisialta.

**Comhlachtaí Poiblí**

- Ard-Aighne nach comhalta de chuid an Oireachtais é
- Comhairleoirí Speisialta
- Stiúrthóir Ainmnithe i.e. Cathaoirleach agus Comhaltaí Boird i gcomhlacht poiblí

- Post Ainmnithe i.e. poist sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí ag leibhéal an Phríomh-Oifigigh agus os a cheann nó a chómhaith agus poist eile a bhféadfadh coimhlintí leasa bheith ann sa réimse sin oibre (e.g. soláthar)

Seo a leanas na tairseacha airgid maidir leis an nochtadh faoi na hAchtanna um Eitic:

| Tairseacha airgid maidir leis an nochtadh faoi na hAchtanna um Eitic | |
|---|---|
| **Ioncam gairmiúil** | **€2,600** |
| **Scaireanna** | **€13,000** |
| **Talamh** | **€13,000** |
| **Taisteal agus bainteach** | **€650** |
| **Conarthaí Seirbhíse Poiblí** | **€6,500** |
| **Bronntanais** | **€650** |

## COMHALTAÍ OIREACHTAIS – LEASANNA INCHLÁRAITHE

Ní mór do Chomhaltaí Oireachtais 'Ráiteas Bliantúil Leasanna Inchláraithe' a dhéanamh, nó ráiteas 'Nil' a chlúdaíonn an tréimhse sa bhliain gur comhalta é an duine sin. Déanann Cléireach na Dála nó an tSeanaid iad seo a fhoilsiú i gClár Leasanna na gComhaltaí agus bíonn fáil ag an bpobal orthu.

Is é an 31 Nollaig an 'dáta cláraithe'. Sa chás nach mbeidh an Dáil ina suí ar an 31 Nollaig, beidh feidhm ag rialacha speisialta, a shonraítear sna hAchtanna um Eitic, lena shocrú cad é an dáta cláraithe a bheidh ann.

Cuirtear na Ráitis Leasanna ar fáil do SIPO, a sheolann iad ar aghigh chuig Cléirigh **i gceachtar den dá Theach**, a chuireann Ráitis Leasanna na gComhaltaí i dtoll a chéile.

Tá achoimre thíos ar leasanna atá inchláraithe:

- Gairm as a bhfaightear tuarastal (níos mó ná €2,600),
- Scaireanna nó infheistíochtaí eile (luach níos mó ná €13,000)
- Stiúrthóireacht comhlachta ar bith
- Leas talaimh (níos mó ná €13,000)
- Leas i dtaca le conradh le haghaidh talamh a cheannach

- Bronntanais áirithe (seachas pearsanta) (aon bhronntanas ar luach níos mó ná €650)[10]
- Soláthar áiseanna taistil agus siamsaíochta ar lacáiste
- Post tuarastail mar bhrústocaire polaitiúil nó mar chomhairleoir
- Conarthaí áirithe i dtaca le soláthar earraí agus seirbhísí do chomhlacht poiblí
- Réadmhaoin nó seirbhís a sholáthar ar lacáiste
- Nochtadh deonach ar aon leasanna eile a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar an duine i mbun cúraimí oifigiúla aige/aici.

Sa chás go n-éiríonn comhalta Oireachtais as oifig le linn ná bliana nó nach n-ath-thoghtar é nó í i dtoghchán, níl aon oibleagáide ar an gcomhalta ráiteas a chur ar fáil. Sa chás nach bhfuil aon leas ag comhalta, ní mór dó/di ráiteas 'nil' a chur ar fáil don Chléireach ábhartha, mar sin is riachtanach go mbeidh ráiteas ó gach comhalta.

***Dearbhú Leasa Ábhartha***

Chomh maith leis an ráiteas faoi **leasanna inchláraithe**, ní mór do chomhalta Oireachtais a dhearbhú má tá **leas ábhartha** ar bith aige in imeachtaí Tí nó Coiste. Ní hionann an gnás idir an dá chás thíos:

- tá sé i gceist ag an gcomalta labhairt;
- tá sé i gceist ag an gcomhalta vótáil ach níl i gceist labhairt

Téann an oibleagáid seo thar an leas pearsanta agus áirítear léi leasanna ábhartha 'duine bainteach' i.e. duine gaolta, éinne i bpáirtíocht, iontaobhaí nó comhlacht faoi riail duine nó an duine nó duine bainteach. Ní mór ráitis mar sin a chur ar fáil do Chléireach ceachtar den dá Theach.

## SEALBHÓIRÍ OIFIGE

Mar chomhaltaí Oireachtais, tá na hoibleagáidí céanna ar Shealbhóirí Oifige agus atá ag comhaltaí Oireachtais nach sealbhóirí oifige iad, i dtaca leis na nithe a leanas:

- imréiteach cánach;
- nochtadh bliantúil leasanna inchláraithe; agus
- nochtadh leasa ábhartha in imeachtaí Tí nó Coiste.

Mar sin féin, tá an riachtanas breise ar Shealbhóirí Oifige na nithe a leanas a dhéanamh:

- ráiteas a chur ar fáil faoi leasanna breise;

[10] Féach Aguisín

- bronntanais a fuarthas de bhun an phoist a ghéilleadh agus a nochtadh; agus
- leas ábhartha i bhfeidhm oifige a nochtadh.

Tá foirm faoi leith ann do 'Leasanna Breise', ar leasanna iad ag céile nó ag páirtí sibhialta, ag páiste nó ag páiste páirtí sibhialta a **d'fhéadfadh tionchar ábhartha bheith acu** ar an sealbhóir oifige maidir le feidhmeanna a (h)oifige oiread agus a bheadh **sochar suntasach** ar fáil, nó gan a bheith ar fáil don sealbhóir oifige nó don pháirtí sibhialta nó don pháiste. Cuirtear an ráiteas faoi leasanna breise ar fáil do Chléireach an Tí ar comhalta ann an Sealbhóir Oifige. Is **príobháideach** an fhoirm faoi leasanna breise ach is **poiblí** an fhoirm faoi leasanna inchláraithe mar go bhfoilsítear leasanna inchláraithe pearsanta i gclár leasanna na gcomhaltaí (féach thuas) cé nach riachtanach an luach airgid a lua.

Níl an oibleagáid ann a thuilleadh foirm faoi leasanna breise nó ráiteas nialasach a chur ar fáil fiú is nach Sealbhóir Oifige nó comhalta Oireachtas a thuilleadh é an duine ar an 31 Nollaig. Tar éis duine bheith ina shealbhóir oifige, ní mór dóibh comhlíonadh a dhéanamh ar na riachtanais faoi leasanna breise. Mar sin féin, níl aon riachtanas luach airgid an ráitis a lua go sonrach. Cuirtear ráitis faoi leasanna breise ar fáil do Chléireach an Tí a bhaineann le hábhar.

***Dearbhú faoi leas ábhartha i bhfeidhm oifige***

Sa chás go bhfuil sé i gceist ag Sealbhóir Oifige dul i bhfeidhm oifige, agus go bhfuil eolas aige faoi leas pearsanta ábhartha san fheidhm sin nó ag duine bainteach féin, nó oifig eile nó duine eile atá bainteach le Sealbhóir Oifige eile, ní mór mar sin ráiteas a dhéanamh faoi fhíricí agus faoi nadúr an leasa atá i gceist. Cuirtear ráitis ar fáil don Taoiseach agus don SIPO, nó cuireann an Taoiseach ar fáil iad do Chathaoirleach an SIPO.

## AN TSEIRBHÍS PHOIBLÍ

***Oibleagáidí nochta – Stiúrthóir Ainmnithe ar Chomhlacht Poiblí***

Tá trí cinn d'oibleagáidí faoi na hAchtanna Eitice ag stiúrthóireachta ainmnithe:

I. Imréiteach cánach, sa chás go bhfuil tuarastal leibhéal 'ardoifige' ag ról stiúrthóra ainmnithe i gcomhlacht poiblí a leagadh síos faoi Acht 1995 nach lú é ná an tuarastal is ísle ag Leas-Ard-Rúnaí, i.e. tuarastal €185,380 nó níos mó.[11]

II. Ráiteas bliantúil faoi leasanna in-nochta;agus

III. Leas ábhartha i bhfeidhm oifigiúil a nochtadh

Ráiteas Bliantúil Leasanna In-Nochta

[11] Ar fáil ag: PS Guidelines 10th edition English updated October 2022 (sipo.ie)

- Aon leas atá i seilbh an stiúrthóra;[12] agus
- Aon leas, agus an stiurthóir ar an eolas faoi, atá i seilbh céile nó páirtí sibhialta, páiste an stiúrthóra nó páiste céile, a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith aige ar fheidhmiú oifigiúil an stiúrthóra (i.e. sochar suntasach a chur ar fáil nó a choinneáil uaidh).

Ní mór do dhuine ar bith ag a bhfuil stiúrthóireacht ainmnithe ar an 31 Nollaig nó ag a raibh stiúrthóireacht ainmnthe ar feadh tréimhse ar bith sa bhliain ráiteas leasanna a chur ar fáil, sa chás gurb ann do leasanna in-nochta.

Ní mór ráitis leasanna a chur ar fáil faoin 31 Eanáir dar gceann d'oifigeach an chomhlachta agus don SIPO. Is gnách gurb ionann 'oifigeach an chomhlachta' agus Cathaoirleach an Bhoird nó Rúnaí an Chomhlachta.

***Nochtadh leasa ábhartha i bhfeidhm oifigiúil***

Ní mór do stiúrthóirí ainmnithe a nochtadh do stiurthóirí eile an chomhlachta ábhartha má tá leas ábhartha acu (nó ag duine bainteach ar bith) i gceist a bhaineann le feidhm oifigiúil na stiúrthóireachta, nó oifig nó post ar bith eile atá ag an stiúrthóir sa chomhlacht poiblí sin, ar gá a chur i bhfeidhm.

Sa chás go bhfuil leas ábhartha i bhfeidhm oifigiúil ag stiúrthóir nó ag duine bainteach – níor chóir don stiúrthóir a fheidhm a dhéanamh, ach amháin go bhfuil cúiseanna doshéanta a chuirfeadh ceangal orthu a dhéanamh. Má bhíonn sé i gceist ag an stiúrthóir an fheidhm a dhéanamh, ní mór dó nó di ráiteas a chur ar fáil faoi na cúiseanna doshéanta do stiúrthóirí eile an chomhlachta agus don SIPO. Ní mór ráiteas i scríbhinn a bheith ann agus é a chur ar fáil sula ndéanann an stiúrthóir an fheidhm nó, sa chás nach bhfuil sin réasúnta praiticiúil, chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin.

Tá sé de cheangal ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta bheith acu chun a gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Eitic a mheabhrú ar bhonn bliantúil do na stiúrthóirí. Mar chuid de sin, bheadh na stiúrthóirí le cur ar an eolas faoin ainm an oifigigh sa chomhlacht.

***Ráiteas ar imeacht***

Sa chás go mbeidh deireadh le ceapachán stiúrthóra ainmnithe le linn na bliana (i.e. roimh an 31 Nollaig), ní mór dóibh ráiteas a chur ar fáil ar imeacht dóibh. Cuirtear na ráitis ar fáil do 'oifigeach an chomhlachta' agus don SIPO.

[12] Is ionann na leasanna agus iad siúd atá sa Dara Sceideal san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí – féach an liosta do Chomhaltaí Oireachtais thuas

***Post ainmnithe fostaíochta (Státseirbhís faoi leibhéal Príomh-Oifiigh (PO) agus poist fostaíochta faoi PO sa tseirbhís phoiblí níos leithne)***

- Gach post in on chomhlacht poiblí nach lú a thuarastal ná tuarastal uasta Príomh-Oifigigh (grád seirbhíse ginearálta, PRSI Grúpa B) sa Státseirbhís (cuimsítear leis seo poist státseirbhíse os ceann leibhéal PO)
- Gach oifigeach nó post a ordaítear ina 'phost ainmnithe fostaíochta' faoi alt 18(3)(b)(v) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí chomh maith le hoifigí an Ombudsman agus an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntais (Féach liosta Oifigí in Aguisín B; is oifigí nó poist iad seo (seachas breitheamh) atá curtha ar bun le reachtaíocht agus measann an tAire gur den leas poiblí iad a ordú mar seo).
- Gach post fostaíochta i gcomhlacht poiblí atá ordaithe ina 'phost ainmnithe fostaíochta' i rialacháin déanta ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is poist iad seo san earnáil phoiblí níos leithne, faoi leibhéal PO arís.

***Oibleagáidí nochta***

Tá trí cinn d'oibleagáidí ag an té atá fostaithe i bpost ainmnithe faoi na hAchtanna Eitice (ar ionann iad agus na stiúrthóirí ainmnithe):

- imréiteach cánach más rud é go bhfuil tuarastal leibhéal 'ardoifige' aige mar an té atá fostaithe i bpost ainmnithe i gcomhlacht poiblí;
- ráiteas bliantúil leasanna nochta;
- agus leas ábhartha a nochtadh i bhfeidhm oifigiúil.

Go ginearálta is ionann na hoibleagáidí nochta faoi Alt 18 do phoist ainmnithe fostaíochta agus atá faoi Alt 17 maidir le stiúrthóirí ainmnithe, ach an difear ná gur fosaithe iad sealbhóirí na bpost seo agus go ndéantar aon ráiteas leis an 'údáras ábhartha' seachas 'oifigeach an chomhlachta' ná an SIPO. Do státseirbhíseach, is é an tArd-Rúnaí sa roinn ina bhfuil an státseirbhís ag obair an t-údarás ábhartha (agus Ceann na hOifige, i gcás Oifig de chuid na Státseirbhíse.

Do na hArd-Rúnaithe, is é Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an t-údarás ábhartha. D'Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, is é Ard-Rúnaí Roinn an Taoisigh an t-údarás ábhartha.

## BRONNTANAIS

Faoi na hAchtanna um Eitic, ní mór bronntanas ar luach níos mó ná €650 a nochtadh i ráiteas bliantúil leasanna sa chás go bhféadfadh an bronntanas tionchar ábhartha a bheith aige ar an duine i mbun a c(h)uid dualgas oifigiúil.

***Bronntanais de bhun na hOifige (Sealbhóirí Oifige)***

Déantar amach gur bronntanais don Stát aon bhronntanas ar luach níos mó ná €650 do shealbhóir oifige a fuarthas de bhun na hoifige agus ní mór iad a nochtadh agus a ghéilleadh. Mar sin féin, tá eisceacht ann sa chás gur bronntanas ó chara atá i gceist a tugadh ar chúinsí pearsanta amháin.

Tá an tairseach ar gá bronntanas a ghéilleadh ar dhul thairis leagtha amach in Alt 15 d'Acht 1995 (Bronntanais do Shealbhóirí Oifige), ach tá an tairseach ar gá bronntanas a nochtadh aici leagtha amach in 5(a)(ii) den Dara Sceideal (Leasanna Inchláraithe) ós rud é gur leas inchláraithe é an bronntanas chomh maith.

Sainmhíníonn na hAchtanna um Eitic bronntanas mar 'bhronntanas airgid nó réadmhaoine eile' seachas tabhartais pholaitiúla. Chomh maith le bheith ina leasanna inchláraithe (féach thuas), tá bronntanais faoi réir ag nochtadh ag daoine nach comhaltaí iad. Faoin Acht, baineann 'leas ábhartha i gceist' le sochar suntasach a choinneáil siar nó a thabhairt amach, sa chás go mbeidh bronntanas i gceist leis an téarma sochar.

## IMRÉITEACH CÁNACH

Is riachtanach faoi na hAchtanna um Eitic go gcuirtear teastas imréitigh cánach ar fáil ar thoghadh/cheapadh do cheachtar teach san Oireachtas, roimh cheapachán in oifig dhlíthiúil nó ar cheapadh in ardoifig.

***Sealbhóirí 'ardoifige'***

Ní mór d'éinne a cheaptar ina Ard-Aighne nó in 'ardoifig' na hoibleagáidí sna hAchtanna um Eitic i dtaca le himréiteach cánach a chomhlíonadh.

***Post ainmnithe nó stiúrthóireachta ainmnithe i gcomhlacht poiblí***

Cuireann Alt 23 den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 de cheangal ar shealbhóirí ardoifige (i.e. daoine a cheaptar i bpost ainmnithe nó i stiúrthóireacht ainmnithe i gcomhlacht poiblí nach lú a thuarastal ná an tuarastal is ísle do phost Ard-Rúnaí Státseirbhíse) na nithe a leanas a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poibl, tráth nach déanaí ná 9 mí tar éis dháta an cheapacháin.

- Teastas imréitigh cánach atá i bhfeidhm agus a eisíodh don duine tráth nach luaithe ná naoi mí roimh dháta an cheapacháin ná nach déanaí ná 9 mí ina dhiaidh; nó
- ráiteas iarratais a eisíodh don duine tráth nach luaithe ná naoi mí roimh dháta an cheapacháin ná nach déanaí 9 mí ina dhiaidh; agus
- Ráiteas reachtúil a rinne an duine tráth nach luaithe ná 1 mhí roimh an dáta ceapacháin ná nach déanaí ná 1 mhí ina dhiaidh sa mhéid agus go bhfuil an duine, ar feadh a eolais nuair a rinneadh an ráiteas, ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá luaite

i bhfo-alt (1) d’alt 25 agus nach bhfuil aon chuid d’fho-alt (2) san alt sin a chuirfeadh bac ar theastas imréitigh cánach a eisiúint dó.

### COMHAIRLEOIRÍ SPEISIALTA

Déantar foráil san Acht um Bhainistiú na Seirbhíse Poiblí 1997 i leith sealbhóirí oifige comhairleoirí speisialta a cheapadh go pearsanta dóibh féin chun tacú le maidir lena gclár polaitiúil a sholáthar gan dul i muinín an phróisis iomaíoch. Is sealadach iad na ceapacháin seo agus bíonn deireadh leo tráth céanna a fhágann an sealbhóir oifige an oifig. Sa chás go sáraíonn a dtuarastal tairseach áirithe,[13] bíonn comhairleoirí speisialta faoi réir ag riachtanais nochta. Cuireann na hAchtanna de cheangal go gcuireann an sealbhóir oifige mionsonraí áirithe faoi bhráid Thithe an Oireachtais (conradh ceapacháin an chomhairleora speisialta, cé acu atá an té atá ceaptha gaolta leis an sealbhóir oifige agus (ag brath ar an tuarastal) mionsonraí faoi cháilíochtaí agus nochtadh leasanna an chomhairleora).

### MAOIRSEACHT, FORFHEIDHMIÚ AGUS GEARÁIN

Faoin gcreat reachtúil reatha, leagtar maoirseacht agus forfheidhmiú mar chúram ar Choistí ábhartha Oireachtais agus ar an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (SIPO). Tá na Coistí freagrach as fiosrúcháin ar chomhaltaí Oireachtais nach Sealbhóirí Oifige iad, agus bíonn cúram maoirseachta ag SIPO ar Shealbhóirí Oifige, comhairleoirí speisialta, oibrithe sa tseirbhís phoiblí (lena n-áirítear státseirbhísigh) agus ardfheidhmeannaigh agus stiúrthóir comhlachtaí Stáit.

‘Suíonna’ a bhíonn i gceist sna hAchtanna um Eitic (seachas éisteachtaí) ina mbíonn saoirse leathan ag an gCoiste nó ag SIPO agus inar féidir leis glacadh le fianaise de réir mar is cuí leis féin. Ar na cumhachtaí fiosraithe atá aige atá finnéithe a ghairm agus ceangal a chur ar thaifid a thabhairt suas. Is coir é gan treoracha fiosraithe a chomhlíonadh, ar aon dul leis an bhfianaise bhréagach. Tá foráil sna gnáis i leith iniúchadh agus suíonna a reáchtáil go príobháideach. Tá oibleagáidí tuairiscithe ar Choistí agus ar an gCoimisiún ar aon. Nuair is ábhartha, seoltar tuairiscí SIPO ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Tá socruithe bunreachtúla ann mar thaca ag na rialacha do shealbhóirí oifige ghnáthchomhaltaí, ó tharla go bhfuil Tithe an Oireachtais faoina riail féin. I gcás comhaltaí Oireachtais nach sealbhóirí oifige iad, is gearán nó tionscnamh ó Choiste féin a spreagann fiosrúchán agus tuairisciú. Sa chás go bhfaigheann an Coiste amach go mbeidh sárú ar ráiteas déanta (ráiteas leasanna nó ad hoc), cuirtear an tuairisc faoi bhráid an Tí. Pléitear le gearáin scríofa chuig an gCléireach i dtaca le sealbhóirí oifige ar shlí eile, faoi alt 22; aon ghearán nach dtuigtear a bheith cráiteach ná fánach, seoltar é ar aghaidh chuig SIPO. Tar éis fiosraithe, cuirtear tuarascáil SIPO ar fáil don Choiste. Seachas tuairiscí a fhaigheann amach go rabhthas dílis macánta, tá de chumacht ag an gCoiste rún a chur os comhair an Tí chun a nótáil, cáineadh a dhéanamh, nó fionraí nó tuarastal a choinneáil siar.

[13] Is é an tairseach an dara hincrimint fadseirbhíse ar Scála Caighdeánach an HEO, €64,038. Mar sin de, ní mór do gach comhairleoir speisialta a shaothraíonn suim os a cheann seo nochtadh a dhéanamh. Féach: https://assets.gov.ie/7915/4e02a0251f144e20b34c4042e7e7aa62.pdf

***Gearáin a Phróiseáil faoi na hAchtanna um Eitic***

Maidir le sáruithe ar Chodanna II, III agus IV, déanann na hAchtanna um Eitic foráil ina leith seo a leanas:

I. Gearáin do SIPO i dtaca le sáruithe ar Chodanna II, III agus IV de na hAchtanna um Eitic maidir le nochtadh leasanna agus oibleagáidí bainteacha;

II. Gearáin ar bhonn 'gníomhartha sonraithe' a shainmhínítear mar ghníomh nó faillí nach bhfuil ag teacht le feidhmíocht chuí an duine luaite ar fheidhmheanna na hoifige nó an phoist, nó le cothú na muiníne sa duine sin ag an ngnáthphobal, agus an cheist bheith suntasach tábhachtach ó thaobh an phobail de. Baineann an caighdeán seo leo siúd atá nó a bhí ina sealbhóirí oifige agus daoine 'bainteacha' eile sa tréimhse a mbaineann an gearán léi.

III. SIPO chun Oifigigh Fiosraithe a cheapadh chun fiosruithe tosaigh a dhéanamh faoi ghearáin agus chun gearánaithe díolúine a éileamh.

Is féidir gearáin a dhéanamh do Chléireach an Tí atá i gceist nó comhalta gearán a dhéanamh don Choiste ábhartha maidir le Leasanna Comhaltaí i dtaca le sárú ag comhaltaí ar ailt 5 nó 7 nó ar achtanna áirithe faoi leith. Níl an chumhacht ag na Coistí Oifigigh Fiosraithe a cheapadh.

Ní féidir le hiarchomhaltaí gearáin a dhéanamh faoi sháruithe/ghníomhartha áirithe sa chás nár shealbhóirí oifige iad an tráth a rinneadh an gníomh/sarú atá i gceist (tá SIPO tar éis an cheist seo a aithint mar bhearna).

Le cúig bliana anuas, tá breis agus 300 gearáin faighte ag SIPO agus tá 18 tuairisc fiosrúcháin foilsithe (lena n-áirítear tuairiscí imréitigh cánach faoi Alt 23 den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001). Tá sonraí sa Tábla thíos ó Thuairiscí Bliantúla SIPO (2017-2021) i dtaca le ról maoirseachta SIPO faoi na hAchtanna um Eitic.[14]

| Bliain | Gearáin a Fuarthas | Gearáin a Dúnadh[15] | Fiosruithe a tosaíodh | Éisteachtaí Fiosruithe a rinneadh | Tuairiscí Fiosruithe Foilsithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 2021 | 127 | 121 | 4 | - | - |
| 2020 | 60 | 40 | 4 | - | 1 |
| 2019 | 56 | 44 | 3 | 1 | 4 |
| 2018 | 36 | 41 | 1 | 4 | 3 |

[14] Ar fáil: <https://www.sipo.ie/reports-and-publications/annual-reports/>
[15] Áirítear leis seo gearáin a dúnadh ón mbliain roimhe

| Bliain | Gearáin a Fuarthas | Gearáin a Dúnadh[15] | Fiosruithe a tosaíodh | Éisteachtaí Fiosruithe a rinneadh | Tuairiscí Fiosruithe Foilsithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 2017 | 52 | 48 | 1 | - | 1 |

**Nóta:** Seasann na figiúir sa tábla don obair in aon bhliain ar bith, cé gur amhlaidh go mbíonn gearáin ar leanúint ag deireadh na bliana agus beidh siad san áireamh i bhfigiúirí na mblianta dar gceann. Sampla dá leithéid is ea gearán a fuarthas in 2019 nach mbeadh réitithe go dtí 2020 (nó 2021 féin) tar éis fiosrúchán tosaigh agus éisteacht.

Cuirtear tuairiscí SIPO ar fáil do na húdaráis inniúla a leanas chun cinneadh a dhéanamh faoi smachtbhannaí féideartha;

- maidir le hAirí agus Airí Stait, don Choiste um Leasanna Comhalta do Dháil Éireann nó Seanad Éireann mar is cuí lena mbreithniú faoi Alt 28 d'Acht 1995;
- maidir leis an Ard-Aighne, don Taoiseach maidir lena f(h)eidhmeanna faoi fhorálacha Airteagal 30 den Bhunreacht nó acht sonraithe;
- maidir le Comhairleoirí Speisialta agus Ard-Rúnaithe – Aire na Roinne ábhartha, lena mheas faoi Chód Araíonachta na Státseirbhíse.

## 2.4 Forálacha ag an Leibhéal Áitiúil – An tAcht um Rialtas Áitiúil 2001

Leagtar amach san Acht um Rialtas Áitiúil (LGA) an Creat Eitice don tSeirbhís Rialtais Áitiúil,

Seo thíos cuid de na tréithe is tábhachtaí sa chreat rialtais áitiúil:

I. Caighdeáin iontaofachta; leagtar síos san Acht dualgas ginearálta i dtaca le caighdeáin iomchuí iontaofachta, iompair agus aird ar an leas poiblí

II. Cóid iompraíochta don tSeirbhís Rialtais Áitiúil: is féidir leis an Aire ar a mbronntar feidhmeanna rialtais áitiúil[16] (tar éis comhairliúchán) cóid iompraíochta a chur amach i dtaca le baill údaráis áitiúil agus fostaithe. Tá dhá chuspóir leo: caighdeáin iompair agus iontaofachta a leagan síos agus chomh maith leis sin muinín an phobail a choinneáil ó thaobh na hiontaofachta sin. Tá gealltanas bheith faoi riail cóid san

[16] Tá na feidhmeanna seo tarchurtha faoi láthair chuig Peter Burke TD, Aire Stáit ar a bhfuil freagracht as Rialtas Áitiúil agus Pleanáil

áireamh i dtéarmaí agus i gcoinníollachta fostaíochta. Anuas air sin, is féidir go mbeidh aird ag cúirt nó ag an gCoimisiún ar chód iompraíochta.

III. Cosc ar ghar, dhámhachtain, srl.: gan dochar don dliteanas faoi reachtaíocht éillitheachta, cuireann an LGA toirmeasc ar aon tuarastal, táille, dámhachtain nó sochar eile a lorg, a fháil nó a ghlacadh as aon rud a rinneadh nó nach ndearnadh de bhun fostaíochta/poist.

IV. Ráiteas bliantúil: is riachtanach d'fhostaithe rialtais áitiúil, sealbhóirí post ainmnithe, fostaithe ar ghrád áirithe agus comhaltaí ráiteas bliantúil leasanna a dhéanamh. Anuas air sin, ní mór d'fhostaithe áirithe gealltanas a dhéanamh maidir leis an gcód iompraíochta, agus caithfidh comhaltaí ráiteas a dhéanamh nach mbaineann aon bhunús reachtúil don dícháiliú le hábhar. Leagtar amach i rialacháin a rinne an tAire cé na catagóirí ordaithe fostaithe ar gá dóibh ráitis bhliantúla a dhéanamh.

V. Ní bhaineann leasanna indearbhaithe ach leis an duine féin. Áirítear leo aon ghairm, ghnó nó phost a bhaineann le talamh a fhorbairt nó a dhíol/cheannach, aon fhostaíocht nó post eile, sochar talaimh, aon ghnó a bhaineann le talamh a fhorbairt nó a dhíol/cheannach, scaireanna, bannaí nó bintiúir nó infheistíochtaí den saghas sin, stiúrthóireachtaí comhlachta, bronntanas lena n-áirítear taisteal ar an iasacht (seachas bronntanais phearsanta ó chara nó dhuine gaolta, nó bronntanais ar lú a luach ná suim áirithe), réadmhaoin nó seirbhís a cuireadh ar fáil ar chíos laghdaithe nó ar iasacht níos lú na luach tráchtála nó saor in aisce, conarthaí os ceann luachanna áirithe ar sheirbhísí nó earraí a sholáthar d'údarás áitiúil a raibh baint dhíreach nó neamhdhíreach ag an duine leo, post faoi thuarastal mar chomhairleoir polaitiúil, chomhairleoir nó brústocaire, nó aon sochar eile atá leagtha amach i rialacháin ag an Aire, nó ar mhaith leis an Aire a chur ar fáil gan a iarraidh.

VI. An Cláraitheoir Eitice: An cláraitheoir a choinníonn taifead poiblí na leasanna agus is é atá i gceartlár riarachán na heitice do gach údarás áitiúil. Tá foráil i leith dhá cheann de thaifid: ceann amháin ina bhfuil leasanna ball agus ceann eile ina bhfuil leasanna fostaithe agus daoine eile. Tá an dá cheann ar fáil don phobal. Cuireann an cláraitheoir fógraí eolais amach chomh maith do bhaill agus d'fhostaithe maidir lena n-oibleagáidí bliantúla dearbhaithe, tugann suntas d'earráidí agus tugann aird daoine áirithe ar sháruithe féideartha. An Príomh-Fheidhmeannach a dhéanann an ceapachán le haghaidh tréimhse uasta 2 bhliain.

VII. Nochtadh Ad Hoc: déanann ailt 177-179 foráil i leith nochtadh ad hoc ag baill, bainisteoirí agus fostaithe faoi seach. Go ginearálta, tá ceangal maidir le nochtadh a dhéanamh, agus tarraingt siar[17] ó tharchur nó ó dhualgais cinnteoireachta sa chás go mbeidh eolas iarbhír ann faoi leasanna ábhartha (airgead nó sochar eile) ag an duine nó an duine bainteach. Maidir leis na trí chatagóir, tá toirmeasc breise ann maidir le tionchar a imirt, nó iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar chinntí dá leithéid.

[17] Ní mór do chomhaltaí tarraingt siar ó cheist, de réir an Achta um Rialtas Áitiúil 2001 s.177(1)(b)

VIII. Leas tairbhiúil: baineann seo le leas daoine bainteacha, a shainmhínítear mar dheartháir, dheirfiúr, tuismitheoir nó céile nó páirtí sibhialta nó páiste. Ar na leasanna atá i gceist tá ballraíochtaí comhlachta, páirtíochtaí nó fostaíocht (ábhartha), socruithe nó comhaontuithe a bhaineann le talamh, iontaobhais, rialú comhlachta nó bheith i bpáirt le duine eile chun riail comhlachta a fháil nó a ghníomhú a bhfuil leas tairbhiúil aige, atá ábharth nó a bhfuil fios iarbhír ann faoi leas tairbhiúil indearbhaithe. Ní áirítear leasanna cianda agus eile.

IX. Forfheidhmiú: Nuair a bheidh ardú déanta ag an gcláraitheoir eitice ar shárú féideartha ar an LGA, déantar breithniú faoi bhearta. Is féidir go gcuimseodh na bearta sin bearta fiosraithe nó araíonachta, seoladh chuig an DPP nó bearta cuí eile.

X. Maoirseacht: Dearbhaíonn an LGA an ról maoirseachta ag an gCoimisiún Caighdeán, a bhfuil feidhmeanna fiosraithe agus tuairiscithe aige maidir le sáruithe ar an LGA agus na hAchtanna um Eitic ag leibhéal an údaráis áitiúil. Tá socruithe áirithe ann maidir le tuairiscí a chur ar fáil. Sa chás go mbaineann tuairisc le príomhfheidhmeannach, ní mór a chur ar fáil don Chathaoirleach. Sa chás go mbaineann an tuairisc leis an gCathaoirleach, ní mór a chur ar fáil don Leas-Chathaoirleach agus do phríomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil. Sa chás go mbaineann an tuairisc le haon bhall eile d'údarás áitiúil, ní mór a chur ar fáil don Chathaoirleach agus do phríomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil. Sa chás, ar deireadh, go mbaineann an tuairisc le fostaí, ní mór a chur ar fáil do phríomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil.[18]

XI. Coireanna agus iarmhairtí eile: Faoi réir ag cosaintí áirithe lena n-áirítear macántacht beidh duine ciontach i gcoir sa chás nach gcomhlíonfar riachtanais dearbhaithe, nó dearbhuithe bréagacha nó míthreoracha a dhéanamh, ar bhonn tréimhsiúil nó ad hoc. Sa chás go gciontaítear duine faoi Chuid 15 beidh dícháiliú i gceist ó thoghadh/chomhthoghadh mar bhall d'údarás áitiúil go ceann tréimhse cúig bliana.[19]

## 2.5 Reachtaíocht Bhainteach

### AN TACHT UM PHLEANÁIL AGUS FHORBAIRT, 2000

Tá tábhacht faoi leith i gceist leis an éillitheacht a thoirmeasc i gcás cúrsaí pleanála. Tugann an tAcht um Phleanáil agus Fhorbairt, 2000 faoi choimhlintí leasa féideartha a thiocfadh ann sa réimse seo faoi leith.

Tá foráil ann i leith na nithe a leanas:

[18] Is dóigh le Browne nach sásúil an seasamh reatha maidir le tuairisc a chur ar fáil agus tarraingíonn aird '…in all likelihood, where an adverse finding is made by SIPO against a member of a local authority, the consequences for that member are essentially decided by fellow members of the local authority and the process may become politicised.' David Browne, The Law of Local Government (2nd edn, Round Hall 2020) para. 2.242
[19] Aibhsíonn Browne nach mbaineann cionta ná pionóis le halt 169 (caighdeáin iontaofachta) ná le halt 169 (ceanglas cloí leis an gcód iompair). David Browne, The Law of Local Government (2nd edn, Round Hall 2020)

I. Leasanna áirithe a nochtadh;

II. Leasanna/sochair ábhartha a dhearbhú ad hoc;

III. Iarmhairtí le sárú;

IV. Cóid cleachtais.

Baineann na forálacha seo chomh maith leis na forálacha i dtaca le nochtadh atá sna hAchtanna um Eitic, a bhaineann go háirithe le cás Comhaltaí Boird agus fostaithe áirithe de chuid An Bord Pleanála.

***Dearbhú Leasanna***

Baineann Alt 147 le ball den Bhord Pleanála, údarás pleanála, fostaí de chuid an Bhoird nó aon duine eile a n-úsáideann an Bord a seirbhísí d'aicme, de chur síos nó de ghrád a ordaítear, oifigeach de chuid údarás pleanála ar sealbhóir oifige é/í, d'aicme, de chur síos nó de ghrád a ordaítear. Leagtar amach ann an dualgas dearbhú sínithe a chur ar fáil, ar bhonn bliantúil ar a laghad, ina bhfuil cur síos ar gach leas a bhaineann le hábhar. Sa chás go mbeidh athrú ann, tá an oibleagáid bhreise i gceist dearbhú úr/nuashonraithe a chur ar fáil (ar lá an athraithe). Seo a leanas na leasanna a bheadh faoi réir ag dearbhú dá leithéid:

- leasanna a thugann ann do choimhlintí féideartha i gcomhthéacs cinntí pleanála;
- eastát nó leas talaimh, seachas baile cónaí;
- aon teagmháil/fostaíocht/ballraíocht gnó ina mbíonn an gnó ag díol nó ag ceannach nó ag forbairt talaimh; agus
- aon ghairm, ghnó, nó fhostaíocht ina mbeadh an duine gafa, ar a s(h)on féin nó eile, a bhaineann le díol nó ceannach nó forbairt talaimh.

Fágtar i leataobh leasanna atá chomh beag agus chomh neamhshuntasach sin nach bhféadfadh siad, go réasúnta, tionchar a imirt nó sa chás gur sochar leasa é an leas de bhun scaireanna a choinneáil faoi luach áirithe. Bunaithe ar na dearbhuithe, coinníonn An Bord Pleanála clár leasanna atá ar fáil don phobal. Faoi réir ag roinnt cosaintí 'macántachta' is coir in aghaidh dlí é gan comhlíonadh a dhéanamh ar riachtanais dearbhaithe nó faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a chur ar fáil.

Tá na riachtanais ar fhostaithe agus ar bhaill údarás áitiúil ráitis bhliantúla a dhéanamh tar éis a bheith comhchuimsithe i ndearbhuithe bliantúla a thugtar do chláraitheoir eitice faoi alt 171 den Acht um Rialtas Áitiúil 2001[20].

***Ceanglais maidir le Leasanna Ábhartha/Sochair***

Leagann Alt 148 ceanglais ad hoc do bhaill agus d'fhostaithe/chomhairleoirí ag a bhfuil leas sochair nó ábhartha i gceist. Déanann an t-alt seo foráil i leith an leas a fhógairt, dícháiliú ón

[20] Alt 167(5)(b) den Acht um Rialtas Áitiúil 2001

bpróiseas cinnteoireachta agus toirmeasc ó thionchar a imirt air. Sainmhínítear leasanna sochair mar leasanna céile nó páirtí sibhialta. Ar nós an réimis i dtaca le dearbhú, ní chlúdaítear leasanna sochair atá chomh beag neamhshuntasach sin nach dócha go réasúnta go mbeadh tionchar acu agus scaireanna faoi luach áirithe. Faoi réir chosaint nach raibh aon eolas faoin leas, is coir in aghaidh an dlí gan seo a chomhlíonadh.

***Iarmhairtí Sáraithe***

Ní féidir tús a chur le himeachtaí i leith cion faoi alt 147 nó 148 ach le cead Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí. Is ionann ciontú faoi na hailt seo agus dícháiliú ó bhallraíocht Boird, údarás pleanála nó aon choiste de chuid údarás pleanála.

***Cóid Chleachtais***

Déanann alt 150 foráil i leith glacadh le cóid chleachtais ag gach údarás pleanála agus An Bord Pleanáil i dtaca le plé le coimhlintí leasa agus muinín an phobail a chur chun cinn ó thaobh iontaofacht an ghnó de. Tá sainordú ann maidir leis na míreanna is gá a chur sa chód cleachtais, agus iad seo a leanas ina measc:

- nochtadh leasanna agus caidreamh ábhartha;
- ballraíochtaí eagraíochtaí, cumann agus foras, bíodh siad gairmiúil nó eile;
- ballraíochtaí nó leasanna airgeadais i gcomhlachtaí, i bpáirtíochtaí nó i bhforais eile;
- aon obair sheaechtrach a dhéanamh le linn tréimhse fostaíochta ar bith nó ina dhiaidh, le húdarás an Bhoird, mar chomhairleoir nó eile;
- glacadh le bronntanais, urraíocht, breithnithe nó fabhair;
- eolas a nochtadh;
- gnás iomchuí maidir le feidhmeanna (sonraithe) de chuid an údaráis agus an Bhoird.

Tagann cóid chleachtais a eisítear faoi alt 169 den Acht um Rialtas Áitiúil 2001 do bhaill agus d’fhostaithe údaráis áitiúil in áit aon chóid chleachtais a eisíodh faoin Acht um Phleanáil agus Fhorbairt 2000.21

## AN TACHT UM RIALÁIL BRÚSTOCAIREACHTA, 2015

Chomh maith leis na forálacha i dtaca le fostaíocht iarthéarma atá sna Cóid éagsúla, leagtar amach san Acht um Rialáil Brústocaireachta 2015[22] na srianta atá ar fhostaíocht mar bhrústocaire tar éis na fostaíochta. Tá toirmeasc ar dhuine a bhí ina ‘oifigeach poiblí ainmnithe’ ó ghníomhaíochtaí brústocaireachta a dhéanamh, nó bheith fostaithe ag duine nó seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine atá i mbun brústocaireachta faoi dhálaí áirithe, le linn na ‘tréimhse ábhartha’ seachas le cead an Choimisiúin. An cuspóir leis na srianta ná bainistiú a dhéanamh

[21] Alt 169(6) den Acht um Rialtas Áitiúil 2001
[22] Ar fáil:<https://revisedacts.lawreform.ie/eli/2015/act/5/revised/en/html>

ar choimhlintí leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, agus bainistiú a dhéanamh ar an 'doras imrothlach' idir an earnáil phoiblí agus phríobháideach.

Is é is oifigeach poiblí ainmnithe ábhartha ann ná Aire nó Aire Stáit, comhairleoir speisialta nó státseirbhíseach ordaithe. Is ionann an tréimhse ábhartha agus aon bhliain ó tháinig deireadh leis an tréimhse fostaíochta san oifig phoiblí. Braitheann sainmhíniú 'gníomhaíochtaí brústocaireachta a dhéanamh' ar chumarsáid ábhartha a dhéanamh. Is díol suntais, mar sin féin, nach ionann gan cead a lorg agus 'sárú ábhartha' ar an reachtaíocht.

Chríochnaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú cuimsitheach ar an Acht Brústocaireachta i samhradh 2021. Ina dhiaidh sin thug an Rialtas dearbhú do Cheannteidil Scéim Ghinearálta chun an Acht a leasú. Seo a leanas an cuspóirí leis na leasuithe:

- Oibriú agus feidhmiú an Taifid Bhrústocaireachta a fheabhsú;
- An reachtaíocht reatha agus a forfheidhmiú a athneartú; agus
- A fhágáil gur sárú ar an Acht gach na srianta a chomhlíonadh a bhaineann leis an bhfostaíocht iarthéarma arna leagan amach in alt 22 den Acht

I bhFeabhra 2022, rinne an Rialtas dearbhú ar fhoilsiú Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialáil na Brústocaireachta (Leasú) a bhí réitithe ag an Roinn, tar éis a chur ar aghaidh chuig an gComh-Choiste Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus chuig an Taoiseach le haghaidh iniúchadh réamhreachtúil a dhéanamh, agus tosaíocht a dhéanamh den Bhille a dhréachtú. Rinneadh an Bille a dhréachtú agus i Meán Fómhair fuarthas faomhadh an Rialtais lena fhoilsiú agus lena thionscnamh i dTithe an Oireachtais.[23] Cuireadh tús leis an dara céim den Bhille ar an 20 Deireadh Fómhair 2022.[24]

### AN TACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (CIONTA ÉILLITHEACHTA) 2018

Cuireadh tús feidhme leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillitheachta) 2018[25] ar an 30 Iúil 2018. Tá de chuspóir ag an Acht dlús a chur leis an dlí maidir le toirmeasc na héillitheachta agus feidhm a thabhairt d'ionstraimí idirnáisiúnta. Baineann an tAcht le hoifigigh Éireannacha agus iasachta, agus tá an sainmhíniú ar an chéad cheann díobh sin ag teacht leo siúd atá faoi réir ag an gcreat um eitic.

Cruthaíonn Cuid 2 roinnt cionta faoi réir ag an riachtanas go bhfuiltear ag gníomhú go héillitheach. Sainmhínítear éillitheach mar 'ghníomhú le cuspóir míchuí'. Is ionann na cionta agus éilliú gníomhach agus neamhghníomhach, trádáil tionchair ghníomhach nó neamhghníomhach, éilliú maidir le post, fostaíocht, oifig nó dámhachtain, breithniú nó buntáiste a thabhairt a d'fhéadfaí a úsáid chun éascaíocht a dhéanamh de chion faoin Acht.

[23] Ar fáil: b8522d.pdf (oireachtas.ie)
[24] Ar fáil: Regulation of Lobbying (Amendment) Bill 2022: Second Stage – Dáil Éireann (33rd Dáil) – Thursday, 20 Oct 2022 – Houses of the Oireachtas
[25] Ar fáil: <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2018/act/9/enacted/en/pdf>

Fágann Cuid 5 (éilliú gníomhach agus neamhghníomhach) gur coir faoin dlí tairiscint (gníomhach) nó glacadh (neamhghníomhach) dámhachtana, breithnithe nó buntáiste mar spreagadh nó mar chúiteamh gníomhaíochtaí oifigiúla a dhéanamh. Baineann an trádáil tionchair le dámhachtana a thairiscint nó a ghlacadh mar chúiteamh ar thionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí oifigiúla. Cuireann Cuid 7 toirmeasc ginearálta ar fheidhmeanna oifigiúla a dhéanamh nó eolas rúnda a úsáid chun críche dámhachtana nó cúitimh. Leagann Cuid 8 dliteanas dlíthiúil ar an té a thugann an tabhartas.

Mar thacaíocht ag na cionta tá trí thoimhde (infhrisnéise) i gCuid 4; bronntanas, breithniú nó buntáiste éillitheach, tabhartas éillitheach agus saibhriú éillitheach. An bhrí atá le Cuid 14 ná go nglactar leis gur éilliú aon bhronntanas, bhreithniú nó bhuntáiste a thugann duine, ag bhfuil a leas bainteach lena fheidhmeanna, d’oifigeach nó do dhuine bainteach. Níl sainmhíniú ar an téarma ‘bronntanas’ mar sin níl aon tairseach luacha sonraithe. Baineann an toimhde maidir le saibhriú éillitheach le talamh a úsáid agus tagraítear don Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 chun téarmaí tábhachtacha a dhéalú ó chéile. Má theipeann ar chomhalta nó sealbhóir oifige oibleagáid a chomhlíonadh talamh a lua faoin gcreat eitice, tagann an toimhdhe maidir le saibhriú éillitheach i gceist láithreach.

Is féidir nach mbeidh comhréir idir na forálacha maidir le bronntanais agus an creat eitice mar atá (mar atá molta chomh maith faoin PSSB) a cheadaíonn bronntanais nasctha le feidhmeanna a dhéanamh ach iad faoi luach áirithe. De ghrá na comhtháiteachta, is féidir sa dul chun cinn seo ar reachtaíocht éillitheachta go dtacófar leis an moladh a rinne Binse Fiosrúchain Mahon i dtaca le toirmeasc iomlán ar thabhartais atá ceangailte le feidhmeanna. Bheadh sin ag teacht leis an gcás faoi LGA agus na Cóid Chleachtais éagsúla. An neamhréir sin nach bhfuil cead ag fostaithe ag na leibhéil is ísle glacadh le bronntanais ach go mbeidh cead ag ionadaithe tofa glacadh le bronntanais a fhad le luach áirithe, seans go mbainfeadh sé faoi iontaofacht na n-ionadaithe poiblí.

### CUR IN AGHAIDH SCIÚRADH AIRGID – FORÁLACHA IDIRNÁISIÚNTA, AE AGUS NÁISIÚNTA

An Tascfhórsa Idirnáisiúnta Airgeadais (FATF) a leagann síos na caighdeáin idirnáisiúnta i dtaca le sciúradh airgid agus a dhéanann maoirseacht orthu. Is foras idir-rialtasach é FATF agus 39 ball ann, Éire san áireamh, agus líon mór braiteoirí agus comhaltaí bainteacha. Tá gealltanas déanta ag breis agus 200 tír maidir le caighdeáin FATF a chur i bhfeidhm.

Tá macalla go ginearálta idir caighdeáin an AE agus caighdeáin FATF agus tá siad leagtha amach faoi láthair sa Cheathrú Treoir um Sciúradh Airgid (2015), mar a leasaítear leis an gCúigiú Treoir um Sciúradh Airgid (2018). Tá Éire faoi cheangal ag na Treoracha seo agus cuireann iad i bhfeidhm leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúrtha Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010, mar a leasaíodh.

***Daoine faoi Riteacht Pholaitiúil – Moltaí FATF***

Sainmhíníonn FATF duine faoi riteacht pholaitiúil (PEP) mar dhuine a bhfuil feidhm shuntasach phoiblí aige (ach béimnítear san am céanna go mbaineann stádas PEP le faireachas níos dícheallaí, seachas a thabhairt le fios go bhfuil amhras faoi ghníomhaíochtaí na ndaoine sin).

D'eisigh FATF riachtanais fhor-ordaithe i dtaca le PEPanna iasachtacha, baill a dteaghlaigh agus daoine bainteacha den chéad uair in 2003. Leathnaíodh na riachtanais sin chun PEPanna na tíre féin a chlúdach agus PEPanna in eagraíochtaí idirnáisiúnta in 2012, de réir Alt 52[26] de chuid Choinbhinsiún na NA in aghaidh na hÉillitheachta (UNCAC).

***Forálacha AE***

Tá na ceanglais AE do PEPanna leagtha amach in Airteagail 20-23 den Cheathrú Treoir Frith-Sciúradh Airgid. Chuir an Ceathrú Treoir leithne le feidhmiú an réimis chun PEPanna na tíre féin a chuimsiú.

Sainmhínítear 'duine faoi riteacht pholaitiúil' in Airteagal 3 den Treoir mar dhuine nadúrtha a bhfuil nó a raibh feidhmeanna suntasacha poiblí aige agus áirítear iad seo a leanas:

a) ceannairí Stáit, ceannairí rialtais, airí agus leas-airí nó airí cúnta
b) comhaltaí pairliminte nó eagraíochtaí reachtúla eile
c) comhaltaí na bhforas rialaithe i bpáirtithe polaitiúla
d) comhaltaí na gcúirteanna uachtaracha, na gcúirteanna bunreachtúla nó foras ard-dlíthiúla eile, nach féidir achomharc a lorg faoina gcinntí, seachas faoi dhálaí eisceachtúla
e) baill cúirteanna iniúchóirí nó bord banc ceannais
f) ambasadóirí, chargés d'affaires agus ardoifigí airm
g) baill de chuid na bhforas riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta i bhfiontraíochtaí ar leis an Stát iad
h) stiúrthóirí, leas-stiúrthóirí agus comhaltaí boird nó a chómhaith d'fheidhm in eagraíocht idirnáisiúnta.

Luaitear sa treoir chomh maith nach n-áireofar oifigigh láir nó shóisearacha, sa tuiscint a bheidh ar aon fheidhm phoiblí i bpointí (a) go (h) thuas.

Tá na hoibleagáidí a leanas ar eintitis ábhartha (e.g. institiúidí airgeadais):

a) córais bainistithe riosca chuí a bheith socraithe, lena n-áirítear próisis maidir le rioscaí, chun a shocrú cé acu an duine faoi riteacht pholaitiúil é an custaiméir nó an té a bheas thuas leis an gcustaiméir;
b) na beartais a leanas a chur i bhfeidhm i gcásanna caidreamh gnó le daoine faoi riteacht pholaitiúil:

    i. faomhadh ardbhainistíochta a fháil má tá i gceist caidrimh ghnó a bhunú nó a leanúint le daoine mar sin;

[26] Sainmhíníonn Alt 52 den UNCAC gurb ionann PEPanna agus "individuals who are, or have been, entrusted with prominent public functions and their family members and close associates", agus cuimsíonn sin PEPanna idir dhúchasacha agus iasachtacha.

ii. bearta leordhóthanacha a dhéanamh chun a dhéanamh amach cén fhoinse atá ag an maoin agus an chiste atá i gceist le caidrimh nó idirbheartaíochtaí gnó le daoine mar sin;
iii. maoirseacht fhorbartha leanúnach a dhéanamh ar na caidrimh ghnó sin.

Baineann na bearta seo chomh maith le baill teaghlaigh nó le daoine a bhfuil dlúthbhaint aitheanta idir iad agus na daoine faoi riteacht pholaitiúil.

***Forálacha Náisiúnta***

Cuireann Éire an Treoir i bhfeidhm tríd an Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010. Mar is riachtanach don tras-suí, tá an tAcht ag teacht go dlúth leis an Treoir i dtaca le PEPanna, agus bunaítear na riachtanais ábhartha in alt 37.

Ní mór don Acht foráil a dhéanamh i leith an riachtanais beartais iomchuí a bheith ann chun foinse saibhris agus ciste a aimsiú atá i gceist i gcaidrimh agus in idirbheartaíochtaí gnó.

Foilsíonn Banc Ceannais na hÉireann treoir i dtaca d'institiúidí airgeadais maidir le PEPanna, agus na forálacha suntasacha a leanas (in alt 5.6.3):

> *Firms should take adequate measures to establish the source of wealth and source of funds, which are to be used in the business relationship in order to satisfy themselves that they do not handle the proceeds of corruption or other criminal activity.*
>
> *The measures, which Firms should take to establish a PEP's source of wealth and source of funds will depend on the degree of risk associated with the business relationship. Firms should verify the source of wealth and the source of funds based on reliable and independent data, documents or information.*
>
> *When determining the source of wealth and source of funds, Firms should, at least consider:*
>
> - *The activities that have generated the total net worth of the customer (that is, the activities that produced the customer's funds and property); and*
> - *The origin and the means of transfer for funds that are involved in the transaction (for example, their occupation, business activities, proceeds of sale, corporate dividends).*

## 2.6 Cóid Chleachtais

Tá Cóid Chleachtais mar fhorlíonadh ar an mbunreachtaíocht. Seo a leanas na Cóid ábhartha:

I. An Cód Cleachtais do Shealbhóirí Oifige;[27]

[27] Ar fáil: < https://www.sipo.ie/documents/english/Code-of-Conduct-for-Office-Holders-.pdf>

II. Cóid Iompraíochta do Chomhaltaí Dháil Éireann;[28]

III. An Cód Iompraíochta do Chomhaltaí Sheanad Éireann;[29]

IV. Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse;[30]

V. An Cód Iompraíochta do Chomhairleoirí;[31] agus

VI. An Cód Iompraíochta d'Fhostaithe Údarás Áitiúil.[32]

Is comhchuid fhíorthábhachtach iad na Cóid Chleachtais thuas ó thaobh chreat na heitice de. Is cáipéisí iad atá bunaithe ar phrionsabail agus ar rialacha atá mar bhonn eolais ag caighdeáin iompraíochta agus iontaofachta. Ní hé a leas siúd amháin atá faoina réir is cúram dóibh ach leas an phobail a bhfuil siad ag freastal air, mar thaca dá réir ag an gcuspóir beartais muinín an phobail a mhéadú.

Tá Cóid Iompraíochta inghlactha in imeachtaí a thionscnaítear faoi na hAchtanna um Eitic agus an LGA ar aon. I dtaca le fostaithe (státseirbhísigh agus fostaithe údarás áitiúil) bíonn na Cóid ábhartha mar chuid de na téarmaí fostaíochta. Ceist shuntasach is ea a neamhsheasmhaí atá na Cóid i dtaca leis na prionsabail agus na hoibleagáidí a chuireann siad chun cinn.

Leagtar amach in Aguisín C den Chód Cleachtais i dtaca le Rialú na gComhlachtaí Stáit, a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Creat maidir le Cód Iompraíochta a bhfuil cuid mhaith comhlachtaí stáit tar éis a gcóid neamhreachtúla féin a bhunú air.

Tá achoimre ar fhorálacha na gCód faoi seach ar fáil in Aguisín A.

[28] Ar fáil: < https://www.sipo.ie/documents/english/Code-of-Conduct-for-Members-of-Dail-Eireann-other-than-Office-Holders.pdf>
[29] Ar fáil: < https://www.sipo.ie/documents/english/Code-of-Conduct-for-Members-of-Seanad-Eireann.pdf>
[30] Ar fáil: < https://www.sipo.ie/acts-and-codes/codes-of-conduct/civil-servants/Civil-Service-Code-of-Standards.pdf>
[31] Ar fáil: < https://www.sipo.ie/acts-and-codes/codes-of-conduct/local-authority-members/Code-of-conduct-for-councillors.pdf>
[32] Ar fáil: < https://www.sipo.ie/acts-and-codes/codes-of-conduct/local-authority-members/Code-of-Conduct-for-Employees.pdf>

# 3. Tiománaithe Suntasacha an Athleasaithe ar Chaighdeáin sa Saol Poiblí in Éirinn

## 3.1 Easnaimh an chórais reatha

Is casta é an creat reachtúil mar atá. Tá roinne neamhréire ann agus neamhleanúnachas i dtaca le próisis agus dualgais ar fud na seirbhíse poiblí go léir. Tá taithí ar a oibriúchán a thugann le fios go bhfuil easnaimh áirithe aice, ar nós na samplaí a leanas:

- Tá córais dhifriúla ann ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil maidir le leasanna a nochtadh, le bannaí, tabhartais a nochtadh agus riachtanais eile eitice ar bunús iad le mearbhall agus éiginnteacht maidir leis na riachtanais.
- Tá freagrachtaí scaipthe ann maidir le comhairle, forbairt treoirlínte agus Cód Iompraíochta.
- Ní soiléir ná ní cinnte i gcónaí cad iad na rialacha atá i bhfeidhm – níl scoth an eolais ná na tuisceana ag oifigigh phoiblí.
- Tá deacrachtaí maorlathais agus éifeachtúlachta ann – is próisis pháipéir iad sin atá ann, níl aon oibleagáidí athbhreithnithe
- Tá aimhrialtachtaí ann a mbíonn tionchar dochrach acu ar iontaofacht an chórais eitice.
- Ní soiléir go bhfuil éifeacht le cibé cén pionós a ghearrtar ar dhaoine a thuigtear atá ag sárú na riachtanas eiticiúla (tar éis breithniú cuí a dhéanamh). Baineann seo go háirithe le hionadaithe poiblí nach mbaineann gnáis araíonaíochta an láthair oibre lena gcás.[33]

Leagtar amach go mion i dTuarascálacha Bliantúla an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí conas mar a oibríodh an córas eitice in aon bhliain ar bith. Ó bhí 2004 ann, cuireadh moltaí mionsonraithe san áireamh i dtaca le hathchóiriú a dhéanamh ar an gcreat reachtúil agus braistintí faoin dul chun cinn atá déanta maidir le moltaí a fheidhmiú a rinneadh níos luaithe.

## 3.2 Binse Fiosrúcháin Moriarty

In 1997 a bunaíodh an Binse Fiosrúcháin maidir le hÍocaíochtaí do Pholaiteoirí agus Cúrsaí Bainteacha (Binse Fiosrúcháin Moriarty), agus cuireadh an Tuarascáil Dheiridh amach i Márta 2011. Mhol an Binse Fiosrúcháin córas iniúchta nochta, ar cuireadh síos air mar: '… *a discretionary voluntary system, to be assumed by positive election on the part of Office*

[33] Faoi Chuid 15 den Acht um Rialtas Áitiúil 2001 tá roinnt cionta agus forálacha pionóis luaite faoi ailt 181 agus 182 ach tá siad teoranta go maith ó thaobh raon feidhme de.

*Holders, within the meaning of the Ethics in Public Office Acts, 1995 and 2001, whereby they would permit their financial affairs to be audited by an inspector appointed by the Standards in Public Office Commission, at any time during their period of office, and for a defined period thereafter'*[34]

## 3.3 Binse Fiosrúcháin Mahon

Bunaíodh Binse Fiosrúcháin eile maidir le Cúrsaí Pleanál aagus Íocaíochtaí (Binse Fiosrúcháin Mahon) tar éis imní a bheith léirithe i dtaca le héilliú sa chóras pleanála. Leathnaíodh téarmaí tagartha an Bhinse Fiosrúcháin chun tuairisciú a chur san áireamh maidir leis an éillitheacht, agus moltaí a déanamh faoi éifeacht agus faoi leasú a dhéanamh ar an reachtaíocht reatha a rialaíonn an éillitheacht. [35] Chuir Tuarascáil dheiridh an Bhinse Fiosrúcháin, a foilsíodh in 2012, béim ar an dochar a dhéanamh an t-éilliú: '*[it] undermines the equality of individuals before the law, produces unfairness in public policies and distorts the allocation of resources. Corruption is also inimical to democratic government. It alienates the public from those who are supposed to represent it and instils in it the belief that the political system is there to serve vested interests rather than those of the public which it is supposed to serve. It also discourages individuals from becoming engaged in politics and, more generally, from participating in the democratic process. Moreover, by focusing attention on scandals, corruption distracts public attention from substantive public policy issues thereby weakening public debate on these issues. Where political corruption is pervasive it calls into question the very legitimacy of a country's political institutions'*[36]

Chuir an Tuarascáil síos ar an éilliú mar theip chórasach is dóichí a tharlóidh san áit a bhfuil caighdeáin ísle eiticiúla, agus spreagadh agus deis a dhéanamh. Tugadh faomhadh do chur chuige cothrom, arb é a chuspóir éifeacht an rialtais a uasmhéadú seachas aon chineál éillithe a dhíbirt ar fad, ós rud é gur cuspóir é sin nach mbeadh indéanta gan baint d'éifeacht an rialtais.'[37]

Leag an Tuarascáil amach cúig cinn de phrionsabail frithéillithe:

I. **Trédhearcacht**: Ní mór go mbeadh cinntí agus gníomhartha sealbhóirí oifige faoi réir ag an iniúchadh poiblí agus níor mhór go mbeadh rochtain ag an bpobal ar an eolas is riachtanach le go mbeadh an t-iniúchadh sin éifeachtach.

II. **Cuntasacht**: Níor mhór go mbeadh sealbhóirí oifigí poiblí cuntasach as a gcuid gníomhaíochtaí, go gcuirfeadh siad eolas ar fáil faoina gcinntí agus dlisteanú a dhéanamh ar cheartas na ngníomhaíochtaí sin.

[34] The Final Report of the Tribunal of Inquiry into Certain Planning Matters and Payments, <https://planningtribunal.ie/wp-content/uploads/2019/04/sitecontent_1257.pdf> rochtain _ Iúil 2021 62.15
[35] First Interim Report of the Tribunal of Inquiry into Certain Planning Matters and Payments, <https://planningtribunal.ie/reports/first-interim-report/terms-of-reference/
[36] Ibid. alt. 2.01
[37] Ibid. ailt. 2.07 - 2.09

III. **Tiomantas Ard-Leibhéil**: Níor mhór go mbeadh tacaíocht ón mbarr ar fad ag na bearta frithéillithe, agus tacaíocht chomhleanúnach acu.

IV. **Tacaíocht ón bPobal**: Ba chóir go mbeadh an pobal sáite go paiteanta sa chur i gcoinne an éillithe.

V. **Maoirseacht agus Athbhreithniú**: Ní mór maoirseacht agus athbhreithniú a dhéanamh go leanúnach ar bheartais frithéillitheachta sa chaoi go mbeifear in ann iad a chur in oiriúint go tapa do na rioscaí athraitheacha i dtaca le héilliú.[38]

Bhí 64 cinn de mholtaí ag an mBinse Fiosrúcháin i réimsí ar nós na pleanála, na brústocaireachta, sceitheadh eolais, maoiniú na polaitíochta, breabaireacht, éilliú in oifigí, an sciúradh airgid agus coimhlintí leasa. Tá an dá cheann déag de mholtaí a rinne an Binse Fiosrúcháin agus an tráchtaireacht ar choimhlintí leasa leagtha amach in Aguisín B. Seo achoimre ar mholtaí an Bhinse:

I. Síneadh leis an nochtadh tréimhsiúil i dtaca le daoine bainteacha

II. Réimse leasanna níos leithne a nochtadh

III. Nochtadh tréimhsiúil le teacht i bhfeidhm go luath tar éis dul i mbun oifige

IV. Nochtadh ad hoc leasanna a d'fhéadfaí a thuiscint go réasúnta mar choimhlint

V. Foilsiú a dhéanamh ar nochtuithe tréimhsiúla agus ad hoc

VI. Leasú a dhéanamh ar na Cóid Iompraíochta chun macalla a bheith iontu ar shainmhíniú oibiachtúil ar choimhlint leasa bunaithe ar 'bhraistint réasúnta'.

VII. Toirmeasc ar thabhartais (seachas iad sin nach mór a luach) a d'fhéadfaí a thuiscint a bheadh nasctha le feidhmeanna

VIII. Rialú a dhéanamh ar choimhlintí leasa de bhun eolas ón taobh istigh a úsáid

IX. Toirmeasc ar oifigigh phoiblí dul i mbun conarthaí do sheirbhísí poiblí

X. Toirmeasc ar phlé le talamh

XI. Leasú a dhéanamh ar an rialú a dhéantar ar fhostaíocht tar éis oifig a fhágáil

XII. Cur le cumhachtaí SIPO

Sa díospóireacht Dála a lean luadh an gá le hathleasú cuimsitheach a dhéanamh ar an gcreat reachtúil i dtaca leis an eitic.[39] Cé go bhfuil deich mbliana ann ó tháinig na moltaí ó na Binsí Fiosrúcháin Mahon agus Moriarty, bhí Binse Fiosrúcháin Mahon suite de gur leis an múnla

[38] Ibid. para. 2.13
[39] Ar fáil ag: <https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/seanad/2012-04-24/11/>

náisiúnta amháin a bhain na heasnaimh a pléadh sna moltaí, agus mar sin tharla nach bhfuil athrú ar an múnla seo, [40] tá ciall go fóill sna moltaí.

## 3.4 Moltaí ó Ghrúpa Stát Chomhairle na hEorpa i gcoinne na hÉillitheachta (GRECO)

Tá forbairt déanta ag Comhairle na hEorpa ar roinnt ionstraimí iltoiseacha dlíthiúla atá dírithe ar chur le hacmhainn na mballstát cur in aghaidh na héillitheachta ina dtír féin chomh maith leis an leibhéal idirnáisiúnta. Faoin nGrúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta (GRECO), eagras frithéillitheachta Chomhairle na hEorpa, atá sé maoirseacht a dhéanamh ar na caighdeáin seo – chuaigh Éire sa ghrúpa seo in 1999.

Seoladh Ceathrú Babhta Luachála GRECO in 2012, inar tugadh faoi 'Cosc na héillitheachta i measc comhaltaí pairliminte, breithniú agus ionchúisitheoirí'. Dar le GRECO go bhfuil creat eitice na hÉireann róchasta. I measc na moltaí a rinne sé i dtaca le comhaltaí pairliminte, baineann siad seo a leanas go háirithe le hábhar, i dtaca leis an gcreat reachtúil um Eitic:

I. go gcuirfí gnáthchreat aonfhoirmeach, bunaithe ar luachanna in áit an chreata eitice atá ann, a chuimseodh iompraíocht eiticiúil na gcomhaltaí pairliminte – agus a bhfoireann más cuí sin – agus cásanna éagsúla ina mbeadh coimhlintí leasa i gceist (bronntanais agus buntáistí eile, teagmhálacha le tríú páirtithe ar nós brústocairí, gníomhaíochtaí daoine bainteacha agus cásanna iarfhostaíochta, srl) agus an cuspóir ann rialacha soiléire a chur ar fáil a bhaineann leis an iompar a mbeifear ag súil leis.

II. go ndéanfadh na húdaráis soiléiriú ar raon feidhme an Achta um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) 2014 lena chinntiú go mbeidh tuiscint agus feidhm iomlán ag na cosaintí agus na dreasachtaí do sceitheoirí eolais atá san áireamh san Acht um Nochtadh faoi Chosaint 2014.

III. Go leasófaí an réimeas reatha maidir le dearbhuithe sócmhainní trí i) síneadh a chur leis na hoibleagáidí ag gach comhalta pairliminte a leasanna a nochtadh sa chaoi go mbeadh orthu sonraí cainníochtúla a chur ar fáil faoina gcúrsaí airgeadais agus eacnamaíocha anuas ar dhliteanais suntasacha; agus ii) go ndéanfaí breithniú faoi leathnú a dhéanamh ar raon feidhme na ndearbhuithe ag comhaltaí, sa chaoi do n-áireofaí daoine ceangailte nó bainteacha, de réir na rialacha reatha do shealbhóirí oifige.

IV. go ndéanfaí breithniú faoi mheicníocht neamhspleách chomhdhlúite maoirseachta i dtaca le comhaltaí pairliminte, go gcuirfí ar a acmhainn sin fiosrú a dhéanamh faoi ghearáin chomh maith le bannaí a chur sa chás go bhfuil mí-iompar ann agus go ndéanfar poiblíocht mar is cuí ar a chinntí, lena n-áireofaí cásanna a dhíbheadh.

[40] Ibid., para 4.10

V. go gcuirfeadh údaráis na pairliminte sainoiliúint rialta ar fáil do chomhaltaí pairliminte maidir le cúrsaí eitice, iompraíocht i gcásanna coimhlinte leasa agus cur i gcoinne na héillitheachta.

In 2017 agus 2018, bhí an chonclúid ag GRECO nach sásúil, ar leibhéal domhanda, an comhlíonadh íseal a bhí ag Éirinn ar mholtaí an Cheathrú Babhta. Mar sin féin, faoi 2020 bhí an tuairim ag GRECO nach mar sin a bhí an tráth sin, i bhfianaise dul chun cinn a rinneadh ar chuid de na moltaí ó 2018. I Márta 2022, ghlac GRECO leis an Dara Tuarascáil faoi Chomhlíonadh na hÉireann faoin gCeathrú Babhta. Bhí an chonclúid ag GRECO go raibh Éire tar éis feidhmiú sásúil nó plé sásúil a dhéanamh maidir le cúig cinn den aon mholadh déag a bhí i dTuarascáil Luachála an Cheathrú Babhta. As measc na moltaí eile, bhíothas tar éis dhá cheann a chur i bhfeidhm i bpáirt agus tá ceithre cinn gan feidhmiú ar chor ar bith. Baineann sé le hábhar anseo go bhfuair GRECO go faibh moltaí ii, iv agus v i bhfeidhm nó pléite go sásúil, ach nár cuireadh i bhfeidhm fós moltaí i agus iii.

Rinne cúigiú babhta luachála GRECO luacháil ar éifeacht an chreata atá i bhfeidhm in Éirinn chun cur i gcoinne na héillitheachta i measc daoine a bhfuil ardfheidhmeanna ach (ar nós airí, ard-státseirbhísigh agus comhairleoirí speisialta) agus póilíní (An Garda Síochána).

## 3.5 Tuarascáil Hamilton 2020

Thug grúpa athbhreithnithe neamhspleách, faoi chathaoirleacht an Iar-Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí James Hamilton, ar Struchtúir agus ar Straitéisí chun Coireanna Eacnamaíocha agus Éillítheacht a Chosc, a Fhiosrú agus Pionós a Ghearradh orthu. An cuspóir a bhí ann ná measúnú a dhéanamh ar an oiread a bhíonn comhlachtaí stáit gafa le cur i gcoinne, le braistint, le fiosrú agus le hionchúiseamh na héillitheachta ag obair le héifeachtach i gcomhar le chéile, agus sainaithint a dhéanamh ar aon bhearna nó aon chonstaic maidir leis sin. Rinne an Grúpa réimse leathan moltaí faoi Nollaig 2020, agus déanfar breithniú ar roinnt díobh siúd i gcomhthéacs an athleasaithe ar an gcreat reachtúil.

Thug tuarascáil an Ghrúpa aird ar rún an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tabhairt faoin athbhreithniú reatha ar an gcreat reachtúil agus mhol an Grúpa go gcuirfí an tAire luas faoin athchóiriú agus faoi neartú na hEitice in Oifigí Poiblí.

De bhun na Tuarascála, d’fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt Plean Gnímh trasrialtasach a thabharfadh faoin gcoiriúlacht agus éillitheacht eacnamaíoch. Leagann plean gnímh Athbhreithniú Hamilton faoi Choireanna Eacnamaíocha agus Éillítheacht 2 gníomh amach atá le cur i gcrích ar fud an rialtais thar 18 mí.

## 3.6 Ceist atá faoi dhíospóireacht leanúnach phoiblí

Tá ról criticiúil ag na meáin maidir leis an dioscúrsa poiblí trí sholas a chaitheamh ar chúrsaí a bhfuil tábhacht phoiblí leo agus bearnaí féideartha a aimsiú sa soláthar poiblí i dtaca le caighdeáin sa saol poiblí. Mar shampla, bhí an clár faisnéise in 2015 'Standards in Public Life'[41] a rinne iniúchadh ar a éifeachtaí atá riachtanais maidir le nochtadh, agus toirmeasc ar chúiteamh pearsanta a lorg as obair phoiblí a dhéanamh. Rinne foireann an fhiosraithe crostagairt idir nochtuithe leasanna agus taifid phoiblí ábhartha. Léirigh an tuairisc go raibh neamh-chomhlíonadh leathan suntasach ann ó thaobh na riachtanas nochtaithe de. Anuas air sin, bhí foireann fiosraithe a rinne iniúchadh faoi cheilt agus dá bhun sin tionscnaíodh trí cinn d'fhiosruithe SIPO agus fuarthas go raibh sáruithe ann i dtaca le comhairleoirí áitiúla.

Ón bplé deireanach a rinneadh ar an mBille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí sa Dáil in 2017, fuarthas bearnaí féideartha eile sa chreat eitice agus iad i mbéal an phobail mar údar imní. Seo a leanas chuid de na téamaí ábhartha:

- Fostaíocht ag ardoifigigh phoiblí tar éis a dtéarma
- Nochtadh leasanna inchláraithe
- Comhthorthaí ardoifigeach poiblí lasmuigh den fhostaíocht
- Nochtadh míchuí eolais do thríú páirtithe
- Leibhéal tuarastail ag comhairleoirí speisialta.

Agus é ag caint le Comh-Choiste an Oireachtais maidir le hAighneachtaí Poiblí i Meán Fómhair 2021, rinne Peter Tyndall, an tOmbudsman a bhí ag éirí as a phost, cáineadh ar an gcreat eitice, agus luaigh nach raibh an reachtaíocht in ann ag a cuspóir, agus luaigh deacrachtaí praiticiúla maidir le córam a fháil d'éisteachtaí an Choimisiúin, agus easpa smachtbhannaí bheith ar fáil ag SIPO. Dúirt Tyndall gur riachtanach an creat reachtúil a athshocrú chomh luath agus is féidir.

Bhí aird arís in 2022 ar a éifeachtaí atá an córas eitic, nuair a dhírigh na meáin aird ar na téamaí a leanas:

- Easpa smachtbhannaí as gan nochtadh a dhéanamh, nó nochtadh mall a dhéanamh ar leasanna;
- An riachtanas go mbeadh SIPO ábalta fiosrú a thionscnamh agus a dhéanamh gan aon ghearán bheith déanta; agus
- An riachtanas gach uile chonradh poiblí a nochtadh, lena n-áirítear tacaíochtaí tithíochta a fuarthas agus réadmhaoin a dhíol le húdaráis áitiúla.

[41] Féach go ginearálta, Conor Ryan agus Ken Fox 'RTÉ Investigates - Standards in Public Office' (Uasdátaithe 1 Fea 2018 11) Ar fáil: <https://www.rte.ie/news/investigations-unit/2015/1207/751833-rte-investigates/>

Ba chóir a thabhairt faoi deara, mar sin, tharla go bhfuil san áireamh i sainordú leathan SIPO go dtabharfadh sé feidhm do na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, codanna den Acht um Thoghchán, rialú chaiteachas an chiste phoiblí ar pháirtithe polaitiúla agus teachtaí neamhspleácha, agus an reachtaíocht um Rialú na Brústocaireachta, tá roinnt mhaith ceisteanna a ardaíodh sna meáin, go háirithe maidir le costais toghchán, nach mbaineann leis an gcreat reachtúil um Eitic.

## 3.7 Tuairimí an Phobail

Mar a thugann GRECO faoi deara sa Chúigiú Tuarascáil Luachála aige ar Éirinn, braitear den mhórchuid gur íseal agus gur seasmhach an leibhéal éillitheachta. Bhí an Stát sa 13ú háit as 180 tír ar Innéacs Braite Éillitheachta 2021 Transparency International, le scór 74 (as 100 – nuair is 0 a bheadh ag tír ina bhfuil leibhéal ard éillitheachta agus 100 ag tír ina bhfuil leibhéal íseal éillitheachta).[42] Is ionann sin agus feabhsú beag ó 2020, nuair a bhí Éire sa 20ú háit, ach is ionann é agus rangú 2019 agus 2018.

Mar sin féin, de réir Special Eurobarometer 502 (2020),[43] bhí freagróirí iomadúla in Éirinn a d'aontaith, maidir le ceisteanna faoi éillitheacht i gcúrsaí gnó, ar nós a ghaire dá chéile a bhíonn lucht gnó agus lucht polaitiúil, gur fadhb í an éillitheacht. Maidir le ceisteanna airithe is airde an céatadán seo na meán an AE, mar shampla i dtaca le ceisteanna faoin riachtanas le teagmhálacha gnó chun go n-éireodh le gnó: Mar fhreagra ar an gceist 'an gceapann tú go mbíonn na dreamanna a leanas  ag tabhairt agus ag glacadh breabanna go minic, agus go n-úsáidtear an chumhacht le haghaidh leas pearsanta a bhaint amach?' luaigh 43% de na freagróirí polaiteoirí (faoi mheán 49% an AE), agus luaigh 30% na póilíní (níos airde ná meán 26% an AE).

Léironn **Special Eurobarometer on Corruption 2022** go measann 59% d'fhreagróirí na hÉireann go bhfuil an éillitheacht forleathan ina dtír (68% meán an AE) agus mothaíonn 16% d'fhreagróirí na hÉireann go bhfuil an éillitheacht ag dul i bhfeidhm ar a saol ar bhonn laethúil (24% meán an AE).[44] Ó thaobh an ghnó de, measann 28% de chomhlachtaí go bhfuil an éillitheacht forleathan (63% meán an AE) agus ceapann 7% gur fadhb í an éillitheacht nuair a bhítear i mbun gnó (34% meán an AE). Chomh maith leis sin, dar le 32% d'fhreagróirí in Éirinn go bhfuil dóthain ionchúiseamh déanta in Éirinn a chuirfeadh daoine ó chleachtais éillitheacha (34% meán an AE), agus creideann 26% de chomhlachtaí go ngearrtar pionós leordhóthanach ar dhaoine agus ar ghnólachtaí a fuarthas i mbun breabaireachta le hardoifigeach (29% meán an AE).

Fuair an babhta 2021  de 'Trust Survey' EFCE[45] (a dhéanann maoirseacht ar iontaofacht féintuairiscithe in institiúidí agus leibhéil éagsúla rialtais) go gcreideann seisear as deichniúr

[42] Ar fáil ag: 2021 Corruption Perceptions Index - Explore the… - Transparency.org. Tá Éire sa 13ú háit in éineacht leis an Ostair, Ceanada, an Eastóin agus an Íoslainn.
[43] Ar fáil ag: Special Eurobarometer 502: Corruption - Data Europa EU
[44] Ar fáil ag: Corruption - July 2022 - - Eurobarometer survey (europa.eu)
[45] https://www.cso.ie/en/csolatestnews/pressreleases/2022pressreleases/pressstatementtrustsurveydecember2021/

(59%) d’fhreagróirí na hÉireann nach dócha (de réir ghrúpáil mholtaí EFCE) go ndiúltódh polaiteoir sinsearach do phost le tuarastal maith san earnáil phoiblí mar chúiteamh ar ghar polaitiúil, agus bhí aon duine as ceathar a cheap gur Dócha é (26%).

Ar an iomlán, creideann ceathrar as deichniúr (39%) nach dócha (0-4) go ndiúltódh fostaí sa státseirbhís do thairiscint airgid as luas a chur faoi rochtain ar sheirbhís phoiblí, agus chreid céatadán cosúil leis sin (43%) gur dócha (6-10) go ndiúltófaí don tairiscint airgid.

Luaigh 13.4% de na freagróirí nach bhfuil aon mhuinín ar chor ar bith acu as páirtithe polaitiúla, agus ba iad 8.4% agus 5.6% faoi seach na rátaí inchomparáide maidir le heaspa muiníne i rialtas náisiúnta agus údarás áitiúla. Is mó an leibhéal muiníne a bhí ag freagróirí níos sine sa rialtas náisiúnta, a n-údarás áitiúil agus páirtithe polaitiúla. Mar shampla, tá muinín (6-10) ag beirt as triúr (66%) de na freagróirí os ceann aois a 65 i gcomparáid le níos mó ná duine as triúr díobh sin dar aois 18-44.

Ar na gnéithe den Suirbhé Iontaofachta 2021 a tharraing aird níos leithne, gur in Éirinn, as measc na dtíortha a ndearnadh suirbhé iontu, a bhí na leibhéil ísle muiníne sa Rialtas ag an dream dar aois 18-29 (ag an gColóim amháin a bhí leibhéal níos ísle sa dream seo, agus is lú leibhéal na hÉireann ná leibhéal Mheicsiceó, mar shampla).

Cé gur chóir go mbeadh aird ag lucht déanta beartais air sin, ní soiléir cé na himpleachtaí díreacha atá ann don chreat eitice. Cuid amháin iad den mhíniú air seo na peirspictíochtaí atá ag daoine faoi chaighdeáin sa saol poiblí, agus d’fhéadfadh sé sin bheith bainteach le héifeacht ó thaobh an bheartais phoiblí a sholáthar, agus, go háirithe, le muinín in acmhainn an Stáit tabhairt faoi dhúshláin iltoiseacha fhadtéarmacha ar nós títhíocht agus athrú aeráide.

# 4. Freagairt Beartais i dtaca le Caighdeáin sa Saol Poiblí

## 4.1 An ghéarchéim airgeadais agus ar tháinig aisti – obair shuntasach bheartais chun tabhairt faoin eitic sa saol poiblí

In 2011, i gcomhthéacs ghéarchéim airgeadais 2008 agus ar tháinig ina diaidh, bunaíodh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus sainordú soiléir aici an clár oibre athchóirithe a thiomáint, lena n-áirítear réimse na gcaighdeán sa saol poiblí. Sna blianta a lean, chuir an Roinn acmhainní suntasacha leis maidir le forbairt bheartais agus comhairliúchán ar fud an rialtais chun a shocrú conas a dhéanfaí athchóiriú ar an gcreat reachtúil don eitic le go mbeadh sé oiriúnach dá chuspóir.

Ba mhír amháin é sin de thionscnamh níos leithne athchóirithe reachtaíochta a tháinig faoi bhláth ina chéimeanna tar éis 2011, lena n-áirítear:

- síneadh le dlínse agus cumhachtaí an Ombudsman;
- creat mionsonraithe reachtúil a chur ar fáil maidir le fiosruithe pairliminte;
- rialú na brústocaireachta;
- athchóiriú agus síneadh mór leis an Acht um Shaoráil Faisnéise;
- cosaint chuimsitheach fostaíochta ag sceithirí eolais i ngach earnáil den eacnamaíocht, lena n-áirítear baill An Gharda Síochána agus Óglaigh na hÉireann; agus
- athchóiriú ar chóras na gceapachán ar bhoird an stáit

## 4.2 An Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí

Mar chroíchuid den chlár oibre athchóirithe reachtaíochta, d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Scéim Ghinearálta Reachtúil do Bhille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí in 2015. Mar thionlacan leis seo bhí cáipéis mhionsonraithe bheartais inar míníodh cúlra na bhforálacha sa reachtaíocht mholta.

Míníodh i Meabhrán Mínithe an Bhille gurb é a chuspóir 'cur go suntasach leis an gcreat reatha i dtaca le sainaithint, nochtadh agus bainistiú a dhéanamh ar choimhlintí leasa agus íoslaghdú a dhéanamh ar rioscaí éillitheachta, chun bogadh i dtreo córas níos dinimiciúla rioscabhunaithe ó thaobh comhlíonadh de, agus lena chinntiú gur láidir éifeachtach an creat institiúidiúil ó thaobh maoirseacht, fiosrú agus forfheidhmiú de.[46] Leagadh amach an chúis leis

[46] Ar fáil <https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/bill/2015/132/eng/memo/b13215d-memo.pdf>

an tionscnamh reachtúil seo i gcáipéis bheartais 2015, 'Caighdeáin san Earnáil Phoiblí – creat reachtúil nua athchóirithe.[47]

Seo a leanas cuspóirí ginearálta an mholta:

- Nuachan, simpliú agus aclú a dhéanamh ar an gcreat reachtúil atá ann;
- Freagairt do na moltaí maidir le coimhlintí leasa a bhí i dtuarascáil dheiridh na mBinsí Fiosrúchaín Mahon agus Moriarty; agus
- Comhdhlúthú ar riachtanais áitiúla agus náisiúnta i dtaca leis an eitic.

Ba iad seo a leanas na bearta athchóirithe a samhlaíodh don chreat reachtúil;

- **Prionsabail bhunúsacha le bunú sa dlí**: Prionsabail chuimsitheacha iontaofachta arna mbunú sa dlí bheith i bhfeidhm d'oifigigh phoiblí agus sin mar bhunús le haghaidh athleasú, uasdátú agus feabhsú ar chóid chaighdeán agus iompraíochta do na catagóirí éagsúla d'oifigigh phoiblí. Orthu seo tá an dualgas ag oifigigh phoiblí cothabháil a dhéanamh ar chaighdeáin iomchuí maidir le hiontaofacht agus aird ar an leas poiblí,[48] agus acmhainní a úsáid go tíosach éifeachtach sa chás go raibh prionsabail na cuntasachta agus trédhearcachta san áireamh mar aird ar an leas poiblí.
- **Cód Iompraíochta Eiseamlárach**: cé gur scaipthe atá an fhreagracht maidir le Cóid Iompraíochta a chruthú, faoin réimeas reatha, chuir an PSSB an Coimisinéir i gcroí na ceiste. Bhí foráil ann maidir le cód iompraíochta eiseamlárach agus bhí sainordú ann gur chóir go mbeadh cód comhlachta phoiblí ag teacht leis an gcód eiseamlárach.
- **Riachtanais nua reachtúla agus athneartú na n-oibleagáidí reatha**: Toirmisc nua thábhachtacha a chur i bhfeidhm orthu seo a leanas: úsáid na faisnéise ón taobh istigh; sochair a lorg nó glacadh leo (lena n-áirítear bronntanais agus garanna) chun an leas príobháideach a chur chun cinn; ionadaithe tofa go háitiúil ag plé go gairmiúil le talamh faoi dhálaí áirithe; coireanna a thabhairt isteach maidir le sárú oibleagáidí i dtaca le tabhartais; nochtadh ad hoc; eolas rúnda a úsáid; comhlíonadh cánach, agus nochtadh tréimhsiúil.

- **Síneadh suntasach leis an gcóras reatha maidir le nochtadh:** Athneartú a dhéanamh ar an oibleagáid dhlíthiúil ar oifigigh phoiblí gnás a dhéanamh den nochtadh ar choimhlintí leasa idir iarbhír agus fhéideartha, a thagann i gceist mar chuid dá ndualgais, agus sainmhínithe comónta i bhfeidhm ag an leibhéal náisúnta agus áitiúil agus, go háirithe, breis comhleanúnachais agus cinnteachta faoi na rialacha maidir le teorainneacha a rialú i dtaca le hoifigigh phoiblí tabhartais agus sochar taistil a ghlacadh.

[47] Aonad Athchóirithe Rialtais, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Cáipéis Bheartais, Public Sector Standards – a new and reformed legal framework, Meitheamh 2015
[48] Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí, 2015, ss 10(1)(a)

- Bunaithe ar bhraistint Bhinse Fiosrúcháin Mahon gurb amhlaidh **is suntasaí an choimhlint dá shinsearaí an t-oifigeach poiblí**, ó thaobh na héillitheachta de, agus i dtaca leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta, gur chóir go mbeadh riachtanais nochta faoi réir ag cur chuige céimnithe bunaithe ar an gcatagóir oifigeach poiblí (féach an tábla thíos). Faoin gcur chuige seo, d'fhoilseofaí nochtuithe leasanna ag polaiteoirí agus ardoifigigh; chomh maith leis sin chuirfeadh ionadaithe poiblí agus na hoifigigh is sinsearaí leasanna príobháideacha infhógraithe in iúl faoi rún ach ní bheadh siad sin le foilsiú.

Seo a leanas trí chatagóir oifigigh phoiblí a moladh (bunaíodh ar mholadh bunúil sa Bhille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí):

| | |
|---|---|
| **Catagóir A** | Na hoifigigh is sinsearaí lena n-áirítear:<br>• Iondaithe tofa ag an leibhéal náisiúnta, áitiúil agus Eorpach;<br>• Oifigigh liostaithe sinsearacha áirithe ar nós an Ard-Aighne, an Ard-Reachtaire Ciste agus Ciste, Stiúrthóir na n-Ionchúiseamh Poiblí, agus comhairleoirí speisialta;<br>• Cathaoirligh agus Príomh-Fheidhmeannaigh comhlachtaí poiblí;<br>• Príomh-Fheidhmeannaigh údarás áitiúil; agus<br>• Daoine a bhfuil tuarastal acu ar mó é ná leibhéal Ard-Rúnaí Cúnta. |
| **Catagóir B** | Oifigigh phoiblí nach bhfuil chomh sinsearach<br>• Daoine a bhfuil tuarastal acu ag leibhéal an Rúnaí Cúnta agus Príomh-Oifigigh;<br>• Comhaltaí boird i gcomhlachtaí poiblí (seachas na cathaoirligh); agus<br>• Oifigigh áirithe liostaithe lena n-áirítear Máistir na hArd-Chúirte, Leas-Mháistir na hArd-Chúirte, Máistir Cánach, Cláraitheoir Contae, Sirriam Cathrach, Sirriam Contae nó Eadránaí Réadmhaoine. |
| **Catagóir C** | • Gach oifigeach poiblí eile. |

- **Athchóiriú ar na struchtúir mhaoirseachta**, agus dualgas nua i dtaca le comhairle agus treoir agus aclú suntasach ar phróisis dearbhaithe, mar a leanas:
    - Coimisinéir Caighdeán Earnála Poiblí a chur in áit an Choimisiúin de sheisear in Oifigí Poiblí, a mbeidh cumhachtaí méadaithe aige agus a bheidh in ann, le ceapadh Leas-Choimisinéara (a bheidh neamhspleách ó thaobh na bhfeidhmeanna fiosraithe de), nósanna imeachta níos aclaí leasaithe a chur i bhfeidhm maidir le gearáin agus fiosruithe.
    - nós imeachta aclaithe leasaithe maidir le gearáin agus fiosruithe, agus cumhachtaí níos láidre ag an gCoimisinéir i dtaca le smachtbhannaí agus forfheidhmiú ó thaobh réimse sáruithe de; chomh maith le
    - béim nua ar oiliúint, oideachas, treoirlínte agus taighde.

- **Próiseas níos éifeachaí aclaí tíosaí maidir le dearbhuithe tréimhsiúla leasanna a chur isteach** agus foráil shuntasach a dhéanamh nach riachtanach dearbhú (nó gur chóir dearbhú nialasach a sholáthar) ach amháin sa chás go raibh athrú suntasach ann; agus

- **Saincheisteanna a bhaineann le coimhlintí leasa tar éis na fostaíochta á bplé ag bord reachtúil**: Bord nua reachtúil a bhunú a thabharfadh faoi choimhlintí leasa féideartha mar a mbíonn oifigigh phoiblí ag glacadh le róil san earnáil phríobháideach, tríd an Bord Ceapachán Seachtrach (OAB) don Státseirbhís a chónascadh le córas na nÚdarás Áitiúil. Bheadh an dualgas ar oifigigh phoiblí fógra scríofa a chur ar fáil más fúthu glacadh le róil áirithe laistigh de 12 mhí ó fágadh an oifig (le comhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann a bhaineann; ní áirítear comhaltaí Phairlimint na hEorpa ná baill údaráis áitiúil).

## AN GLACADH LEIS AN MBILLE UM CHAIGHDEÁIN SAN EARNÁIL PHOIBLÍ

Glacadh go dearfach leis an PSSB. Ina thuarascáil i dtaca le 2019, luaigh SIPO an PSSB mar bheartas a chuir le naoi gcinn dá 18 moltaí leanúnacha i dtaca le hathchóiriú a dhéanamh ar na hAchtanna um Eitic (féach Aguisín C).[49] Ar aon dul leis sin, ghlac lucht luachála GRECO go dearfach le PSSB (féach Aguisín D).

In 2016, dar le TASC (meitheal machnaimh i dtaca le hathrú agus gníomhú sóisialta) go raibh cuid mhór le moladh sa chreat nua uaillmhianach eitice seo, agus d'fháiltigh go háirithe le Coimisinéir um Chaighdeáin a cheapadh agus an bhéim sa Bhille ar oiliúint, oideachas, treoirlínte agus taighde.[50]

Rinneadh staidéar in 2020 arna choimisiúnú ag Rannóg Bheartas Phairlimint na hEorpa i dtaca le Cearta Saoránach agus Gnóthaí Bunreachtúla, a mhol comhlacht nua eitice don AE, inar luadh PSSB na hÉireann, chomh maith le socruithe reatha sa Fhrainc agus i gCeanada

[49] Ar fáil ag: <https://www.sipo.ie/reports-and-publications/annual-reports/2019-SIPOC-AR-English.pdf> at p 39
[50] TASC, aighneacht TASC i dtaca leis an mBille um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2015 (Meán Fómhair 2016) Ar fáil <https://www.tasc.ie/assets/files/pdf/tasc_submission_pssbillfinal.pdf?issuusl=true>

mar shamplaí den dea-chleachtas. Dúradh go raibh an Coimisinéir um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí, go háirithe, ina mholadh spéisiúil agus ina údar spreagtha ag an AE.[51] Luaigh na húdair go bhfuil an PSSC suntasach maidir lena neamhspleáchas, a bhaineann freisin leis an Leas-Choimisinéir agus leis na hoifigigh fiosrúcháin. Cé nach bhfuil feidhm fós leis an mBille, tá an PSSB ardspéisiúil i dtaca leis na hacmhainní láidre fiosrúcháin (lena n-áirítear faisnéis chánach) agus forfheidhmithe, ach tá feidhmeanna comhairleacha aige chomh maith . . . Is féidir gearáin a dhéanamh leis an gCoimisinéir (Roinn 33), ach is féidir leis an PSSC a iarraidh ar a f(h)oireann réamhfhiosrúchán a dhéanamh as a stuaim féin (Roinn 35).[52]

---

[51] Policy Department for Citizens' Rights and Constitutional Affairs Directorate-General for Internal Policies , Strengthening transparency and integrity via the new 'Independent Ethics Body' (IEB) (PE 661.110, Deireadh Fómhair 20) alt. 3.3
[52] Ibid. ag alt. 3.3.7

# 5. Forálacha reachtúla na hÉireann i gcomhthéacs idirnáisiúnta

## 5.1 Réamhrá

Tháinig ann do na socruithe riaracháin agus an creat reachtúil a bhaineann le caighdeáin na hÉireann sa saol poiblí laistigh de chomhthéacs níos leithne na moltaí agus na gealltanais a rinneadh d'eagrais idirnáisiúnta ar ball díobh an Stát, chomh maith le haithris ar mhúnlaí ar glacadh leo i ndlínsí inchomparáide.

Tá gnéithe difriúla leis na ceachtanna atá ar fáil d'Éirinn ó chomparáidí idirnáisiúnta, mar atá, mar shampla: moltaí faoin dea-chleachtas ó na heagrais idirnáisiúnta ar ball díobh an Stát agus/nó faoina bhfuilimid ceangailte trí chonradh nó choinbhinsiún, ar nós EFCE, Coinbhinisún Frith-Éillitheachta na NA (UNCAC) nó Grúpa Stát Chomhairle na hEorpa i gCoinne na hÉillitheachta (GRECO); múnlaí i ndlínsí a bhfuil córais dlithiúla, pairliminte agus riarachán atá cosúil le cuid na Éireann acu, agus comhbhunús i gcóras an dlí chomónta agus 'múnla Westminster' ó thaobh na pairliminte agus an riaracháin phoiblí de (i.e. an RA, Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ceanada, an Nua-Shéalainn agus an Astráil); na socruithe ag páirtnéirí AE, a bhfuil ár leas fite lena leas siúd, agus a bhfuil ailíniú againn ó thaobh cur chuige de. Tá dlínsí áirithe molta as a ndea-chleachtas leis an taighde acadúil nó lena rangú ag forais abhchóideachta ar nós, mar shampla, Innéacs Tuairimí faoin Éillitheacht ag Transparency International.

## 5.2 Eagraíochtaí Idirnáisiúnta ar ball díobh an Stát

Bíonn nósanna imeachta piarmheasúnaithe i gceist le rannpháirtíocht na hÉireann i gCoinbhinsiún Frith-Éillitheachta na NA agus in GRECO, agus déantar measúnú agus moladh i dtaca lenár gcreat reachtúil agus ár nósanna imeachta go tráthrialta. Faoi mheicníocht nua athbhreithnithe UNCAC, déanann dhá Stát eile ar páirtithe iad leis an gCoinbhinsiún luacháil ar gach páirtí leis an gCoinbhinsiún. Sa luacháil is deireanaí ar Éirinn faoi UNCAC rinneadh imscrúdú ar an gcaoi ar chuir Éire i bhfeidhm Caibidil II (Beartais Choiscthe) agus Caibidil IV (Athshlánú Sócmhainní) agus foilsíodh sin i ndeireadh 2021. Moladh i measc nithe eile gur chóir d'Éirinn bhreithniú a dhéanamh maidir leis an teorainn a ísliú i dtaca le bronntanais d'oifigigh phoiblí atá faoi réir ag dearbhú poiblí agus diúltadh nó íocaíocht.

Déantar maoirseacht chomh maith ar an gcomhlíonadh ar chaighdeáin frithéillitheachta GRECO trí phróiseas dinimiciúil comhluachála agus piarbhrú. Tá Éire ina ball de GRECO ó 1999 agus rinneadh luacháil uirthi sa Chéad (Nollaig 2001), sa Dara (Nollaig 2005), sa Tríú (Nollaig 2009) agus sa Cheathrú (Márta 2014) Babhta Luachála. Dhírigh an Ceathrú Babhta ar an téama 'Cosc na hÉillitheachta i measc comhaltaí pairliminte, breithiúna agus ionchúisitheoirí. Rinneadh aon mholadh déag i dtaca le hÉirinn ar cheisteanna ar nós leagan nua aonfhoirmeach comhdhlúite a dhéanamh den chreat eitice atá ann; oiliúint rialta bheith ar

fáil do chomhaltaí pairliminte i dtaca le ceisteanna eitice, éillitheacht agus coimhlintí leasa; athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras lena roghnaítear, a earcaítear agus a thugtar céim in airde do bhreithiúna. Rinne GRECO measúnú ar an dul chun cinn le hais na moltaí seo in 2017 agus 2018 agus fuair go raibh sin míshásúil ar leibhéal domhanda. Glacadh le tuairisc GRECO ar Éirinn ón gCúigiú Babhta Luachála ag ollchruinniú GRECO i Meitheamh 2022. Tá naoi gcinn de mholtaí inti d'Éirinn a bhaineann leis na hardfheidhmeanna sa rialtas láir lena n-áirítear seiceálacha iontaofachta sula gceapfar daoine mar ardoifigigh nó mar státseirbhísigh, measúnuithe riosca chun eolas a dhéanamh do bheartais toirmiscthe éillitheachta, cóid iompraíochta a ghlacadh agus a chraobhscaoileadh do dhaoine a bhfuil ardfheidhmeanna acu a chlúdaíonn gach saincheist iontaofachta ábhartha, oiliúint faoi chaighdeáin iontaofachta bheith ar siúl go rialta, agus neartú a dhéanamh ar oibleagáidí nochta agus srianta iarfhostaíochta.

## 5.3 An tAontas Eorpach

Mar bhunchloch de chuid Mheicníocht Eorpach Riail an Dlí, déanann Tuarascáil bhliantúil Riail an Dlí Choimisiún na hEorpa maoirseacht agus tuairimíocht ar fhorbairtí suntasacha a bhaineann le riail an dlí sna Ball-Stáit. Tá ceithre cholún i gceist: an córas dlí agus cirt, an creat frithéillitheachta, iolrachás na meán, agus saincheisteanna institiúidiúla eile a bhaineann le srianta agus ceartúchán. Tá samplaí de réimsí ar údar imní iad in Éirinn, dar leis an gCoimisiún, breactha i sa Tuarascáil um Riail an Dlí 2021, mar atá an líon breithiúna atá in Éirinn i gcomparáid le meán an AE,[53] agus rialacha i dtaca le fógraíocht an stáit sna meáin. Moltar sa Tuarascáil um Riail an Dlí 2022 go ndéanfadh Éire neartú ar chreat reatha na heitice, lena n-áirítear cóid iompraíochta, dearbhuithe sócmhainní, dorais rothlacha agus brústocaireacht, agus go háirithe maidir le hacmhainn maoirseachta agus forfheidhmithe an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

## 5.4 Dlínsí riaracháin inchomparáide

Téama leanúnach i suirbhé na ndlínsí Stáit eile is ea go dtagann athchóiriú suntasacha sa réimse seo mar thoradh ar chonspóidí móra poiblí agus scannal polaitiúil (mar shampla, i SAM bhí scannal *Watergate* sna 1970 agus sa RA bhí *Cash for Questions* sna 1990í, agus scéal Cahuzac sa Fhrainc go luath sna 2010í).

Go ginearálta, bíonn cur chuige sa RA mar phointe tagartha ag lucht déanta beartais in Éirinn. I gcás forálacha Eitice, tá an scéal casta i ngeall ar na réimis chineachta in Albain, sa Bhreatain Bheag agus Tuaisceart Éirinn sna 1990í, a bhfuil a socruithe saindeartha féin acu, comhthreomhar leo sin a bhaineann le Feisirí Pairliminte Westminster. Tréith shuntasach is

[53] Mar sin féin ba chóir a choinneáil i gcuimhne gur córas dlí comónta atá in úsáid in Éirinn agus nach bhfuil sé inchomparáide go díreach le córais dlí sibhialta a úsáidtear ar fud an AE maidir le líon breithiúna. Is giorra sinn don líon breithiúna per capita sa RA, dlí comónta eile. Tá grúpa oibre bunaithe ag an Roinn Dlí agus Cirt chun athbhreithniú a dhéanamh ar líon agus ar chineál na n-acmhainní breithiúnach in Éirinn.

ea go mbaineann forálacha Westminster agus sna réimis chineachta ar aon leis na seacht bprionsabal don Saol Poiblí (Prionsabail Nolan) a bunaíodh sna 1990í mar thaca leis an athchóiriú suntasach a rinne Rialtas na RA an t-am sin. Buntáiste de chuid Phrionsabail Nolan is ea go bhfuil bunús soiléir iontu maidir lena mbítear ag súil leis uathu siúd atá rannpháirteach i saol poiblí na RA; mar fhorlíonadh orthu tá prionsabail bhreise sna socruithe sna réimis chineachta.

Ar na cúiseanna céanna, is díol spéise iad na Stáit Aontaithe, Ceanada, an Astráil agus an Nua-Shéalainn do lucht déanta beartas in Éirinn, ó thaobh na comparáide de. Sna Stáit Aontaithe tá an pholaitíocht ag éirí níos claonta ag an leibhéal náisiúnta, agus tá creimeadh déanta ar an gcomhthuiscint atá mar bhunús le dea-oibriúchán chreat reachtúil an daonlathais, rud a thugann le fios go bhfuil brú ar na córais eitice sa saol poiblí, agus tá ceisteanna dá réir sin ann maidir lena oiriúnaí atá siad don chuspóir acu. Tá dea-chlú áirithe ar an Astráil agus an Nua-Shéalainn maidir le hiompraíocht sa saol poiblí, ach is féidir go mbaineann seo le cúiseanna níos leithne sa tsochaí seachas na tréithe atá ag a bhforálacha reachtúla agus riaracháin siúd, a bhfuil an chuma orthu nach bhfuil siad níos leitheadaí ná atá arna socrú in Éirinn. Is eiseamláir den dea-chleachtas é Ceanada, dar lena lán.

## 5.5 Creat Reachtúla ag páirtithe AE/LEE

Tá na socruithe a bhfuil glacadh leo i mBall-Stáit eile AE tar éis forbairt i gcórais dlíthiúla agus riaracháin a bhfuil difríochtaí suntasacha idir iad agus creat dlí comónta na hÉireann, agus dá réir sin ní féidir iad a mhapáil díreach ar chomhthéacs na hÉireann chun críche na comparáide. Tá na ballstáit Lochlannacha (an Danmhairg, an Iorua, an tSualainn agus an Fhionlainn) ar aon dul leis an Nua-Shéalainn gona rangú ard ar Innéacs Braistintí Idirnáisiúnta Transparency International, a dtagraítear go minic dó mar tháscaire domhandaar an oiread éillitheachta poiblí atá ann. Mar sin féin, cosúil arís leis an Nua-Shéalainn, is féidir go mbaineann seo le tuairimí an phobail seachas aon ghnéithe suntasacha áirithe de chuid na gcreat reachtúil nó riaracháin atá socraithe (féach thíos). Ar an láimh eile, tá páirtithe eile AE tar éis athchóirithe suntasacha a dhéanamh le blianta beaga anuas, oiread agus atá an Coimisiún Eorpach tar éis aibhsiú a dhéanamh ar a réimis mar eiseamláirí den dea-chleachtas san AE, ar nós, mar shampla, France's *Haute Autorité pour la transparence de la vie publique (HATVP)* na Fraince.

Is é atá san eagras coláisteach trí bhall déag ná 'údarás riaracháin neamhspleách' faoi dhlí poiblí na Fraince: ní féidir leis an Rialtas treoir a chur orthu gníomhú go sonrach. Cé go bhfuil maoiniú aige ón Státchiste, tá neamhspleáchas airgeadais aige. Níl sé freagrach don don fheidhmeannas agus is iad an Ard-Chúirt iniúchóirí agus an Phairlimint amháin a dhéanann iniúchadh air (e.g. éisteachtaí, coistí fiosrúcháin pairliminte) agus é faoi riail ag cúirteanna riaracháin agus dlí.

I measc na mBall-Stát is déanaí a tháinig isteach, bíonn an Laitvia ag feidhmiú go measartha maith i luachálacha idirnáisiúnta. Sa chúigiú babhta luachála ag GRECO, cuireadh síos ar

chreat iontaofachta an Laitvia mar 'measartha cuimsitheach' agus luaigh lucht luachála go bhfuil acmhainní suntasacha caite le fiche bliain chun cur in aghaidh na héillitheachta, cur leis an gcuntasacht agus le muinín an phobail. Thug tuarascáil chomhlíonta 2020 dá haire gur cuireadh athchóirithe leitheadacha sa tsiúl, agus cuid mhór tionscamh ar siúl a bhfuil dealramh leo'. Seo a leanas cuid de na forbairtí is deireanaí:

- Anailís riosca ar iontaofacht oifigeach polaitiúil;
- Dréachtú a dhéanamh ar threoirlínte don chomhoibriú idir oifigigh pholaitiúla agus ghairmiúla;
- Faisnéis a fhoilsiú i dtaca le fostaithe comhairleacha;
- Bonneagar eiticiúil a bhfuil glactha leis ag na Póilíní Stáit agus Garda Teorann an Stáit.

## 5.6 Ceachtanna ó na tíortha Lochlannacha

Bíonn na tíortha Lochlannacha – an Danmhairg, an Fhionlainn, an Íoslainn, an Iorua agus an tSualainn – ag feidhmiú go maith i rith an ama sna hinnéacsanna braite éillitheachta agus luaitear iad go minic mar nod i dtaca leis an dea-rialachas. Tá an chuma ar an scéal, seachas aon saintréithe ina gcreata reachtúla eitice, go mbaineann an dea-chlú seo den chuid is mó ar ardionchas agus ar mhuinín na n-ardoifigeach, cuma cé acu a ceapadh nó a toghadh iad. Eisceacht í an Íoslainn óir mar phobal tá siad tar éis éirí níos mífhoighdí maidir leis an éillitheacht agus le coimhlintí leasa tar éis ghéarchéim airgeadais 2008 agus tá reachtaíocht shuntasach tagtha i bhfeidhm.

Tá roinnt cúiseanna a d'fhéadfadh bheith le seasamh measartha ard an réigiúin ón taobh seo de.[54] Ar an gcéad dul síos, tá ardfhorbairt ar an maoirseacht a dhéantar ar an bhfeidhmeannas agus ar an trédhearcacht sa phróiseas déanta dlí: is féidir leis an bpobal teacht go saor ar an taifead oifigiúil (tá eisceachtaí áirithe ann maidir le gnóthaí eachtracha agus an tslándail náisiúnta) agus tá an próiseas déanta dlí fíor-thrédhearcach ar fad, agus cuirtear billí dréachtacha amach don chomhairliúchán poiblí sula ndéantar an díospóireacht orthu sa phairlimint. Dar rud, bíonn iniúchadh láidir ag na meáin ar a maíonn agus ar a gcinneann an rialtas, rud a chinntíonn go mbíonn ardchaighdeán iompraíochta i bhfeidhm do na hoifigigh phoiblí.

Ar fud an réigiúin, tá ceangal ar chomhaltaí rialtais agus pairliminte, chomh maith le hardoifigigh phoiblí, aon leas airgeadais nó eile a nochtadh a d'fhéadfadh bheith ina gcúis le coimhlintí leasa féideartha. Cé go bhfuil éagsúlacht sna tréimhsí ama i dtaca le baill rialtais leasanna a nochtadh ar fud na dtíortha Lochlannacha, go ginearálta is tréimhse níos giorra í ná atá in Éirinn. San Fhionlainn agus sa tSualainn,[55] ní mór nochtuithe a dhéanamh ar

[54] FULLTEXT02.pdf (diva-portal.org)
[55] GRECO (coe.int); Fifth Round Evaluation Report on Sweden; (coe.int);

ghlacadh leis an oifig, agus sa Danmhairg agus san Íoslainn tá tríocha lá ag baill an rialtais chun a gcuid leasanna a dhearbhú. San Iorua, is riachtanas atá sa chóras nochtaithe agus tá ar gach oifigeach tofa a chomhlíonadh cé nach bhfuil tréimhse ama luaite le haghaidh an nochtadh a dhéanamh.[56]

Tá Airí agus ardoifigigh faoi réir ag treoirlínte agus ag lámhleabhair, a mbaineann cuid acu go sonrach leis an earnáil (gnóthaí eachtracha, póilíní srl.), ina dtugtar treoir maidir le coimhlintí leasa agus bronntanais. Mar sin féin, níl ceangal ar chomhaltaí pairliminte nochtuithe a dhéanamh i dtaca le bronntanais sa Danmhairg, san Fhionlainn agus sa tSualainn.[57] San Íoslainn, ní mór do gach comhalta pairliminte aon bhronntanais a nochtadh cé nach luaitear aon tairseach luacha faoi leith.[58]

Is fiú aird a thabhairt ar roinnt bearnaí i gcur chuige an réigiúin i dtaca leis an eitic. Ar aon dul le creat reachtúil reatha na hÉireann, tá roinnt achtanna agus treoirlínte foirmiúla a rialaíonn réimsí difriúla den saol poiblí agus ní hionann a bhfeidhmiú thar chodanna éagsúla den earnáil phoiblí. Mar sin, níol aon achtanna cuimsitheacha ann ag a bhfuil sainmhíniú iomlán ar cad is ‘coimhlint leasa’ ann. Chomh maith céanna, tá doiléire sna creata eitice ar fud an réigiúin maidir leis an gceist cé acu is coimhlint leasa é ‘leas ábhartha’ ardoifigigh sa chás gur céile nó ball teaghlaigh atá i gceist, óir bíonn tús áite ag an gceart ar phríobháideachas pearsanta ar aon bhreithnithe faoin leas poiblíl. Is é rud a mhol an t-athbhreithniú is déanaí ag GRECO ar na tíortha seo faoi seach gur chóir neartú a dhéanamh ar chórais nochta ón taobh seo de.

Dara rud, cé go bhfuil na córais nochta socraithe i dtaca le hardoifigigh, ar nós na hÉireann níl aon sainordú ar oifigigh luach cainníochtúil a chur lena nochtuithe. Ní hionann na riachtanais nochta ar fud an réigiúin, rud a chiallaíonn i dtíortha áirithe go bhfuil ceangal ar oifigigh níos mó eolais a thabhairt, i comparáid lena bpiaraí. Tá na moltaí ag GRECO i dtaca le córas neartaithe nochta sa réigiún go mór i bhfách leis an ngné seo a neartú chomh maith.

An tríú rud, níl aon fhorálacha foirmiúla ann a chlúdaíonn teagmháil idir oifigigh phoiblí agus brústocairí, lena n-áirítear cruinnithe a nochtadh agus cad a pléadh iontu. Ó tharla go bhfuil leibhéal ard muiníne idir grúpaí sóisialta sna tíortha Lochlannacha tá an méid sin le tuiscint, ach mar sin féin tá an líomhaint ann go bhfuil ‘an seandream’ ag imirt tionchair ar na cinntí, go háirithe sa tSualainn.[59] Mhol luachálacha le deireanas i ngach ceann de na cúig thír gur chóir dóibh athchóiriú a dhéanamh ar a dtreoirlínte brústocaireachta chun an trédhearcacht a chur chun cinn maidir le cruinnithe a bheith ar siúl agus cad a pléadh acu.

An ceathrú rud, is cosúil go bhfuil córas an dorais imrothlaigh idir an earnáil phoiblí agus phríobháideach seanbhunaithe ar fud an réigiúin. San Fhionlainn agus san Iorua,[60] is féidir le comhlachtaí ar nós an Bhoird Ceapachán Seachtrach teacht ar iarratais ar phoist a rinne iar-Airí, rúnaithe stáit, comhairleoirí speisialta agus ardoifigigh phoiblí laistigh de thréimhse sé mhí ó d’fhág siad an oifig. Sa Danmhairg, san Íoslainn agus sa tSualainn níl aon tréimhse

[56] GRECO (coe.int)
[57] Fifth Round Evaluation (coe.int); GRECO (coe.int); Fifth Round Evaluation Report on Sweden; (coe.int)
[58] EVAL 5 Iceland (coe.int)
[59] Fifth Round Evaluation Report on Sweden; (coe.int)
[60] GRECO (coe.int); GRECO (coe.int)

shuaimhnithe i gceist agus bíonn de shaoirse ag oifigigh phoiblí dul i mbun ról san earnáil phríobháideach láithreach tar éis an tseirbhís phoiblí a fhágáil sa chás gur mian leo sin. Mhol luachálacha le deireanas i ngach ceann de na cúig thír gur chóir dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas seo.

Ar an iomlán, cé go bhfuil sochaí na dtíortha Lochlannacha tiomanta don teagmháil phoiblí agus iad toilteanach caighdeán ard eiticiúil a choinneáil lena lucht déanta cinntí, tá cuid mhór den chomhlíonadh ag brath ar an muinín sa tsochaí agus ar mheáin ghníomhacha chumarsáide, oiread agus atá ar na creata reachtúla ábhartha. Léiríonn scrúdú fánach ar an soláthar reachtúil ábhartha nach bhfuil siad chomh cuimsitheach ná chomh mionsonraithe le cinn atá in ndlínsí eile atá rangaithe go hard.

Ta **Athbhreithniú ar Eagrais agus Dlínsí Idirnáisiúnta Áirithe** atá mar thionlacan leis an Tuarascáil Athbhreithnithe seo a thugann tuilleadh mionsonraí faoi na comhaontuithe Idirnáisiúnta agus na córais sna dlínsí dá dtagraítear sa Chaibidil.

# 6. Forbairtí le Deireanas

## 6.1 Forbairtí Beartais

Is suntasach iad na forbairtí beartais agus dlíthiúla a leanas i gcomhthéacs an éabhlóid atá ag teacht ar an gcreat reachtúil.

### CLÁR RIALTAIS 2020

Leagadh amach i gClár Rialtais 2020, mar chuid den ollchuspóir athchóiriú agus athshamhlú a dhéanamh ar an saol poiblí in Éirinn, rún an Rialtais iarracht a dhéanamh athmhúnlú a dhéanamh ar ár n-institiúidí idir halla an bhaile go dtí hallaí an rialtais lena chinntiú go bhfuil siad in ann ag a gcúram go ceann céad bliain eile den stát. Dá réir sin, gheall an Rialtas go mbeadh athchóiriú ann agus comhdhlúthú ar an reachtaíocht maidir leis an Eitic in Oifigí Poiblí.[61]

### ATHBHREITHNIÚ AR STRUCHTÚIR AGUS STRAITÉISÍ CHUN COIREANNA AGUS ÉILLITHEACHT EACNAMAÍOCH A CHOSC, A FHIOSRÚ, AGUS PIONÓS A GHEARRADH (ATHBHREITHNIÚ HAMILTON) 2020

Mar chuid den phacáiste beartas a d'fhógair an Rialtas in 2017 i dtaca le Coiriúlacht an Bhóna Bháin, rinneadh athbhreithniú ilghníomhaireachta ar Struchtúir Frith-Chaimiléireachta agus Frith-Éillitheachta faoi chathaoirleacht neamhspleách an Uas. James Hamilton, iar-Stiúrthóir na n-Ionchúiseamh Poiblí. Sa Tuarascáil ó Ghrúpa Athbhreithnithe Hamilton a tháinig ina dhiaidh sin (2020), bhí ceithre cinn de mholtaí i dtaca leis an eitic:

- Luas a chur faoin athchóiriú agus neartú ar an reachtaíocht i dtaca leis an Eitic in Oifigí Poiblí. Chuir an Grúpa fáilte roimh ghealltanais an rialtais ach thug dá aire '…aon mhoill ar na leasuithe molta a fheidhmiú, cuirfidh sin siar an dul chun chun cinn atá déanta i gcomhthéacs luachálacha na hÉireann ag na heagrais maoirseachta idirnáisiúnta ábhartha, agus déanfaidh díobháil freisin ar chóras frithéillitheachta an Stáit.'

- Feabhsú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus ar acmhainn SIPO trína chinntiú go mbeidh cistiú slán aige. Chuir an Grúpa leis an méid sin: 'má dhéantar feabhsú lena acmhainn beidh ar chumas SIPO a shainordú a chur de. I láthair na huaire, ní féidir i ngeall ar an leibhéal reatha foirne ag SIPO anailís a dhéanamh ar thuairisceáin atá istigh. Ba chóir go mbeadh SIPO ina eagras láidir éifeachtach neamhspleách agus ní mór chuige sin go mbeidh neamhspleáchas agus acmhainní aige. Is féidir costais a

[61] An Clár Rialtais; Ár dTodhchaí Chomhroinnte ag l. 120; https://www.gov.ie/en/publication/7e05d-programme-for-government-our-shared-future/ DEF

laghdú trí sheirbhísí ar nós AD, cóiríocht agus TEF a chomhroinnt le heagraíochtaí eile.

- Breithniú a dhéanamh faoi neart a chur leis an dlí coiriúil i réimse na heitice san earnáil phoiblí 'lena n-áirítear an fhéidearthacht leasú a dhéanamh ar na hAchtanna um Eitic chun coireanna a dhéanamh de nithe ar nós an fhiníochais nuair a bheifí ag dul i mbun conarthaí le hoifigigh thofa agus cheaptha, nó fabhar bheith ar fáil do dhuine bunaithe ar cé hé féin, agus mí-úsáid an tionchair.'
- Tabhairt go díreach faoin mbearna sna hAchtanna um Eitic maidir le sáruithe féideartha ag iarchomhaltaí Oireachtais nár shealbhóirí oifige iad nuair a rinneadh an sárú atá luaite.

De bhun Thuarascáil Hamilton, d'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt Plean Gnímh trasrialtasach in Aibreán 2021 chun dul i ngleic le coiriúlacht agus éillitheacht eacnamaíoch. Leagtar amach 22 gníomh sa phlean atá le cur i gcrích ar fud an rialtas thar thréimhse 18 mí.

## 6.2 Forbairtí Dlíthiúla

### CONAS CAITHEAMH LE TROMAÍOCHT AGUS CIAPADH

Tharraing suirbhé in 2019 aird ar cheist na tromaíochta agus an chiaptha i dTithe an Oireachtais.[62] Cé go dtagraíonn Cóid Iompraíochta na dTithe ar bhealach ginearálta do chaighdeáin iompraíochta, an treoir is ábhartha ná an Ráiteas Prionsabal agus Beartais um Dhínit agus Mheas a dhearbhaigh Coimisiún Thithe an Oireachtais in 2018. Leagann an Ráiteas Prionsabal amach na caighdeáin measa, dínite, sábháilteachta agus comhionannais a bhaineann le gach uile dhuine i bpobal na Pairliminte i láthair oibre na Pairliminte.[63] Tá sainmhíniú leathan go maith ar Phobal na Pairliminte agus ar Láthair Oibre na Pairliminte.

Tá mar fhócas ag na hAchtanna um Eitic ná coimhlintí leasa a sheachaint agus a rialáil a bhaineann le sealbhóirí oifigí poiblí idir thofa agus cheaptha agus ní dhíríonn siad ar iompraíocht amhrasach atá clúdaithe i suirbhé 2019. Is féidir gur leithne an réimse iompraíochtaí atá clúdaithe san Acht um Rialtas Áitiúil ná iad siúd atá clúdaithe ag na hAchtanna um Eitic, agus ba chóir bheith meabhrach faoi seo san athbhreithniú.

### ATHCHÓIRIÚ TOGHCHÁNAÍOCHTA

Ní chlúdaítear, d'aon turas, tabhartais pholaitiúla sa chóras reatha.[64] Déantar rialáil ar speansais agus ar thabhartais pholaitiúla a fhaigheann ionadaithe poiblí (TD, Seanadóirí agus Comhairleoirí Áitiúla) leis an Acht um Thoghcháin Áitiúla (Nochtadh Tabhartas agus Caiteachais) 1999 agus an Acht Toghchánaíochta 1997.

[62]Ar fáil ag: <https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/corporate/reports/2019/2019-10-22_houses-of-the-oireachtas-parliamentary-workplace-survey-results_en.pdf>
[63] Houses of the Oireachtas Commission Dignity and Respect Statement of Principles and Policy ag l. 4
[64] Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, s15(2)(i)

Tráth a scríofa seo, tá athruithe ag teacht ar an réimse seo. Tá foráil san Acht um Athchóiriú Toghchánaíochta 2022 i leith Coimisiún Toghchánaíochta neamhspleách a bhunú.[65] Tar éis an Coimisiún Toghchánaíochta athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha reatha, beidh gá le tuilleadh bunreachtaíochta más fúinn Feidhmeanna a aistriú ó SIPO go dtí an Coimisiún. Ní soiléir cén scála ama a bheadh i gceist leis seo agus seans go mbeidh bearta eatramhacha ag teastáil in aon mholtaí chun athchóiriú reachtúil a dhéanamh ar na hAchtanna um Eitic.

## AN TACHT UM CHOMHAIRLE BHREITHIÚNACH

Bunaíodh an Chomhairle Bhreithiúnach Nollaig 2019 faoin Acht um Chomhairle Bhreithiúnach 2019. Tá de fhreagracht ar an gComhairle caighdeáin arda iompraíochta a chothú agus a chur chun cinn i measc breithiúna, i bhfianaise phrionsabail iompraíochta breithiúna a chuireann de cheangal ar bhreithiúna bheith mar eiseamláirí ar an neamhspleáchas, an neamhchlaontacht, an iontaofacht, an cuibheas (lena n-áirítear dealramh cuí), cumas agus dúthracht agus a chinntiú go gcaitear go comhionann le gach uile dhuine os comhair na cúirte.[66] Ar na feidhmeanna eile tá an barr feabhais a chur chun cinn agus a chothabháil i mbun feidhmeanna breithiúnacha, acmhainní a úsáid go tíosach éifeachtach, oideachas leanúnach breithiúna, meas ar neamhspleáchas na mbreithiúna, agus muinín an phobail sna breithiúna agus i riarachán an cheartais.

Cuireadh Coiste Iompraíochta Breithiúna (JCC) ar bun ar an 30 Meitheamh, 2020 d'fhonn ardchaighdeáin iompraíochta a chothabháil i measc breithiúna. Áirítear iad seo a leanas mar chumhachtaí aige, arna ndíorthú ón reachtaíocht:

- treoirlínte a réiteach don iompraíocht bhreithiúnach le haghaidh na Comhairle;
- breithniú a dhéanamh faoi ghearáin agus dul i mbun fiosrúchán, gníomhú mar is riachtanach chun riarachán an cheartais a shlánú i bhfianaise gearán nó fiosruithe;
- treoirlínte a fhoilsiú le haghaidh gearáin inrite a shocrú go neamhfhoirmiúil; agus
- comhairle agus moltaí a chur ar fáil maidir le hiompraíocht breithiúna.

Ghlac an Chomhairle Bhreithiúnach le treoirlínte faoi iompraíocht agus eitic bhreithiúnach i bhFeabhra 2022. Chomh luath agus a bhí na socruithe riachtanacha riaracháin déanta a ligfeadh feidhm a bheith leis na treoirlínte, rinne an tAire Dlí agus Cirt ordú[67] chun feidhm a thabhairt do na codanna eile den Acht um Chomhairle Bhreithiúnach, a bhain leis an iompraíocht bhreithiúnach agus an eitic. Sa chás go mbeidh gearán faoi iompraíocht bhreithiúnach,[68] pléifear leo leis na nósanna imeachta nua, agus sin i bhfeidhm ón 3 Deireadh Fómhair 2022.

---

[65] Ar fáil: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2022/act/30/enacted/en/html

[66] Acht um Chomhairle Bhreithiúnach, 2019, ss 7(1)(b)

[67] S.I. Uimh. 489 de 2022 - Acht um Chomhairle Bhreithiúnach 2019 (Tosach Feidhme) Ordú 2022

[68] i.e. gearáin de bhun iompar breithimh a tháinig ar an dáta sin nó ina dhiaidh, ach ní roimhe. Tá eolas faoin gCoiste Iompair Breithiúna ar fáil anseo Judicial Committee | The Judicial Council

Is suntasach go bhfuil breithiúna faoi réir freisin ag an Acht um Cheartas Coiriúil (Coireanna Éillitheachta) 2018.[69] Mar sin féin, ní thagann breithiúna faoi chúram na nAchtanna um Eitic ná an PSSB. Tá ceist ann chomh maith cé acu ba chóir go mbeadh breithiúna faoi réir ag an gcóras nochta leasanna sa chreat eitice agus cé acu is fearr an Chomhairle Bhreithiúnach, i bhfianaise a neamhspleáchais, a chur ag plé lena riaradh seo.

## ACHT UM CHOMHROINNT AGUS RIALACHAS SONRAÍ 2019

Ritheadh an tAcht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí i Márta 2019. Pléann sé le comhroinnt sonraí idir comhlachtaí poiblí faoi réir critéir reachtúla a shásamh 'Comhaontuithe Comhroinnte Sonraí' agus maoirseacht ar an mBord Rialaithe Sonraí. Sa chás go mbeidh riachtanais reachtúla bainte amach, is féidir sonraí a chomhroinnt idir comhlachtaí poiblí gan sainfhoráil reachtúil a dhéanamh ina leith.

Is féidir go mbeadh impleachtaí ag an Acht maidir leis an mbonneagar a chruthú a dhéanfadh seiceáil ar dhearbhuithe leasa mar a mhol Binse Fiosrúcháin Moriarty, de réir na gcaighdeán idir náisiúnta.

## ZALEWSKI V. AN ADJUDICATION OFFICER AND OTHERS

In Aibreán 2021, dar le cinneadh na Cúirte Uachtaraí in Zalewski v An Adjudication Officer and Others[70] go raibh Oifigigh Bhreithnithe an Choimisiúin um Chaidreamh sa Láthair Oibre (WRC) ag riaradh an chirt laistigh de bhrí Airteagal 34 den Bhunreacht. Mar sin féin, le móramh beag 4:3, dearbhaíodh ceart bunreachtúil an WRC de bhun Airteagal 37, 'foráil shábhála', ina bhfuil forail maidir le feidhmeanna agus cumhachtaí breithiúnacha teoranta a a chur i bhfeidhm, le ceisteanna nach ceisteanna coiriúla iad, ag duine nó comhlachas daoine arna n-údarú ag an dlí...'. Is suntasach an cinneadh é óir thagair sé do na caighdeáin arda iontaofachta a éilítear ar lucht déanta cinntí agus tá impleachtaí aige i dtaca le gnáis leathbhreithniúnacha (a n-áireofaí fiosrúcháin orthu faoin gcóras eitice).

Ainneoin gur dearbhaíodh a cheart bunreachtúil, bhain an Chúirt Uachtarach toirmeasc an WRC ar éisteachtaí poiblí, agus luaigh gur féidir, ach nach gá, imeachtaí a chloisteáil go poiblí. Dhearbhaigh sé freisin nár bhunreachtúil nach raibh foráil ann i dtaca le móid a riaradh, nó aon phionós ar fhianaise bhréagach a thabhairt. Tá impleachtaí próisis mar thoradh ar an gcinneadh don WRC,[71] agus do chomhlachtaí eile ar nós An Bord Pleanála, an RTB agus Boird Achomhairc faoi alt 29 den Acht Oideachais, 1998.[72]

Is féidir go mbeadh cinneadh Zalewski suntasach freisin i dtaca leis an athbhreithniú eitice, óir éilíonn an cinneadh breithniú a d dhéanamh faoi na ceisteanna a leanas:

---

[69] Glactar leis gur geall le hoifigigh na breithiúna, Féach an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillitheachta) 2018, s 2
[70] [2019] IESC 17, ar fáil <https://www.bailii.org/cgi-bin/format.cgi?doc=/ie/cases/IESC/2021/2021IESC29.html&query=(zalewski)>
[71] Workplace Relations Commission, Supreme Court judgment: Impact on WRC Adjudications, the Workplace Relations Act 2015 and related statutes, ar fáil ag <https://www.workplacerelations.ie/en/news-media/workplace_relations_notices/supreme-court-judgment-impact-on-wrc-adjudications-the-workplace-relations-act-2015-and-related-statutes.html> rochtain 5 Lúnasa 2021
[72] Law Reform Commission, 'Webinar: Quasi Judicial Decision-Making Post Zalewski', Bealtaine 12, 2021, ar fáil ag < https://www.youtube.com/watch?v=IXUSik5S4t0> rochtain 26 Iúil 2021

I. Tá lucht déanta cinntí scartha amach ó bhreithiúna ach bítear ag súil le caighdeáin inchomparáide iompraíochta uathu. Faoi láthair, sainaithnítear Breithiúna WRC trí Ionstraim Reachtúil faoi chóras nochta na heitice. Ní soiléir stádas lucht cinntí eile, a d'fhéadfadh bheith féinfhostaithe.

II. An bhfuil SIPO (nó coimisinéir) ag riaradh an chirt agus an bhfuil impleachtaí próisis ann i ngeall air sin.

# 7. Comhairliúchán poiblí agus teagmháil an Athbhreithnithe le páirtithe leasmhara – na torthaí

Mar chuid den athbhreithniú mar a chomhaontaigh an Rialtas bhí próiseas comhairliúcháin phoiblí agus teagmháil dhíreach le páirtithe leasmhara suntasacha.

## 7.1 Comhairliúchán Poiblí

Sheol an tAire comhairliúchán poiblí (bunaithe ar chur chuige mionsonraithe beartais arna leagan amach i bPáipéar Comhairliúcháin) i Samhain 2021 agus dúnadh sin i lár Eanáir 2022. Fuarthas aon aighneacht déag: orthu sin bhí líon áirithe ar son saoránach aonair, chomh maith le haighneachtaí ó pháirtithe polaitiúla lucht freasúra. Fuarthas aighneachtaí chomh maith ó Transparency International.

Seo a leanas cuid de na téamaí a tháinig ó na haighneachtaí:

- An phráinn atá le hathchóiriú sa réimse seo, tacaíocht do Bhille 2015 um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí (PSSB) agus aithreachas nár chríochnaigh an Bille an próiseas reachtúil;
- Éilimh go neartófaí oibleagáid na n-oifigeach poiblí, chomh maith le cumhachtaí fiosraithe agus forfheidhmithe SIPO, agus a chuid acmhainní;
- Moltaí i dtaca le tréimhsí suaimhnithe ginearálta, agus a aithint go bhfuil cothromas le baint amach idir an tsaoirse phearsanta agus oibleagáidí ar oifigigh phoiblí iontaofacht an tsaoil phoiblí a chaomhnú;
- Luadh imní faoi ualach méadaithe riaracháin agus an fhéidearthacht go mbeadh doicheall ar dhaoine dul isteach san earnáil phoiblí, go háirithe earnáil thráchtála an Stáit; agus
- Moltaí ar athchóiriú i réimsí beartais atá clúdaithe, déanta na fírinne, ag reachtaíocht eile, ar nós brústocaireacht, nochtuithe faoi chosaint, saoráil faisnéise, cistiú toghchánaíochta; frithéillitheacht, eitic ghairmiúil srl.

## 7.2 Teagmháil le páirtithe leasmhara áirithe

Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe, bhí an Roinn i dteagmháil go díreach le réimse páirtithe leasmhara suntasacha, lena n-áirítear: An Coiste um Leasanna Comhalta sa Seanad; an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; an Roinn Dlí agus Cirt; an Roinn Sláinte; Oifig an Ard-Aighne agus Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Fuarthas aighneachtaí ó Chumann Rialtais Áitiúil na hÉireann agus Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach.

Tá réimse tuairimí leagtha amach thíos.

### COISTÍ DÁLA AGUS SEANAID UM LEASANNA COMHALTAÍ

Sa chomhfhreagras a bhí aige leis an athbhreithniú, d'aibhsigh Coiste na Dála um Leasanna Comhaltaí na húdair imní a bhain le príobháideachas tríú páirtithe a thiocfadh de bhun socruithe conartha a fhógairt a bheadh ag ionadaithe poiblí leis an Stát (e.g. tionóntaí ag baint leas as an Scéim Chúnaimh Tithíochta agus Cóiríochta ar Cíos). Luaigh an Coiste chomh maith nár mhiste an próiseas dearbhaithe a chur ar líne seachas a bheith bunaithe ar pháipéar.

Rinne oifigigh ón Roinn cur i láthair faoi athbhreithniú do chruinniú neamhfhoirmiúil de chuid Choiste an tSeanaid um Leasanna Comhaltaí i Meitheamh 2022. Chuaigh an Coiste ar aghaidh ansin le haighneacht don athbhreithniú.

San aighneacht aige, thug Coiste an tSeanaid a thacaíocht do na cuspóirí maidir leis na hAchtanna um Eitic agus feabhsú a dhéanamh ar an gcuntasacht agus an trédhearcacht sa saol poiblíl. Mar sin féin, bhí údair imní mar seo a leanas aige:

- Sárófar an iomarca ar phríobháideachas Daoine faoi Riteacht Pholaitiúil (PEPanna) agus a dteaghlaigh (baineann an téarma Duine faoi Riteacht Pholaitiúil[73] le rialú idirnáisiúnta i dtaca le sciúradh airgid, agus is duine é a bhfuil feidhm fheiceálach phoiblí aige – féach Caibidil 2).
- B'fhéidir go mbeadh na bearta molta mar bhac dóibh siúd a bheadh ag iarraidh dul leis an saol poiblí – bheadh údair imní i dtaca le príobháideachas dá mbeifí le tuillteanas lasmuigh den Seanad, agus chuirfí leas gnó PEPanna agus a dteaghlach/a bpáirtithe gnó i mbaol.
- Sa Bhille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí tá struchtúr pirimideach i gceist leis an éililtheacht, agus glactar leis gur mó an leochaileacht i dtaca le héillitheacht i gcás na n-ardoifigeach. Ní aontaíonn an Coiste leis an dearcadh seo faoi na dreasachtaí a bhaineann le gníomhaíochta éillitheacha.

Ar an iomlán, ba mhian leis an gCoiste moladh cothromaithe reachtúil a bheith ann a chuireann cosc na héillitheachta san áireamh mar aon le heispéiris PEPanna agus a dteaghlach.

### COIMISIÚN UM CHAIGHDEÁIN IN OIFIGÍ POIBLÍ

Sna Tuarascálacha Poiblí ag SIPO chomh fada siar le 2004 tá moltaí i dtaca le hathruithe don reachtaíocht um eitic agus toghchánaíochta – chomh maith le huasdátuithe maidir le dul chun

[73] Is amhlaidh a úsáideann an Financial Action Task Force (FATF), an oifig fhaireacháin a eisíonn ceanglais i dtaca le sciúradh airgid agus cistiú sceimhlitheoireachta, an téarma Duine faoi Riteacht Pholaitiúil (PAP) ar dhuine a bhfuil feidhm fheiceálach aige/aici, agus ar féidir sin nó cuid de sin a mhí-úsáid chun críche airgead neamhdhleathach a sciúradh nó coireanna eile ar nós éillitheachta nó breabaireachta. Tacaíonn Alt 37 d'Acht na hÉireann um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Cistiú Sceimhlitheoireacht) 2010 leis an sainmhíniú seo agus leasú breise bunaithe ar ról an duine le baill teaghlaigh faoin téarma 'close associate'.

cinn. Áirítear sa mhéid seo, rud is suntasach, ocht gcinn déag de mholtaí maidir le creat reachtúil don Eitic. Sna tuarascálacha roimhe seo, thug SIPO le fios go rabhthas tar éis tabhairt faoi naoi gcinn de na moltaí sin nuair a ritheadh an Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí in 2015.

Scríobh an tAire chuig Cathaoirleach SIPO i bhFeabhra 2022 ag iarraidh ionchur an Choimisiúin don Athbhreithniú Eitice. Ina fhreagra, thug an Cathaoirleach na nithe seo a leanas dá aire:

- Fáiltíonn an Coimisiún leis an athbhreithniú agus leis an gcomhairliúchán poiblí a rinneadh mar chuid de.
- Tá a chuid tuairimí leagtha amach aige cheana maidir le hathchóiriú na heitice ina chur tuarascálacha poiblí agus in aighneacht faoin dréachtscéim ghinearálta den Bhille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí.
- Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil molta go mbeadh oifigigh na Roinne i dteagmháil lena gcomhfhreagraithe i Rúnaíocht an Choimisiúin chun an t-athbhreithniú a thabhairt chun cinn ag an leibhéal sin, agus tá cinnte ag an gCoimisiún gur tríd an Rúnaíocht a chuirfear a chuid tuairimí faoi bhráid na Roinne.

Scríobh an tAire chuig gach comhalta den Choimisiún ag iarraidh a n-eispéireas agus a dtuairimí pearsanta mar chuid den athbhreithiú.

# 8. Téamaí suntasacha a tháinig as an Athbhreithniú - Moltaí

Sa teagmháil a leagadh amach i gCaibidil 7 bhí athchuairt ar roinnt téamaí a bhí lárnach sa díospóireacht tar éis Thuarascálacha Bhinsí Fiosrúcháin Mahon agus Moriarty agus san fhorbairt a rinneadh ina dhiaidh sin ar an mBille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí (PSSB). Tharraing sé aird chomh maith ar roinnt saincheisteanna eile a bhaineann le reáchtáil leanúnach an chreata reachtúil reatha, atá socraithe le breis agus fiche bliain.

Tá tuilleadh eolais faoi na téamaí seo sa mhéid seo thíos.

## OIBLEAGÁIDÍ AONFHOIRMEACHA EITICE AG NA LEIBHÉIL NÁISIÚNTA AGUS ÁITIÚIL DEN RIALTAS

I ngeall ar chórais dhifriúla iontaofachta ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil, tá éiginnteacht ann faoi na riachtanais faoi leith a bhaineann le hoifigigh agus le hionadaithe poiblí in eagraíochtaí agus ag leibhéil éagsúla sa rialtas. Ó bhí na 2000í ann, tá SIPO tar éis a chuid údar imní a léiriú maidir le stúáil forálacha reachtúla maidir le nochtadh leasanna sa reachtaíocht a bhaineann le comhlachtaí poiblí aonair atá faoi réir chomh maith ag forálacha an Achta um Eitic. Tá tuarascálacha bliantúla SIPO as a chéile tar éis a mholadh do ndéanfaí forbairt ar acht cuimsitheach a dhéanfaidh comhdhlúthú ar na hAchtanna um Eitic augs ar gach uile reachtaíocht eile ina bhfuil foráil i leith nochtadh leasanna agus forálacha bainteacha d’oifigigh phoiblí. In 2014 foilsíodh Tuarascáil Luachála sa Cheathrú Babhta ag GRECO, inar moladh gur chóir creat normatach aonfhoirmeach comhdhlúite, bunaithe ar luachanna, a chur in áit an chreata reatha eitice. Tá an moladh déanta arís ag luachálacha de chuid GRECO.

Bhí gealltanas sa Ráiteas faoi Thosaíochtaí Rialtais 2014-2016 maidir le reachtaíocht a fhoilsiú a dhéanfadh comhdhlúthú ar riachtanais náisiúnta agus áitiúla eitice agus feidhm a thabhairt do mholtaí na mbinsí fiosrúcháin. Chuir an Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí in 2015 é sin chun tosaigh le foráil maidir le comhdhlúthú ar an gcreat reachtúil don eitic ag na leibhéil náisiúnta agus áitiúla.

Bhí an comhdhlúthú seo ar riachtanais reachtúla lárnach, mar sin, sa chur chuige beartais ó 2014, agus measann an t-athbhreithniú gur bailí i gcónaí an réasúnú beartais atá laistiar de seo.

Dá ndéanfaí athleasú ar an gcreat reachtúil ar an gcaoi seo chlúdófaí an rialtas náisiúnta agus áitiúil, a bhfuil na riachtanais Eitice i dtaca leo, mar atá luaite i gCaibidil 2 thuas, leagtha amach i gCuid 15 den Acht um Rialtas Áitiúil 2001 (LGA).

Tá Cód Iompraíochta faoi láthair ann do Chomhairleoirí Áitiúla, a eisíodh de bhun an LGA (i measc dlíthe eile), agus clúdaíonn sé réimse leathan ceisteanna ar nós na hiompraíochtaí míchuí, caitheamh go cúirtéiseach measúil le baill foirne, chomh maith leis na meáin shóisialta agus trealamh na comhairle a úsáid. Ós rud é go bhfuil de phríomhfhócas ag an gcreat Eitice do ndéanfaí coimhlintí leasa a sheachaint agus a rialú, moltar san athbhreithniú gur chóir

leanúint den phlé leis na ceisteanna níos leithne seo de chuid earnáil an Rialtais Áitiúil sa LGA féin nó i ndlí ábhartha eile.

**Moladh**

**De réir an chur chuige molta bunaithe don bheartas, aontaíonn an t-athbhreithniú gur chóir don athchóiriú reachtúil córas aontaithe comhdhlúite a chur ar fáil do chaighdeáin sa saol poiblí a chlúdóidh na leibhéil náisiúnta agus áitiúla.**

## CUR CHUIGE A LEANÚINT BUNAITHE AR PHRIONSABAIL

Mar a luadh i gCaibidil 4, bheadh prionsabail chuimsitheacha don iontaofacht sa saol poiblí leagtha amach sa chreat reachtúil den chéad uair sa chur chuige don Bhille um Chaighdeáin sa Saol Poiblí. Baineann siad seo leis an dualgas ar oifigigh phoiblí caighdeáin chuí a choinneáil i dtaca le hiontaofacht agus aire a thabhairt don leas poiblí, agus acmhainní a úsáid go tíosach éifeachtach (sa chomhthéacs seo áiríonn 'aire don leas poiblí' príonsabail na cuntasachta agus na trédhearcachta. An cuspóir atá ann ná go mbainfeadh na prionsabail sin le gach oifigeach poiblí agus iad mar dhúshraith don fhorbairt agus don fheabhsú ar chóid caighdeán agus iompraíochta do na catagóirí éagsúla oifigigh phoiblí.

Tá prionsabail threoracha mhionsonraithe san áireamh sna creata reachtúla i ndlínsí eile, ar nós mar a bunaíodh sa RA sna 1990í do Phairlimint Westminster agus an rialtas áitiúil. Ag leibhéal áitiúl RA, seo iad na seacht bprionsabal don saol poiblí a luadh in 1995 sa chéad Tuarascáil de chuid an Choiste um Chaighdeáin sa Saol Poiblí (Tuarascáil Nolan). Orthu seo tá na prionsabail iontaofacht, oibiachtúlacht, cuntasacht, oscailteacht, macántacht, ceannaireacht agus meas. Sa luacháil ceathrú babhta ag GRECO ar Éirinn in 2014, (a dhírigh ar théama an Éillitheacht a chosc i measc comhaltaí pairliminte, breithiúna agus ionchúisitheoirí), moladh inter alia gur chóir creat aonfhoirmeach comhdhlúite normatach **bunaithe ar luachanna** a chur in áit an chreata reatha.

D'iarr comhairliúchán poiblí an Athbhreithnithe tuairimí maidir le cé acu ba chóir prionsabail bhunúsacha áirithe a leagan síos i reachtaíocht. Bhí tromlach na bhfreagraí a fuarthas i bhfách le cur chuige bunaithe ar phrionsabail. Bhí siad ann a mhol sin gan tuilleadh mionsonraí faoi cé na prionsabail a bheadh ann, agus bhí freagraí eile a luaigh Prionsabail Nolan mar thagarmharc follasach, agus bhí tuairimí eile ann a mhol tacair phrionsabal ardfhorbartha, lena n-áirítear trédhearcacht agus tráthúlacht.

Má ghlactar le cur chuige bunaithe ar phrionsabail beidh dúshraith ann ag comhlachtaí earnála an cód seo a athrú nó cur leis de réir sainriachtanais a n-earnála. Anuas air sin, má dhéantar dílárnú ar na cóid iompraíochta cinntítear go mbeidh comhlachtaí earnála poiblí gafa leis na caighdeáin is airde san eitic a choinneáil, i bhfianaise gurb iad na comhlachtaí earnála poiblí féin a chruthaíonn agus a thugann feidhm dá gcóid iompraíochta féin.

Dá ndéanfaí gníomh de bhun an mhota seo bheadh Éire ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus thabharfaí faoi mholadh GRECO chomh maith.

**Moladh**

**Moltar san athbhreithniú go ndéanfadh an creat reachtúil foráil maidir le cód samhlach iompraíochta a bheadh mar bhonn eolais ag an bhforbairt ar chóid earnála.**

**Ba chóir go ndéanfadh an bunús reachtúil don chód samhlach tagairt do na prionsabail ardleibhéil agus luachanna a bheadh mar theca ag an iompar eiticiúil sa saol poiblí. Is féidir i gcóid earnála na luachanna seo a athrú nó cur leo chun teacht le riachtanais na n-earnálacha atá i gceist.**

### TOIRMISC REACHTÚLA NUA

De réir na moltaí sa Bhille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015, ceaptar go mbeadh toirmisc nua reachtúla i gceist maidir leo seo a leanas –

- faisnéis ón taobh istigh a úsáid
- oifigigh phoiblí sochar a lorg chun a leas féin a bhaint amach
- ionadaithe poiblí bheith ag plé le talamh.

An chéad dá cheann thuas tugann siad faoi mholtaí ó Bhinse Fiosrúcháin Mahon nár cuireadh i bhfeidhm go fóill, chomh maith le moltaí a rinneadh i dTuarascáil Hamilton 2020, agus Éire a thabhairt de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta. An tríú foráil tá sí á hiompar ar aghaidh ón Acht um Rialtais Áitiúil, lena chinntiú sa chóras comhdhlúite go leanfar den toirmeasc a bhfuil foráil ina leith cheana féin san earnáil Rialtais Áitiúil.

**Moladh**

**Moltar san athbhreithniú go mbeidh na toirmisc reachtúla thuas mar chuid de mholtaí nua don athchóiriú dlíthiúil.**

### AN TRÉDHEARCACHT A CHUR CHUN CINN: ATHCHÓIRIÚ AGUS SÍNEADH A DHÉANAMH AR NA SOCRUITHE NOCHTA

Bunchuspóir de chuid an chreata reatha reachtúil is ea prionsabal na trédhearcachta ag daoine suntasacha sa saol poiblí – airí, lucht dlí agus ardoifigigh státseirbhíse – sa chaoi gur féidir coimhlintí leasa a aithint agus a thabhairt san áireamh mar chuid dá gcuntasacht iomlán. Ar nós gach uile phrionsabal a thugtar isteach ina reachtaíocht, ní mór é a chur sa mheá le breithnithe tábhachtacha eile beartais, ar nós cheart an phríobháideachais, agus gan é a chur i bhfeidhm ach an oiread is riachtanach chun cuntasacht iomlán éifeachtach a chinntiú.

Neartaigh an Bille um Chaighdeáin sa Saol Poiblí an oibleagáid dhlíthiúil ar oifigigh phoiblí nochtadh a dhéanamh mar ghnás, ar choimhlintí iarbhíre agus féideartha leasa a thiocfadh de bhun a gcuid dualgas a chur díobh. De réir na tuairime (a bhí inter alia ag Binse Fiosrúcháin Mahon), gur suntasaí an fhéidearthacht go mbeidh coimhlintí leasa ann agus an deis ar éillitheacht dá shinsearaí an t-oifigeach, rinne an cur chuige iad a roinnt ina dtrí chatagóirí sa chaoi gur leitheadaí na riachtanais um nochtadh i gcás na n-oifigeach sinsearach. Dhéanfaí dearbhuithe leasanna ag polaiteoirí agus ag ardoifigigh a fhoilsiú (mar a dhéantar faoi láthair i gcás polaiteoirí); ach amach anseo, bheadh an dualgas dearbhú a dhéanamh faoi leasanna príobháideacha áirithe (ar nós dliteanas thar thairseacha áirithe) ar ionadaithe poiblí (agus na hoifigigh is sinsearaí) ach **is ar bhonn rúnda a dhéanfaí sin agus ní fhoilseofaí iad** (féach Caibidil 4).

San aighneacht aige féin don Athbhreithniú, bhí an tuairim ag an gCoiste Seanaid um Leasanna Comhaltaí, i gcás lucht polaitiúil mór le rá gur troime an riosca ná an sochar a bheadh le baint as éillitheacht ar bith, go háirithe i gcás comhaltaí tofa. Mheas an Coiste gur féidir gur mó an deis cheart ar éillitheacht sa chuid níba shóisearaí den tseirbhís phoiblí, ar nós mar shampla oifigigh atá ag obair i réimsí áirithe ar nós pleanáil agus inimirce. Ní cosúil go bhfuil sé sin ag teacht leis an réasúnú i dTuarascáil Mahon agus an bunús ar glacadh leis an gcur chuige catagóirí sa PSSB.

I gcás státseirbhíseach, is féidir an chuntasacht a chinntiú sa chéad dul síos i struchtúr tuairisce a bhfostaíochta (i.e. tá oifigigh freagrach dá mbainisteoir agus ar deireadh dá gceann Roinne/Oifige (an tArd-Rúnaí). Tá struchtúr ordlathach an phróisis cinnteoireachta, ina bhfuil roinnt leibhéal iniúchta, ceaptha a chinntiú gur féidir iompar as ord a aithint. Ar an láimh eile, bíonn ranna Rialtais agus ionadaithe tofa cuntasach don Oireachtas sa chéad dul síos agus ar deireadh don lucht vótála. Dá réir sin is ceart go mbeadh teacht ag an bpobal ar a nochtuithe leasanna sa chaoi go mbeidh saoránaigh ábalta rogha eolasach a dhéanamh i dtoghcháin dhaonlathacha.

Ní mór don reachtaíocht nua a iarraidh, go háirithe, moltaí breise Moriarty agus Mahon a chur san áireamh. I dtéarmaí praiticiúla, caithfidh sé athneartú a dhéanamh ar na socruithe nochta. Cé go mba ghá, b'fhéidir, beachtú breise a dhéanamh ar an gcur chuige catagórach, is bailí i gcónaí an réasúnú beartais atá laistiar de. Dá ndéanfaí athneartú ar an gcóras nochta ar an gcaoi seo thabharfaí faoi na saincheisteanna a ardaíodh i dTuarascáil an AE faoi Riail an Dlí, agus moltaí ábhartha ag SIPO ina dtuarascálacha SIPO a chur i bhfeidhm freisin.

**Moladh**

**Moltar go mbeadh éagsúlacht san oiread oibleagáidí nochta de réir shinsearacht agus neamhspleáchas an oifigigh phoiblí atá i gceist. Chun na críche seo agus de ghrá na héifeachta riaracháin, is féidir roinnt catagóirí leathana a chruthú. Is féidir bailchríoch a chur ar mhionsonraí na gcatagóirí i gcomhairle le hOifig an Ard-Aighne, mar chuid den fhorbairt ar scéim ghinearálta don reachtaíocht.**

**Ba chóir nochuithe leasanna tarlú ar ghlacadh le hoifig, seachas ar bhonn seasta bliantúil, agus ansin a uasdátú mar is riachtanach.**

**Is féidir tuairisciú leictreonach, seachas páipéir, bheith mar thaca ag socruithe athleasaithe nochta.**

Tá easpa soiléire faoin oiread ba riachtanach conarthaí a nochtadh (ar nós conarthaí le hÚdaráis Áitiúla faoin Scéim Cóiríochta ar Cíos) faoin gcreat reatha reachtúil, rud a tugadh chun suntais le linn 2022. Sa chomhfhreagras aige leis an athbhreithniú, tharraing an Coiste Dála um Leasanna Comhaltaí aird ar údair imní faoi phríobháideachas tríú páirtithe (i.e. tionóntaí a bheadh ag baint leas as an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta agus an Scéim Cóiríochta ar Cíos) a thiocfadh de bhun na socruithe conartha seo a nochtadh. Ba chóir an tsaincheist seo a fhuascailt i reachtaíocht lena chinntiú go mbeadh an trédhearcacht uasta ann de réir mhian agus chuspóir na gcéad Achtanna um Eitic, arna chothromú le ceart an duine aonair ar phríobháideachas.

## SOCRUITHE NOCHTA A BHEACHTÚ – TAIFEAD RÚNDA LEASANNA AGUS OIBLEAGÁIDÍ CÉIMNITHEACHA

Beidh an trédhearcacht trí mheán oibleagáidí nochta leasanna mar phríomhuirlis ag beartas an Rialtais maidir le cosaint agus athneartú a dhéanamh ar chaighdeáin sa saol poiblí. Sa chomhthéacs seo, cuspóir suntasach leis an athchóiriú is ea cur leis an trédhearcacht a thuilleadh de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta agus ionchas an phobail.

Bearna amháin sna forálacha reatha atá tugtha dá n-aire ag braiteoirí idirnáisiúnta is ea nach ndéantar trácht ar bith ar dhliteanais shuntasacha a nochtadh. Thug an cur chuige beartais sa Bhille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí (PSSB) faoi seo trí fhoráil a dhéanamh, chomh maith le taifead poiblí leasanna reatha, i leith an dara taifead rúnda don chomhairliúchán ag oifigigh an Choimisiúin amháin agus mionsonraí níos beaichte bheith ann a bhainfeadh le hioncam, sócmhainní agus, go háirithe, dliteanais thar luach €50,000 (seachas morgáiste ar theach cónaí príobháideach).

Ar bhonn níos leithne ná sin, tá cur chuige céimnitheach ag an PSSB i dtaca le nochtuithe, ina bhfuil oibleagáidí i gceist a mhéadaítear ar aon dul le cumhacht agus le neamhspleáchas an té atá ag déanamh cinntí, rud a d'iarr an tionchar a chur san áireamh atá ag oifigigh shinsearacha thofa agus cheaptha, agus a chothromú le breithnithe eile beartais ar nós a gceart féin (agus ceart a gcéilí agus a dteaghlaigh) ar an bpríobháideachas. Bhí údair imní ann faoi cé na hoifigigh a bheadh sna catagóirí éagsúla, sna díospóireachtaí Dála faoin PSSB. Measann an t-athbhreithniú, mar sin féin, gur bailí an cur chuige céimnitheach, agus, ach a bheachtú mar is cóir, gur chóir go mbeadh sé mar chuid de na moltaí nua reachtúla don athchóiriú.

Tá cumhacht ón mBunreacht ag comhaltaí rialtais, agus is acu atá an ceart deiridh ar chinntí a dhéanamh ar fud na ngníomhaíochtaí reachtúla, agus is fúthu atá sé roghanna a dhéanamh sa bheartas poiblí agus sa leithdháileadh acmhainní poiblí, a bhfuil tionchar thar a bheith cuimsitheach acu. Ó tharla go n-imríonn a gcinntí tionchar ar gach uile ghné den saol náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta, is í an chúis leis an mbeartas ná go léireofaí an leibhéal ab airde trédhearcachta a bheadh mar bhonn le muinín an phobail ina gcinntí. Is baicle nadúrtha oifigeach iad ónar mó is gá an trédhearcacht. Bíonn an tArd-Aighne, agus Airí Stáit faoi dhálaí áirithe, gafa le comhráití rialtais agus dá réir sin ba chóir iad a chur sa chatagóir seo. Is iad na hArd-Rúnaithe na hoifigigh chuntasacha ina ranna faoi seach agus tá measarthacht údaráis arna tarchur a fhad leo, agus neamhspleáchas de facto i gceisteanna beartais agus caiteachais. Ba chóir freisin go mbeadh Cathaoirligh Coistí Oireachtais, a bhfuil cumhacht mheasartha acu maidir leis an gclár oibre reachtúil agus feidhmeanna fiosraithe a gcoistí faoi seach, a bheith sa chatagóir seo.

Tá na hionadaithe tofa eile náisiúnta agus áitiúla (TD, Seanadóirí agus comhaltaí údarás áitiúil), chomh maith le comhaltaí Phairlimint na hEorpa, nach bhfuil cumhachtaí cinntí feidhmeannais acu ach a bhfuil tionchar suntasach acu de bhun a róil mar dhéantóirí dlí, le cur i gcatagóir eile cheapfadh duine. Chun críche na coibhéise, is féidir go mbeadh breithiúna, oifigigh ag leibhéal an Ard-Rúnaí Cúnta nó a gcómhaith sa státseirbhís/sa tseirbhís phoiblí, agus comhaltaí Bhoird an Stáit a chur san áireamh freisin.

Catagóir eile a bheadh ann do leibhéal an Phríomh-Oifigigh sa státseirbhís agus a gcómhaith i gcomhlachtaí poiblí, chomh maith le comhaltaí Bhoird an Stáit, agus rialtas áitiúil.

Chuirfí gach uile státseirbhíseach agus seirbhíseach poiblí eile agus foireann an Rialtais áitiúil i gcatagóir eile (féach an tábla).

| Catagóir Oifigigh Phoiblí | Riachtanas Nochta Tréimhsiúil | Riachtanais Nochta Ad Hoc | Riachtanais bhreise nochta (rúnda) |
|---|---|---|---|
| **Airí, Airí Stáit, Cathaoirligh Coistí Oireachtais, Comhairleoirí Airí, Ard-Rúnaithe** | **Is ea** Tá an Ráiteas faoi Leasanna Inchláraithe san áireamh ar Thaifead Leasanna le foilsiú) | **Is ea** | **Is ea** Baineann Leasanna Breise le 'leasanna inchláraithe céile, páirtí sibhialta nó páiste a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar fheidhmeanna poiblí).<br><br>Dliteanais os ceann €50,000 |
| **Comhaltaí Oireachtais, MEPanna, Breithiúna agus Údaráis Áitiúla, Rúnaithe Cúnta nó leibhéal cómhaith** | **Is ea** ( Ráiteas faoi Leasanna Inchláraithe ; Taifead leasanna poiblí foilsithe). | **Is ea** (Comhalta nó duine bainteach a bhfuil leas ábhartha acu i gceist imeachtaí nó feidhmeanna nó cinntí). | **Is ea** ( Céile, páirtí sibhialta nó páiste; leasanna a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar fheidhmeanna poiblí). |
| **Poist ainmnithe sa státseirbhíse agus sa tseirbhís phoiblí (leibhéal PO agus poist áirithe faoi) agus fostaithe ainmnithe údarás áitiúil** | **Is ea** (Ráiteas faoi Leasanna In-Dearbhaithe). | **Is ea** (fostaí nó duine bainteach a bhfuil leas ábhartha acu in ábhar feidhme nó cinneadh faoi leith). | **Is ea** (Céile, páirtí sibhialta nó páiste; leasanna a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar fheidhmeanna poiblí). |
| **Státseirbhísigh/Seirbhísigh phoiblí, foireann Rialtais Áitiúil (Poist gan ainmniú)** | **Ní hea.** | **Ní hea.** (Seachas cosc ginearálta ar choimhlintí leasa). | **Ní hea.** |

## TRÉIMHSÍ 'SUAIMHNITHE' A LEATHNÚ AMACH

Is údar imní é oifigigh thofa agus seirbhísigh shinsearacha phoiblí ag bogadh go róil san earnáil phríobháideach, áit a dtiocfadh leo bheith i dteagmháil láithreach le hairí nó le Ranna Rialtais nó comhlachtaí poiblí ina mbíodh siad ag obair. Glacadh cheana le bearta suntasacha a thugann faoin gceist seo (féach an bosca téacs) ach bhí roinnt cásanna iomráiteacha ann a

choinnigh aird ar an gceist ó phléigh an Dáil an Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí in 2017.

Moltar i bpáipéar comhairliúcháin an athbhreithnithe go mbeadh tréimhsí 'suaimhnithe' ann chun tabhairt faoi cheisteanna coimhlintí leasa mar chuid d'athchóiriú ar an gcreat reachtúil agus tugadh faoi deara nach mór cothromaíocht a bhaint amach idir an tsaoirse phearsanta agus oibleagáidí a leagtar ar oifigigh phoiblí an iontaofacht a chaomhnú sa saol poiblí. Cuid choitianta iad tréimhsí 'suaimhnithe' den fhoráil reachtúil sna córais i dtíortha eile a scrúdaíodh mar chuid den athbhreithniú (is lú, mar shampla, na srianta san Fhionlainn mar a bhfuil uasmhéid sé mhí i gceist i gcomparáid le chóir a bheith trí bliana i gcásanna áirithe sa Fhrainc).

Moladh sa Luacháil Cúigiú Babhta GRECO ar Éirinn (ar glacadh leis i Meitheamh 2022) gur chóir, inter alia, neartú a dhéanamh ar shrianta iarfhostaíochta trí rialacha maidir le glacadh le fostaíocht tar éis an oifig a fheidhmiú do gach duine a bhfuil ardfheidhmeanna (PTEFF) acu, (i.e. Airí, Ard-Aighne, comhairleoirí speisialta, státseirbhísigh shinsearacha).

***Na creata Brústocaireachta agus Eitice ag forluí ar a chéile***

Aon srian a bhreithnítear ar shaoirse beatha a shaothrú, ní mór teorainn a chur leis oiread agus is féidir i dtreo cuspóir sainmhínithe beartais agus a léiriú go bhfuil sé i gcomhréir leis an riosca agus go bhfuil sé dlite go hoibiachtúil. Tá foráil cheana féin san Acht um Rialú na Brústocaireachta 2015 go bhfuil iarionadaithe poiblí agus sealbhóirí oifige, lena n-áirítear Airí agus Airí Stáit, faoi réir ag tréimhse 'shuaimhnithe' aon bhliain amháin, agus nach féidir leo lena linn sin bheith gafa le gníomhaíochtaí brústocaireachta i ndálaí áirithe, ná bheith fostaithe ag duine atá ag gabháil don bhrústocaireacht, nó seirbhísí a chur ar fáil dá leithéid sin de dhuine.

Ina fhianaise seo, tá an cheist ann faoi cé na cosaintí breise atá ar fáil trí thréimhsí suaimhnithe a leathnú d'oifigigh phoiblí idir thofa agus cheaptha. B'fhéidir go mbeadh baint aige seo le saincheisteanna áirithe (ach ar suntasach na ceisteanna iad) ar nós eolas ón taobh istigh a úsáid nó teacht i dtír ar chaidrimh le daoine atá fós ar fostú sa tseirbhís phoiblí, agus is féidir go dtabharfaí faoi na saincheisteanna sin bealach eile. I gcás ar bith, ó tharla go mbeadh dlúthcheangal idir an réasúnú beartais do shrianta mar sin agus na forálacha atá mar thaca san Acht um Bhrústocaireacht, is féidir glacadh leis go mbeidh comhréir dhlúth idir tréimhsí suaimhnithe níos leithne agus na forálacha sin (12 mhí).

**Moladh**

**Ní mór aon tréimhse shuaimhnithe a bhreithneofaí a shaindíriú chun tabhairt faoi cheisteanna nach bhfuil clúdaithe cheana sa chreat um rialú na brústocaireachta agus comhréir bheith iad iad agus forálacha na reachtaíochta sin.**

**Ba chóir tuilleadh breithnithe a dhéanamh faoi cé ach ba chóir seo a dhéánamh le Cód Iompraíóchta samhlach nó taca reachtúil a chur faoi.**

## ‘TRÉIMHSÍ ‘SUAIMHNITHE’ – OIBLEAGÁIDÍ REATHA

**Oibleagáidí ar Státseirbhísigh Shinsearacha**

*Tá foráil déanta i ndáil leis na nithe a leanas in Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse (arna eisiúint in 2004 ag an Aire Airgeadais de bhun an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001):*

*“Má tá ar intinn ag aon státseirbhíseach gabháil le nó ceangal a dhéanamh le (i) gnó seachtrach a raibh baint oifigiúil aige/aci leis, nó (ii) gnó seachtrach a d’fhéadfadh buntáiste míchothrom a ghnóthú as é/í a fhostú, caithfidh an státseirbhíseach sin an intinn sin atá acu a nochtadh don údarás cuí”*

*I gcás státseirbhíseach ar leibhéal Príomh-Oifigigh agus faoi sin, is é Ard-Rúnaí a Roinne an t-údarás cuí. I gcás státseirbhíseach ar leibhéal Rúnaí Cúnta agus os a cheann, is é an Bord Ceapachán Seachtrach (OAB) an t-údarás cuí, ó bunaíodh é chun na críche sin faoin gCód.*

*Bord neamhreachtach riaracháin é, agus Cathaoirleach air nach den Státseirbhís é/í. Is é a chuspóir iniúchadh neamhspleách a dhéanamh ar fhostaíochtaí a a bhfuil sé ar intinn ag státseirbhísigh ar leibhéal Rúnaí Cúnta agus os a cheann sin, glacadh leo sa tréimhse bliana tar éis an státseirbhís a fhágáil. Tá de chumhacht aige cinneadh a dhéanamh faoi iarratais sa chás go bhféadfadh coimhlint leasta teacht de bhun chineál an cheapacháin.*

*Baineann a gcómhaith d’fhorálacha le hardoifigigh údaráis áitiúil.*

**Oibleagáidí i dtaca le brústocaireacht**

*Féachann an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 leis an trédhearcacht a chur chun cinn idir na córais pholaitiúla agus chumarsáide, an tseirbhís phoiblí agus gach earnáil den tsochaí.*

*Tá foráil in Alt 22 den Acht i dtaca le ‘oifigeach poiblí ainmnithe iomchuí’ (DPOanna) (Airí agus Airí Stáit, Comhairleoirí Speisialta agus Seirbhísigh Phoiblí Shinsearacha) bheith faoi réir ag tréimhse shuaimhnithe bliana. Le linn na tréimhse seo ní ceadmhach do na DPOanna lena mbaineann bheith gafa le gníomhaíochtaí brústocaireachta faoi thosca áirithe, nó bheith fostaithe ag duine atá gafa le gníomhaíochtaí brústocaireachta, nó seirbhísí a chur ar fail don duine sin, faoi thosca áirithe, mar atá:*

*Cumarsáid a dhéanamh ina seoltar gníomhaíochtaí brústocaireachta (mar a mhínítear in alt 5 den Acht) a chuimsíonn na nithe a leanas:*

1. *Baint le haon chomhlacht seirbhíse poiblí a raibh baint leis ag an DPO ábhartha, is é sin, fostaithe nó in oifig nó in aon phost eile sa chomhlacht sin sa bhliain sular imigh siad, nó*
2. *Chuig duine a bhí ina DPO a bhí fostaithe nó in oifig nó i bpost eile leis an gcomhlacht seirbhíse poiblí sa bhliain sular imigh an duine.*

*Is féidir le duine faoi réir ag an tréimhse shuaimhnithe cur isteach chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí chun cead a fháil tabhairt faoi ghníomhaíochtaí dá leithéid nó bheith fostaithe ag duine atá ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí dá leithéid. Is féidir go socróidh an Coimisiún diúltú don iarratas le haghaidh na tréimhse ‘suaimhnithe’ aon bhliana ar fad, nó cuid di.*

### LEITHNE AN CHREATA REACHTÚIL: RÓIL IN EARNÁIL THRÁCHTÁLA AN STÁIT: BREITHIÚNA

Cé gurb iad sealbhóirí oifige, ionadaithe tofa agus ard-státseirbhíseacha agus seirbhísigh phoiblí is príomhfhócas don chreat reachtúil, tá roinnt ról níos imeallaí clúdaithe agus tá dreamanna suntasacha eile sa saol poiblí nach bhfuil clúdaithe faoi láthair.

Ó tharla sna hAchtanna um Eitic go bhfuil leibhéil tuarastail nasctha le gráid na státseirbhíse (i.e. gach duine ag leibhéal an PO agus os a cheann, chomh maith le róil ainmnithe faoi leith ag gráid faoi sin) agus gur ansin a shocraítear na tairseacha do na hoibleagáidí nochta, is féidir go mbeadh codanna den bhainistíocht i gcomhlachtaí Stáit faoin leibhéal ardfheidhmeannaigh sin (atá ceaptha bheith clúdaithe ag an gcreat reachtúil) sa riocht go mbeadh oibleagáidí acu nochtadh a dhéanamh faoi na hAchtanna. Tá an ESB tar éis aird a tharraingt ar an tsaincheist seo le linn chomhairliúchán poiblí an athbhreithnithe. Mar sin féin, ba chóir a thabhairt don aire go bhfuil líon suntasach státseirbhíseach agus seirbhíseach poiblí ag na gráid faoin leibhéal ardfheidhmeannaigh i róil ina bhfuil na hoibleagáidí seo i gceist.

Ar an láimh eile, cé go gclúdaítear róil bhunreachtúla áirithe (breithiúna mar shampla) ar bhealach an-teoranta leis na riachtanais imréitigh chánach sa chreat reatha, níl siad clúdaithe ag na riachtanais reachtúla maidir le nochtuithe leasanna. Chomh maith leis sin, cé go bhfuil an bpinsin Stáit socraithe ag leibhéal a cheaptar atá leordhóthanach lena chinntiú nár ghá don lucht pinsin dul i mbun gníomhaíochtaí gairmiúla arís tar éis iad dul ar scor, tá claonadh ina measc bheith gníomhach i gcónaí i réimsí bainteacha ar nós mar eadránaithe tráchtála nó ina baill de bhinsí fiosrúcháin tráchtála idirnáisiúnta. Tá Ard-Aighní tar éis dul i mbun fostaíochta ag leibhéal ard san earnáil phríobháideach tar éis iad oifig a fhágáil agus, mar atá luaite thuas, tá molta ag GRECO gur chóir go mbeadh an tArd-Aighne, mar PTEF, clúdaithe ag rialuithe iar-fhostaíochta earnála poiblí. Tá an cheist ann mar sin cé ach ba chóir feidhm a thabhairt do thréimhsí suaimhnithe i dtaca leis na róil seo chomh maith.

**Moladh**

**Ba chóir nuair a bheifear ag déanamh forbartha ar mholtaí don athchóiriú reachtúil le haghaidh fhaomhadh an Rialtas, i gcomhar leis an Ard-Aighne agus leis an Roinn Dlí agus Cirt, iniúchadh a dhéanamh ar cé acu atá aon chonstaic bhunreachtúil nó riailbhunaithe a chuirfeadh cosc ar bhreithiúna a chur san áireamh i gcóras comhdhlúite aontaithe reachtúil.**

**Sa chás go socrófar tréimhsí 'suaimhnithe' do shealbhóirí oifige tofa, ba chóir breithniú a dhéanamh faoin socrú a leathnú amach agus ról an Ard-Aighne agus na mbreithiúna a chlúdach.**

### ATHNEARTÚ AR CHUMHACHTAÍ FIOSRAITHE, SMACHTBHANNAÍ AGUS FORFHEIDHMIÚ

Sa chaibidil ar Éirinn i dTuarascáil 2022 an Choimisiúin Eorpaigh faoi Riail an Dlí, moltar go ndéanfadh Éire neartú ar an gcreat reatha eiticiúil, go háirithe i dtaca le hacmhainn maoirseachta agus forfheidhmithe an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

Sa chreat reachtúil a cruthaíodh sna 1990í tá an bhéim ar an trédhearcacht mar phríomhghléas chun laghdú agus maolú a dhéanamh ar choimhlintí leasa a d'fhéadfadh cur leis an gcleachtas éillitheach. Mar sin féin, tá teorainn leis an gcur chuige sin sa chás nach mbíonn smachtbhannaí éifeachtacha in éineacht leis. Tá an baol ann freisin gur lú an éifeacht a bhíonn leo sa chás go laghdaítear an córas le himeacht ama nó nach mbíonn aon impleachtaí éifeachtacha ann ainneoin go ndearnadh an dlí a shárú go soiléir. Tá éis fiche bliain de na socruithe reatha a oibriú, tá bunús áirithe ann don dearcadh seo. Is féidir a dhéanamh amach chomh maith gur cur amú acmhainní é maidir leis an saineolas is riachtanach chun fiosrúcháin (a mhaireann roinnt blianta amanna) a thabhairt a fad le leibhéal sásúil cruthúnais a thacódh le conclúidí agus ansin gan aon impleachtaí mór ná beag a bheith leo.

Cé gur féidir gur riachtanach smachtbhannaí tromchúiseacha sa chás go mbíonn sáruithe tromchúiseacha ann, sa chaoi nach ndéantar creimeadh ar éifeacht an chórais, ar an dul céanna más fúinn iontaofacht an chórais a chothabháil, is cóir go mbeadh na smachtbhannaí agus na sáruithe de réir thomhas a chéile.

Tá cur chuige fiosraithe ar obair ag SIPO faoin gcreat reachtúil reatha a fhéachann le fíricí a aimsiú tríd an bhfiosrúchán agus éisteachtaí mar bhunús lena dhéanamh amach cé acu a bhí sárú ar reacht ann nó nach raibh. Cé go bhfuil sé dian maidir le cead aisfhreagra a thabhairt, tá sé fada agus deacair a láimhseáil fiú agus é i mbun déileáil le sáruithe soiléire ar dhualgas reachtúil. Chun tabhairt faoi seo, is féidir réimse smachtbhannaí socraithe a chur leis a chinnteoidh gur féidir déileáil go tráthúil cuí le sáruithe ar soiléir iad.

Tá nósanna imeachta smachtbhannaí riaracháin an Bhainc Cheannais ina múnla féideartha – clúdaítear leo sáru(ithe) ainmnithe ag soláthróirí seirbhísí airgeadais agus ag daoine atá, nó a bhí bainteach lena mbainistíocht. Tá foráil sna nósanna imeachta seo i dtaca le próiseas mionchinnteoireachta a chuireann smachtbhannaí i bhfeidhm atá i gcomhréir leis an sárú a rinneadh, ach a oibríonn i bhfianaise fachtóirí maolaithe ar nós comhoibriú leis an mBanc. Ar an láimh eile, ba ionann smachtbhannaí riaracháin cosúil leo sin ag an coimsiún bheith ar obair mar bhreitheamh, rud a chruthaíonn deacrachtaí i gcomparáid leis an scéal mar atá. Sa chomhthéacs seo, is tarraingteach an córas Fógraí Pionós Socraithe sna cúirteanna, mar leigheas níos simplí éifeachtaí.

### Moladh

**Nuair a bheifear ag réiteach moltaí don athchóiriú reachtúil le haghaidh an Rialtas a bhfaomhadh, moltar go ndéanfar forbairt ar réimse smachtbhannaí oiriúnacha agus pionós seasta ar sháruithe na rialachta nochta, in éineacht le buntáiste an mhúnla reachta fiosrúcháin.**

## ATHCHÓIRIÚ AR STRUCHTÚR AN CHOIMISIÚIN: RÓL AN LEASCHOIMISINÉARA

Tar éis fiche bliain den taithí faoin gcreat reatha reachtúil is féidir measúnú a dhéanamh ar leas agus ar aimhleas an struchtúir institiúidigh an Choimisiúin um Chaighdeain in Oifigí Poiblí agus a éifeachtaí atá sé  mbun a róil reachtúil.

Faoi chúrsaí mar atá, bíonn breitheamh reatha nó iarbhreitheamh ar an gCoimisiún, agus an ARCC, an tOmbudsman, Cléireach na Dála agus Cléireach an tSeanaid, chomh maith le comhalta amháin de cheachtar de Thithe an Oireachtais. Dá réir sin bíonn réimse tuairimí luachmhara faoi na riachtanais bhunreachtúla agus dlíthiúla chomh maith leis an dea-chleachtas riaracháin agus feasacht faoi dhualgas praiticiúil laethúil na hionadaíochta polaitiúla. Bíodh sin mar atá, ach is féidir leis an struchtúr seo bheith deacair a láimhseáil: ní hiontas go mbíonn na baill gnóthach ina bpost dílis féin agus is dúshlánach cruinnithe reachtúla a eagrú ar gá gach duine bheith i láthair acu. Bíonn an baol ann go mbíonn an próiseas sínte amach i bhfad agus deacair a thabhairt chun críche.

Ba dhóigh leis an mBille um Chaigheáin san Earnáil Phoiblí 2015 gur chóir go mbeadh Coimisinéir amháin um Chaigheáin san Earnáil Phoiblí in áit sheisear ball an Choimisiúin, agus é i gceannas ar an eagraíocht (le tacaíocht an Leas-Choimisinéara agus na rúnaíochta).

Bhíothas ag déanamh go bhféadfaí tabhairt faoi seo mar chuid de chúram an Ombudsman (e.g. is ionann an tOmbudsman faoi láthair agus an Coimisinéir Faisnéise, srl.) atá ag teacht leis na socruithe rialachais in Oifig an Ombudsman. Seo an múnla a úsáideadh don Choimisinéir Faisnéise agus is é a úsáidfear don Choimisinéir nua um Nochtuithe faoi Chosaint. Mar sin féin, nuair a rinneadh plé faoin ngné seo sa Dáil, bhí imní ann faoi conas a d’fheádfaí bainistiú a dhéanamh ar an riosca a lán cumhachta bheith ag duine amháin.

Tá athrú tar éis teacht ar na struchtúir a bhfuiltear i bhfách leo d’eagraíochtaí rialaithe reachtúla ó ritheadh na hAchtanna um Eitic ina reachtaíocht shlán. Ó bhí na 2000í ann, tháinig múnla triúr coimisinéirí chun cinn maidir le rialáil na bhfóntas (COMREG don teileachumarsáid, An Coimisiún um Rialáil Fóntas don fhuinneamh agus uisce). Mar sin féin, mar gheall ar a mhionsonraithe a bhíonn na ceisteanna a bpléann an Coimisiún leo, is cosúil gur beag an luach atá leis na múnlaí sin i dtaca le hathchóiriú ar an gcoimisiún.

I bhfianaise go mbíonn ceisteanna leochaileacha pairliminte, polaitiúla agus bunreachta faoi chaibidil i gcúrsaí an Choimisiúin, is fiú glacadh i gcónaí leis na tuairimí atá ar fáil faoin struchtúr reatha, agus san am céanna é a dhéanamh níos solúbtha freagraí. Chuige seo, d’fhéadfaí struchtúr boird a chur le múnla aon-Choimisinéara an chur chuige beartais atá sa PSSB, ina mbeadh Coimisinéir Feidhmeach – an tOmbudsman, mar dh’ea – i mbun maoirseachta ar oibríochtaí laethúla SIPO le tacaíocht na rúnaíochta, agus i gceannas chomh maith ar fhiosrúcháin. Bheadh tacaíocht ag an gCoimisinéir ó bhord ionadaíoch maidir le socruithe a dhéanamh de bhun ghnáis áirithe reachtúla agus fiosrúchán agus smachtbhannaí a leagan síos i gcomhréir leis an gcreat reachtúil.

***Ról reachtúil féideartha an Leas-Choimisinéara***

Bhí foráil sa PSSB i leith ról nua reachtúil neamhspleách Leas-Choimisinéara a bheadh mar bhainisteoir ar fhiosrúcháin. Bhíothas ag déanamh chomh maith go gceapfadh an Leas-Choimisinéir oifigigh fiosraithe (a bheadh neamhspleách chomh maith sa reachtaíocht) agus tuairiscí fiosraithe a chur faoi bhráid an Choimisinéara le haghaidh moltóireachta, agus bheadh de chumhacht ag an gCoimisinéir (ath)éisteacht le fianaise bhéil faoi aon fhianaise a bheadh faoi dhíospóid. Ligeadh leis seo scaradh soiléir cumhachta bheith ann sa chaoi nach féidir a dhéanamh amach gur 'breitheamh agus giúiré' atá sa Choimisinéir i gcás ar bith faoi leith. Is féidir go mbeadh athchóiriú ar struchtúir an Choimisiúin ar nós mar atá leagtha amach thuas mar chuidiú i dtaca le tabhairt faoi na húdair imní seo sa chaoi nach gá ról dealaithe don leaschoimisinéir a shocrú sa reachtaíocht.

***Iniúchadh ar cheapacháin lasmuigh ag oifigigh shinsearacha amach***

D'fhéadfadh Coimisiún athleasaithe athstruchtúraithe glacadh le feidhmeanna an Bhoird Reatha um Cheapacháin Lasmuigh, a bunaíodh faoi Chód Caighdeán agus Iompraíochta 2004 na Státseirbhíse chun iniúchadh a dhéanamh ar cheapacháin iarfhostaíochta a mbeadh sé i gceist ag státseirbhísigh glacadh leo (agus an cómhaith de Bhord Ceapachán Lasmuigh d'earnáil an Rialtais Áitiúil).

**Moladh**

**Molann an t-athbhreithniú go mbeadh Coimisinéir feidhmeach i gceannas ar Choimisiún athstruchtúrtha, le tacaíocht boird a bhfuil ionadaíocht choibhéiseach institiúideach aige lena bhfuil ag an gCoimisiún reatha.**

**Is féidir leis an gCoimisiún athstruchtúraithe glacadh le feidhm an Bhoird um Cheapacháin Lasmuigh, a bunaíodh faoi Chód Caighdeán agus Iompraíochta 2004 reatha um Cheapacháin agus an cómhaith de Bhord Ceapachán Lasmuigh d'earnáil an Rialtais Áitiúil.**

# Iarscríbhinn A – Cóid Iompraíochta

## Cóid Iompraíochta an Leibhéil Náisiúnta

### CÓD IOMPRAÍOCHTA DO CHOMHALTAÍ DHÁIL ÉIREANN

De bhun Airteagal 15.10 den Bhunreacht[74] agus na hAchtanna um Eitic, tá glactha ag comhaltaí Dháil Éireann le múnla féinrialach inarb iad na toghthóirí an 'moltóir deiridh' i dtaca le hiompraíocht Comhaltaí. Tá na prionsabail a leanas i réamhrá an Chóid:

- Aithníonn comhaltaí 'gurb é a leas aonair agus comhchoiteann é muinín agus iontaoibh an phobail as a n-ionracas mar phearsana aonair, agus as Dáil Éireann mar fhoras, a chothú agus a bhuanú'.
- Ba cheart do Chomhaltaí 'gníomhú faoi threoir na maitheasa poiblí i gcónaí agus a chinntiú i gcónaí gur ar mhaithe le leas an phobail a dhéanann siad a gcuid gníomhartha agus cinntí.'

Tá achoimre thíos ar fhorálacha an Chóid:

- Ní foláir do Chomhaltaí iad féin a iompar de mheon macánta ar shlí a chuirfidh le leas an phobail.
- Ní foláir do Chomhaltaí iad féin a iompar de réir fhorálacha agus spiorad an Chóid iompraíochta agus a chinntiú nach ndéanfaidh a n-iompar míchlú mór a tharraingt ar ionracas a n-oifige nó na Dála.
- Tá oibleagáid ar leith ar Chomhaltaí iad féin a iompar ar shlí atá i gcomhréir lena róil mar ionadaithe poiblí
- Ceist freagrachta pearsanta is ea coimhlintí leasa a chosc agus a fhuascailt.
- Bíonn coimhlint leasa ann i gcás ina nglacann Comhalta páirt i gcinneadh a dhéanamh, nó ina ndéanann Comhalta cinneadh, i bhfeidhmiú a oifige nó a hoifige dó nó di agus a fhios aige nó aici go gcuirfidh an cinneadh go míchóir agus go mímhacánta lena leas airgeadais príobháideach nó le leas airgeadais príobháideach duine eile go díreach nó go neamhdhíreach. Ní áirítear sochar in éineacht le slua mór daoine.
- Ní ceadmhach do Chomhaltaí aon sochar nó brabús airgeadais a shireadh as tionchar a imirt.

[74] Bunreacht na hÉireann, Alt 15.10: *Déanfaidh gach Teach ar leith a rialacha agus a bhuan-orduithe féin, agus beidh sé de chumhacht ag gach teach acu pionós a cheapadh do lucht a sáraithe sin; beidh sé de chumhacht aige fairis sin saoirse aighnis a chur in áirithe, agus a scríbhinní oifigiúla féin agus páipéir phríobháideacha a chomhaltaí a dhídean,agus fós é féin agus a chomhaltaí a dhídean ar aon duine nó ar aon dream daoine a dhéanfadh cur isteach nó toirmeasc ar a chomhaltaí nó a dhéanfadh iarracht ar iad a éilliú agus iad ag déanamh a ndualgas.*

- Ní mór do chomhaltaí a gcuid dualgas a chomhlíonadh go dícheallach i dtaca le nochtadh agus le clárú leasanna agus bheith ar an eolas faoin treoir.
- Bronntanais: Is ceadmhach glacadh le 'bronntanais theagmhasacha agus le hoineach gnásúil.' Mar sin féin, ní ceadmhach do Chomhaltaí glacadh le bronntanas a d'fhéadfadh a bheith ina údar le coimhlint leasa nó a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmiú macánta neamhchlaonta a ndualgas oifigiúil.
- Ní foláir do Chomhaltaí acmhainní poiblí a chur chun feidhme go stuama agus gan iad a chur chun feidhme ach amháin le haghaidh na gcuspóirí ar lena naghaidh a ceapadh iad
- Ní ceadmhach do Chomhaltaí úsáid a bhaint as faisnéis oifigiúil/rúnda ar mhaithe le gnóthachtáil phearsanta
- Ní foláir do Chomhaltaí comhoibriú le gach Binse Fiosrúcháin agus le gach comhlacht eile.

## CÓD IOMPRAÍOCHTA DO CHOMHALTAÍ SHEANAD ÉIREANN[75]

Is beag idir substaint an Chóid seo agus Cód Iompraíochta Chomhaltaí Dháil Éireann thuas, seachas nach luaitear gurb iad na toghthóirí an moltóir deiridh maidir le hiompraíocht.

## CÓD IOMPRAÍOCHTA DO SHEALBHÓIRÍ OIFIGE

Seo a leanas na príomh-mhíreanna de Chód Iompraíochta Sealbhóirí Oifige:[76]

- **Tá cuspóir an Chóid Iompraíochta tugtha athuair** (mar atá sé leagtha amach sna hAchtanna um Eitic)**.**
- **Soiléiriú faoi dhaoine a mbaineann an Cód Iompraíochta leo.**
- **Cuirtear béim ar an gceanglas an Cód Iompraíochta a chomhlíonadh.**
- **Prionsabail na hIompraíochta Eiticiúla:** tá ráiteas sa Chód faoi phrionsabail maidir le sealbhóirí oifige agus a ndualgas pearsanta 'ómós a thabhairt don mhuinín a chuireann an pobal iontu.' Éilíonn sin orthu gach tráth an leas comhchoiteann a chur chun cinn go cothrom agus go neamhchlaonta, acmhainní a gcuid oifige a fheidhmiú go coinsiasach agus go críonna chun leas an phobail a chur chun cinn agus na caighdeáin eiticiúla is airde a chomhlíonadh agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgas. Tagraíonn an Cód do SIPO maidir leis 'an phrionsabal ginearálta go dtabharfaí tús áite gach tráth do leas an phobail thar leas an duine aonair agus níos tábhachtaí fós b'fhéidir thar leasanna páirtí polaitiúil cibé i gcumhacht nó nach ea.'
- **Luaitear na caighdeáin is airde eiticiúla a chur chun tosaigh:**

[75] Cód Iompraíochta do Chomhaltaí Sheanad Éireann ar 18 Aibreán, 2002, SIPO) ar fáil <https://www.sipo.ie/documents/english/Code-of-Conduct-for-Members-of-Seanad-Eireann.pdf>
[76] Rialtas na hÉireann, Cód Iompraíochta do Shealbhóirí Oifige, (Iúil 2003, SIPO), ar fáil: <https://www.sipo.ie/documents/english/Code-of-Conduct-for-Office-Holders-.pdf>

*‘Ba chóir do shealbhóirí oifige na caighdeáin is airde a chomhlíonadh agus gníomhú le deamheon le trédhearcacht, cothroime agus neamhchlaontacht chun an leas coitianta a chur chun cinn agus iad ag comhlíonadh a gcuid feidmheanna oifigiúla. Ba chóir do shealbhóirí oifige go háirithe gníomhú trí thagairt do leas an phobail amháin agus acmhainní a gcuid oifige a thiomnú dó sin amháin; cinntí a dhéanamh agus tacú le cinntí agus iad a spreagadh ar bhonn a gcuid fiúntais agus d’uireasa idirdhealú; nach mbeadh tionchar ag nithe pearsanta ar a gcuid dualgas oifigiúil; a bheith cuntasach as a gcuid cinntí; ionracas na hoifige atá siad a shealbhaíonn a chosaint; nithe faoi rún a dtagann siad orthu le linn a gcuid dualgas oifigiúil a choinneáil faoi rún; ómós a léiriú ag gach tráth ar ról Oifigeach Cuntasachta a gcuid Ranna agus oibleagáidí na foirne faoi Chód Iompair na Státseirbhíse.’*

- **Cathaoirligh Choistí:** Luann an Cód an ról níos tábhachtaí anois ag Cathaoirligh Coistí i dTithe an Oireachtais’ agus nach mór do chathaoirligh na gCoistí ‘an fhreagracht bhreise sin a choimeád ina n-aigne agus iad i mbun a gcuid gnó.’
- **Oibleagáid Reachtúil maidir le hiompar sa saol poiblí:** Cuirtear béim sa Chód ar dhualgais faoi na hAchtanna um Eitic agus reachtaíocht bhainteach lena n-áirítear na hAchtanna um Éillitheacht a Chosc.
- **Treoir Bhreise do Shealbhóirí Oifige:** áirítear comhoibriú le Binsí Fiosrúcháin, cuntasacht do Thithe an Oireachtais agus úsáid chóir acmhainní poiblí.
- **Gnó agus Leasanna eile:** luaitear an treoir ghinearálta nár ‘chóir d’aon shealbhóir oifige gabháil d’aon ghníomhaíocht a bhféadfaí féachaint uirthi go réasúnach mar chur isteach ar lánchomhlíonadh agus comhlíonadh cuí óna dtaobhsan ar dhualgais a gcuid oifige nó nach mbeadh ag teacht leis.’ Chomh maith leis sin, tá toirmeasc soiléir ar stiúrthóireachtaí comhlachta, cleachtas gairmiúil, cinnteoireacht nó bainistíocht i gcomhlacht nó i gcleachtas, i gcomhlacht, nó i leas gnó ar coimhlint iarbhír nó fhéideartha é. Ar deireadh, maidir le tréimhsí iarfhostaíochta, ordaíonn an Cód gur chóir coimhlintí fíora nó dealraitheacha a chosc. Níl aon tréimhse leagtha amach, ach tá treoir ann gur chóir bheith fíorchúramach sna chéad mhíonna tar éis oifig a fhágáil.
- **Brústocairí:** Tá foráil sa chód maidir le brústocaireacht a dhéanamh ‘ar shlí nach gcruthódh coimhlint leasa idir dualgas poiblí agus leas príobháideach’.
- **Taifid ar Chruinnithe Oifigiúla:** deirtear gur chóir nótaí a ghlacadh ar mhaithe leis an sealbhóir oifige féin.
- **Ceapacháin:** Béimnítear gur chóir gur ar bhonn fiúntais a dhéanfaí ceapacháin.
- **Bronntanais:** Tá trastagairt do Threoirlínte an Rialtais um Shealbhóirí Oifige. Tá treoir bhreise ann maidir le taisteal agus cóiríocht: ‘níor chóir do shealbhóirí oifige glacadh le tairiscintí go n-íocfaí costais saoráidí taistil agus/nó cóiríocht tráchtála i ndáil le gníomhaíochtaí oifigiúla (lena n-áirítear céile/páirtnéir má bhíonn ag tionlacan), sa

chás go ndéantar tairiscintí den sórt sin ag saoránaigh phríobháideacha nó ag fiontair phríobháideacha'.

- **Gnóthaí Dáilcheantair:** soiléiriú go bhfuil de shaoirse ag Airí ionadaíochtaí a dhéanamh ar son an dáilcheantair, lena n-áirítear chuige Airí eile.
- **Treoirlínte:** chun éascaíocht a dhéanamh den chomhlíonadh, tá na treoirlínte a d'eisigh SIPO ceangailte leis an gCód. Tagraíonn na Treoirlínte do riachtanais nochta ag sealbhóirí oifige mar chomhaltaí agus mar shealbhóirí oifige, chomh maith le comhairleoirí speisialta agus treoir ghinearálta.

## CÓD CAIGHDEÁIN AGUS IOMPRAÍOCHTA NA STÁTSEIRBHÍSE

Chuir an tAire Airgeadais an Cód Caighdeán agus Iompraíochta don Státseirbhís i bhfeidhm faoi na hAchtanna um Eitic i Meán Fómhair 2004. Tá a shubstaint agus a raon níos leithne ná na hAchtanna um Eitic, agus cuimsítear ann rialacha ginearálta iompraíochta agus baineann le gach ball foirne lena n-áirítear státseirbhísigh a bhfuil a dtuarastal/sinsearacht ró-íseal le go mbeadh oibleagáidí orthu faoin bpríomhreachtaíocht. Ní treoir amháin atá sa Chód; is cuid é de na téarmaí fostaíochta ag gach státseirbhíseach. Sárú conartha mar sin é sárú ar bith agus is féidir go mbeadh gníomhartha araíonachta mar thoradh air.

Tá trí cheannteideal sa Chód agus na caighdeáin leagtha amach fúthu: seachadadh seirbhíse, iompraíocht ar obair agus caighdeáin ionracais. Baineann an iompraíocht le tinreamh agus le feidhmíocht, aird ar acmhainní an stáit agus caidreamh le comhghleacaithe. Baineann Ailt 13 go 21 le caighdeáin iontaofachta agus is iad is mó a bhaineann leis an eitic. Baineann rialacha le tionchar míchuí, coimhlintí leasa, coimhlintí leasa a nochtadh, bronntanais, fáilteachas, íocaíocht ar obair ar son comhlachtaí seachtracha, conarthaí le Ranna/Oifigí Rialtais, nó díol nó ceannach leo/uathu, glacadh le ceapacháin lasmuigh agus fostaíocht mar chomhairleoir tar éis éirí as nó scoir, agus an Bord Ceapachán Seachtrach.

Seo a leanas roinnt pointí spéisiúla:

- **Prionsabal an Mhisin:** Tá an cód bunaithe ar mhisean cuimsitheach:
  *'…seirbhís den scoth a chur i gcrích ar son an Rialtais agus na bhforas Stáit eile agus ar son an phobail mar shaoránaigh agus mar úsáideoirí na seirbhísí poiblí, ar bhonn phrionsabail an ionracais, na cothroime, na héifeachta, na córa agus na cuntasachta.'*

Tá tuilleadh sa Chód faoi neamhchlaontacht agus iontaofacht ach ní dhéantar sainmhíniú díreach ar na prionsabail eile.

- **Neamhchlaontacht:** Glactar leis go bhfuil neamhchlaontacht mar chuid de na caighdeáin atá mar thaca ag an soláthar seirbhíse agus tá toirmeasc i gceist leis ar chlaontacht a nochtadh.

- **Toirmeasc ar thionchar míchóir**; Ní cheadaítear do státseirbhísigh a bpoist oifigiúla a úsáid chun a leas féin nó chun leas daoine eile a bhfuil ceangail phearsanta, chlainne, ghnó nó eile acu leo
- **Cosc ar choimhlintí leasa:** níl sainmhíniú déanta ar an téarma coimhlint leasa ach tá cosc leathan ar aon teagmháil nó ceangal le 'gnó nó gníomhaíocht sheachtrach, nó baint a bheith acu lena leithéid, dá mbeadh sé contrártha ar bhealach ar bith le leasanna a Ranna/nOifigí, nó dá mbeadh baol ann go laghdódh sé a gcumas chun a ndualgais mar státseirbhísigh a chomhlíonadh. Leagann an Cod de dhualgas ar státseirbhísigh bainisteoirí acmhainní daonna a chur ar an eolas más fúthu dul i mbun teagmháil dá leithéid.
- **Cosc ar Bhronntanais**: tá an Cód an-soiléir go bhfuil a chuid forálacha níos déine ná na hAchtanna um Eitic agus mar sin is breis iad ar na hoibleagáidí nochta atá ar státseirbhísigh shinsearacha a bhfuil poist shainithe acu. Clúdaíonn an cód coimhlintí dealraitheacha trí chosc a chur ar ghlacadh le bronntanais a d'fhéadfaí a thuiscint mar rud a chuirfeadh isteach ar bhreithiúnas nó iontaofacht pearsanta. Maíonn an Cód gur ceadmhach bronntanais ar gnáthchúirtéiseacha iad (pinn nó dialanna na samplaí a thugtar) ach gur chóir bronntanais ar luach níos mó a dhiúltú, nó a thabhairt don Roinn nó don Oifig. Cuireann an Cód béim ar fheidhmiú coireanna faoin reachtaíocht frithéillitheachta. Tugann an Coimisiún um Chaighdeáin treoir bhreise faoi bhronntanais lasmuigh den Chód, le nóta eolais.
- **Fáilteachas:** Géilleann an Cód don fhírinne nach féidir rialacha a cheapadh a chlúdóidh glacadh le fáilteachas i ngach cás. Mar sin féin, cuirtear béim ar an tosaíocht 'go mbeidh státseirbhísigh saor ó amhras agus iad i mbun a ndualgais oifigiúla agus nach gcothóidh siad aon easaontacht leasa go hiarbhír nó go féideartha, agus go mbeidh a ndéileálacha le leasanna tráchtála agus eile in ann an scrúdú is déine a sheasamh'. Tá an oibleagáid ann tuairisciú a dhéanamh faoi thairiscintí fáilteachais ó leasanna tráchtála 'a bhfuil caidreamh conarthach acu, nó a bhféadfadh caidreamh conarthach a bheith acu, le Roinn/Oifig an státseirbhísigh dá ndearnadh an tairiscint'. Déanann an Cód sainmhíniú ar cad is 'gnáthfhlaithiúlacht' ann, agus cuireann cosc ar aon fháilteachas lasmuigh den sainmhíniú sin.
- **Íocaíocht ar obair sheachtrach:** Bíonn feidhm le maoirseacht bhainsteoirí i dtaca le híocaíocht as obair sheachtrach agus tá cosc ar íocaíocht a lorg nó a choinneáil sa chás go dtagann ann don obair sheachtrach 'de bharr a p(h)ost oifigiúil'.
- **Conarthaí poiblí:** tá cosc ar státseirbhísigh conarthaí a fháil le Ranna nó le hOifigí Rialtais chun earraí nó seirbhísí a sholáthar. Tá oibleagáid ann aon bhaint a nochtadh i leas seachtrach agus cosc ar ghlacadh le stiúrthóireachtaí (seachas mar ainmní Aire) i gcomhlacht ar bith a bhfuil conradh Rialtais aige nó i gcomhlacht a gceapfaí go réasúnta go mbeadh conradh dá leithéid aige amach anseo.

- **Ceapacháin Sheachtracha:** Tá forálacha ann 'd'fhonn béascnaíocht nó cultúr a chothú ina mbeidh státseirbhísigh ar láneolas faoin bhféidearthacht go dtarlóidh easaontachtaí leasa trí ghlacadh le poist lasmuigh den Státseirbhís.' Dá réir sin tá an dualgas an údarás ábhartha a chur ar an eolas faoi cheapacháin sheachtracha, agus tá státseirbhísigh a bhfuil 'poist sainithe' acu faoi réir ag cosc ar feadh dhá mhí dhéag ar ghlacadh le ceapacháin a d'fhéadfadh coimhlint a chruthú murach go mbeadh cead acu ó Bhord Ceapachán Seachtrach (OAB) neamhreachtúil.

I gcás státseirbhíseach a bhfuil poist sainithe acu, tá na treoirlínte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin a thugann eolas ar an gcomhlíonadh eiticiúil.[77]

## Cóid Iompraíochta ag Leibhéal an Rialtais Áitiúil

### CÓD IOMPRAÍOCHTA DO CHOMHAIRLEOIRÍ[78]

Ag leibhéal an rialtais áitiúil, tá dhá Chód (do chomhairleoirí áitiúla agus fostaithe údarás áitiúil) mar fhorlíonadh ar an mbunreachtaíocht, agus iad mar chuid dhlúth den chreat eiticiúil. Tá na cuspóirí sainráite a leanas sa Chód do Chomhairleoirí, a díorthaíodh ón LGA.

- Leagtar amach leis na prionsabail agus na caighdeáin maidir le hiompar, meas, dínit, comhionannas agus ionracas do chomhairleoirí, agus a bhfeidhmeanna á ndéanamh acu agus ina gcaidreamh lena chéile, le fostaithe na Comhairle agus leis an bpobal.
- An t-iompar ba cheart don phobal bheith ag súil leis óna ionadaithe tofa a chur in iúl dóibh.
- Seasamh le muinín an phobal as an rialtas áitiúil.

Seo a leanas cuid de na príomh-mhíreanna:

- **Ráiteas Tuisceana:** Mar chuid dá bhfógairt bhliantúil faoi alt 171 d'Acht 2001, ní mór do Chomhairleoirí a dheimhniú go bhfuil an Cód idir léite agus tuigthe acu.
- **Prionsabail:** Tá beachtú déanta sa réamhrá ar chiall na bprionsabal atá mar thaca ag an rialtas daonlathach áitiúil; feidhmiú le hionracas, cothromas agus neamhchlaontacht don leas coiteann agus leas an phobail a chur chun cinn.'
- **Treoir don Léirmhíniú:** Níl aon amhras sa Chód maidir leis an léirmhíniú bheith leathan agus bunaithe ar na prionsabail a thagann le spiorad an Chóid. Ní mholtar

---

[77] 'Guidelines on Compliance with the Provisions of the Ethics in Public Office Acts 1995 And 2001; Public Servants' (SIPO, 10 Edn, November 2003) ar fáil ag: < https://www.sipo.ie/acts-and-codes/guidelines/public-servants/7.21-PS-Guidelines-10th-edition-English-updated-July-2021.pdf>
[78] An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Cód Iompraíochta do Chomhairleoirí; Acht um Rialtas Áitiúil 2001, Creat Eitice don tSeirbhís Rialtais Áitiúil, ar fáil ag: < https://www.gov.ie/en/publication/48675-code-of-conduct-for-councillors/>

léirmhíniú litriúil a dhéanamh ar an gcód de rogha ar chloí le spiorad an phrionsabail.

- **Caighdeáin Iompraíochta:** De réir na muiníne a chuireann an pobal iontu, bítear ag súil leis na caighdeáin eiticiúla is airde ó Chomhairleoirí. Dar leis an gCód gur chóir dóibh na nithe a leanas a dhéanamh:

- *Gníomhú le hionracas chun seasamh le luachanna na seirbhíse poiblí;*
- *Gníomhú ar bhealach lena dtreisítear iontaoibh agus muinín an phobail;*
- *Fónamh dá n-údarás áitiúil agus dá shaoránaigh ar bhealach ionraic, díograiseach agus neamhchlaonta;*
- *Gan ligean do choinbhleachtaí leasa teacht chun cinn agus gan féachaint choíche le tionchar míchuí a úsáid;*
- *Comhionannas a chur chun cinn agus claontacht a sheachaint;*
- *Caitheamh lena gcomhghleacaithe agus fostaithe údaráis áitiúil le cúirtéis, meas agus dínit;*
- *Ba cheart cloí le cúirtéis agus meas chomh maith agus na meáin shóisialta, feidhmchláir cur teachtaireachtaí agus cumarsáidí i scríbhinn á n-úsáid.*

- **Cruinnithe:** Ba cheart cruinnithe a stiúradh ar bhealach gairmiúil agus cumasach agus ar bhealach a sheasfadh grinnscrúdú poiblí. Cuirtear i gcuimhne do chomhairleoirí go bhfuil 'oibleagáid reachtúil ar údaráis áitiúla cosc a chur le hiompar míchuí ar bith san áit oibre ar dócha go gcuirfeadh sé sábháilteacht, sláinte agus leas daoine eile i mbaol, lena n-áirítear iompar bulaíochta agus ciaptha.' Ba cheart do chomhairleoirí cleachtadh a fháil ar bheartas a n-údaráis áitiúil maidir le Dínit ag an Obair (nó beartas coibhéiseach) lena gcuirtear chun cinn meas, dínit, sábháilteacht agus comhionannas san áit oibre) agus féachaint leo féin a iompar i gcomhréir le prionsabail an bheartais sin.

- **Coimhlintí Leasa:** luann an Cód athuair na riachtanais faoin LGA. Chomh maith le nochtadh a dhéanamh faoi leasanna airgid agus sochair faoin gcóras reachtúil, molann an Cód go mbeadh trédhearcacht ann maidir le nochtadh leasanna pearsanta, mar shampla, leasanna teaghlaigh, dlúthchairde nó páirtithe gnó, chomh maith leo siúd a thagann de bhun dualgais i gcumann nó in eagraíocht eile. Moltar bheith aireach faoi mhíchuibheas iarbhír agus míchuibheas braite. Leagann an Cód 'ualach speisialta' ar chomhairleoirí a léiriú go soiléir cén dealú atá idir a leasanna gnó pearsanta agus a ról.' Tá toirmeasc ginearálta ar phost oifigiúil a úsáid chun sochar míchuí a bhaint amach agus tá feidhm aige sin i dtaca le daoine baintecha chomh maith le cosc ar fhaisnéis rúnda a úsáid.

- **Pleanáil:** Cuireann an Cód béim ar thrédhearcacht, ar an bpróis chuí, agus ar an reacht a chur i bhfeidhm i gcinntí pleanála. Luaitear go sonrach a ábhartha atá coimhlint idir pearsanta agus poiblí agus comhlíonadh a dhéanamh ar riachtanais ábhartha dlithiúla sa phleanáil.
- **Brústocaireacht:** Luaitear arís riachtanais reachtúla agus cuirtear i gcuimhne do Chomhairleoirí go bhfuil acmhainní breise ann (lobbying.ie agus cáipéis sin an Choimisiúin um Chaighdeáin 'Treoir do Bhaill Údarás Áitiúil').
- **Bronntanais:** Luaitear arís toirmeasc faoin LGA glacadh le bronntanais atá nasctha le feidhm a dhéanamh. An 'cúram is mó' ná 'go mbeadh gníomhartha comhairleoirí agus a ndualgais á ndéanamh acu saor ó amhras agus níor cheart go mbeadh siad ina gcúis le coinbhleacht leasa ar bith agus gur cheart go mbeifí ábalta dlúth-ghrinnscrúdú a dhéanamh ar a ndéileálacha le leasanna gnó agus leasanna eile agus baol ar bith go ndéanfaí damáiste do mhuinín an phobail sa rialtas áitiúil a sheachaint.'
- **Fáilteachas:** seachas an gnáthphrótacal agus cúirtéisí, níor chóir go mbeadh tionchar, ná dealramh an tionchair, ag bronntanais orthu i mbun a gcuid dualgas oifigiúil.
- **Meáin Shóisialta agus Úsáid Threalamh na Comhairle:** Baineann gníomhaíocht na meán sóisialta le húsáid aon trealamh nó aon gléasanna pearsanta de chuid na Comhairle, e.g. fóin phóca, ríomhairí deisce, ríomhairí glúine nó táibléid, a sholáthraítear do chomhairleoirí nó a ngléasanna féin a úsáidtear chun críche cumarsáide le daoine eile lena náirítear comhchomhaltaí, fostaithe nó baill den phobal. Cloífidh comhairleoirí le Beartas Úsáide Inghlactha Acmhainní Ríomhaireachta agus TF údaráis áitiúil agus cloífidh siad leis na Téarmaí agus Coinníollacha arna léiriú ag an údarás áitiúil agus an oifig á glacadh acu. Cuireann an Cód liosta samplaí ar fáil den úsáid/mhí-úsáid neamh-inghlactha as meáin shóisialta.
- **RGCS:** leagtar béim ar riachtanais reachtúla.
- **Gnóthaí Pearsanta Leis an Údarás Áitiúil:** Tá toirmeasc ar chaitheamh fabhrach a lorg.
- **Meas ar acmhainní na Comhairle:** cúram réasúnta a thaispeáint le haghaidh mhaoin, acmhainní agus chistí an údaráis áitiúil agus gan iad a úsáid, nó gan cead a thabhairt iad a úsáid, chun críocha neamhúdaraithe nó chun críocha neamhoifigiúla.
- **Sáruithe:** Luaitear arís na rialacháin dlithiúla agus tá treoir sa Chód maidir le gearáin a chur faoi bhráid an Chláraitheora Eitice sa chéad dul síos, agus más gá ina dhiaidh sin, chuig an gCoimisinéir um Chaigheáin.

**Ginearálta:** tá treoir i measc na bhforálacha ginearálta gur chóir do chomhairleoirí díriú ar bheith ag plé le saindúshláin nach bhfuil luaite sa Chód de réir phrionsabail agus chuspóir an Chóid.

## AN CÓD IOMPRAÍOCHTA D'FHOSTAITHE ÚDARÁS ÁITIÚIL[79]

Baineann an Cód seo do gach fostaí bíodh siad fostaithe go lánaimseartha nó ar bhonn neamhghnách. Is féidir go mb'ionann sárú agus sárú ar théarmaí fostaíochta agus go mbeadh gníomh araíonachta ann dá bhun. Is beag idir an teanga agus an tsubstaint agus a chómhaith do Chomhairleoirí. Seo a leanas cuid de na príomh-mhíreanna:

- **Prionsabail/Caighdeáin:** luaitear ionracas, neamhchlaontacht agus feidhmiú na seirbhíse áitiúla rialtais mar 'chroíluachanna'. Ní mór d'fhostaithe na n-údarás áitiúl na nithe a leanas a dhéanamh:

  *1. Na caighdeáin is airde iontaofachta a choinneáil mar seo a leanas:-*
  *- coimhlintí leasa a sheachaint agus gan tionchar míchuí a úsáid riamh;*
  *- gníomhú ar bhealach a chuireann le muinín an phobail;*
  *- gan a bpost ná acmhainní oifigiúla an údaráis áitiúil a úsáid chun sochar pearsanta a ghnóthachtáil;*
  *- a chinntiú nach dtarraingíonn a n-iompar míchlú ar iontaofacht a bpoist ná an rialtais áitiiúil.*

  *2. Muinín an phobail a chothú ina gcuid oibre mar seo a leanas:-*
  *- friotháil ar a n-údarás áitiúil go dícheallach macánta neamhchlaonta;*
  *- dul i mbun a gcuid feidhmeanna go dúthrachtach éifeachtach cúirtéiseach*
  *- cinntí neamhchlaonta a dhéanamh bunaithe ar iniúchadh ar fhíricí, ar fhiúntas agus ar dhlí a bhaineann le gach cás, gan breithnithe pearsanta a chur san áireamh.*

  *3. Bheith taobh leis an iompar cuí ar obair mar seo a leanas:-*
  *- caitheamh go cúirtéiseach measúil lena gcomhghleacaithe agus le comhairleoirí;*
  **-** *plé go cúirtéiseach cothrom tráthúil leis an bpobal;*
  **-** *an neamhchlaontacht agus an leithcheal a sheachaint sa phlé acu leis an bpobal.*

- **Coimhlint idir leas pearsanta agus leas príobháideach:** Ní cóir ligean don leas príobháideach nó pearsanta bheith ag teacht salach ar an dualgas poiblí. Ní mór d'fhostaithe aon choimhlint nó neamhréir idir a leas pearsanta príobháideac agus a

[79] An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Acht um Rialtas Áitiúil 2001, Cód Iompraíochta d'Fhostaithe Údarás Áitiúil (Eanáir 2007), ar fáil ag <https://www.sipo.ie/acts-and-codes/codes-of-conduct/local-authority-members/Code-of-Conduct-for-Employees.pdf

gcuid feidhmeanna a chur díobh go neamhchlaonta, a sheachaint agus/nó a fhuascailt.' Tá an míchuibheas idir iarbhír agus dealraitheach clúdaithe; is í tuairim an phobail an cruthúnas deiridh, a bhaineann le coimhlintí go ginearálta chomh maith le bronntanais/fáilteachas, fostaíocht sheachtrach agus cúrsaí eile lasmuigh den Chód seo.' Tá athrá déanta ar oibleagáidí reachtúla nochta agus cuirtear cásanna samplacha ar fáil inar tháinig oibleagáidí nochta i gceist.

- **Pleanáil:** Tá an Cód taobh leis an trédhearcacht, próis chóir a fheidhmiú agus an creat pleanála reachtúil a chur i bhfeidhm ar chúrsaí pleanála. Tugann an Cód aird faoi leith ar a ábhartha don phleanáil atá coimhlintí leasa agus fostaíocht sheachtrach.
- **Bronntanais**: Déanann an Cód athrá ar an reachtaíocht ábhartha agus leagann béim ar thábhacht thuairim an phobail agus a muinín sa rialtas áitiúil. Ceadaíonn an Cód bronntanais oifigiúla ach déanann foráil 'nár chóir glacadh le bronntanais ar bith eile seachas nithe fánacha ar nós dialanna, féilirí, pinn nó suaitheantais eile ar beag an luach atá leo.' Cuirtear treoir bunaithe ar chásanna faoi leith san áireamh.
- **Fáilteachas**: an bunphrionsabal laistiar den ghlacadh le fáilteachas is ea nár chóir go mbeadh tionchar aige, agus nár chóir go mbeadh cuma an tionchair féin ann, agus iad i mbun a gcuid dualgas. Cé is moite den ghnáthfháilteachas (lón gnó, nó freastal ar imeacht éigin), ní mór tuairisciú a dhéanamh agus stiúir a lorg i gcás aon tairiscint fáilteachais ó leasanna tráchtála a bhfuil baint iarbhír nó fhéideartha conartha acu leis an údarás áitiúil. Aon fháilteachas nach gnáthfháilteachas é ní mór gur le leas an údaráis áitiúil é agus faomhadh na bainistíochta aige.
- **Gnó pearsanta an fhostaí agus an t-údarás áitiúil:** mar phrionsabal cuimsitheach, luann an Cód nár chóir aon fhabhar a léiriú i leith gnónna a bhfuil baint airgeadais, teaghlaigh nó eile le fostaithe agus tugann treoir maidir leis seo.
- **Gnóthaí pearsanta leis an údaráis áitiúla:** tá toirmeasc ar fhabhar a lorg.
- **Aire d'acmhainní na comhairle:** ní mór d'fhostaithe cúram réasúnta a thabhairt d'acmhainní, údarás cuí a fháil i dtaca le dliteanais agus rialacha a chomhlíonadh maidir le héilimh srl.
- **Tinreamh agus fostaíocht sheachtrach:** Ó thaobh tinrimh de, luaitear athuair na rialacha reachtúla (s.159 den LGA). Tugann an Cód rabhadh maidir le cead a thabhairt bheith fostaithe go seachtrach agus coimhlint leasa fhír nó iarbhír a chruthú. Dá réir sin, ní mór tairiscintí ar fhostaíocht sheachtrach a nochtadh láithreach don bhainistíocht. Más rún d'fhostaithe glacadh le ceapachán a d'fhéadfadh coimhlint leasa a chruthú 'ba chóir' sin a chur in iúl don údarás áitiúil. Tá maoirseacht bhreise ar fhostaithe lena mbaineann Cuid 15 den Acht um Rialtas Áitiúil 2001 (Creat Eiticiúil do Sheirbhís an Rialtais Áitiúil). Tá toirmeasc ar an aicme sin fostaí glacadh (go ceann dhá mhí dhéag ó éirí as nó scor) le ceapachán, nó comhairleoireacht, ina bhféadfadh coimhlint leasa teacht chun tosaigh, gan faomhadh an údaráis chuí a fháil roimh ré.

- **Caidrimh shásúla oibre:** San idirghabháil leis an bpobal, le comhghleacaithe agus le comhairleoirí, ní mór d'fhostaithe cloí leis na prionsabail i dtaca le meas ar a chéile, cothromas agus dualgas an dlí a chomhlíonadh agus seasamh leis, agus dualgas maidir le seirbhís chúirtéiseaché ifeachtach neamhchlaonta a chur ar fáil.' Molann an Cód caitheamh leis an bpobal go cothrom cúirtéiseach gan cham gan chlaonadh. Déantar tagairt do Threoir an Ombudsman um Chaighdeáin Dea-Chleachtais do Sheirbhísigh Phoiblí. Ordaíonn an treoir sin go mbeadh an dea-sheirbhís phoiblí iomchuí, cothrom, oscailte agus neamhchlaonta. Ní chuireann an Cód fiacail ann maidir le meas idir Comhairleoirí agus fostaithe.
- **Ciontuithe coiriúla:** Tá oibleagáid tuairisciú a dhéanamh faoi chúiseamh/chiontú agus aisghairm ceadúnas ábhartha.
- **Ginearálta:** Cuirtear fostaithe faoi threoir na prionsabail a chur i bhfeidhm i gcásanna nach bhfuil á thuar sa Chód agus gan dul sa seans ach comhairle a lorg ó stiúrthóir.

.

# Iarscríbhinn B - Tuarascáil an Bhinse Fiosrúcháin maidir le Cúrsaí Pleanála Áirithe

## Moltaí Ábhartha

**1.16** Bunchúis le héillitheacht iad coimhlintí leasa. Bíonn coimhlint leasa ann nuair a bhíonn leas príobháideach ag oifigeach tofa nó ceaptha ar dócha go dtiocfadh sé faoi thionchar a c(h)uid cumhachtaí poiblí. Is den chiall gur lú an seans go n-úsáidfidh oifigeach poiblí an chumhacht sin le leas an phobail amháin sa chás go mbeadh sé nó sí sa riocht gurbh fhéidir iad a úsáid chun a leas pearsanta féin a chur chun cinn. Anuas air sin, i gcás nár úsáid oifigeach a c(h)umhacht phoiblí chun a leas féin a chur chun cinn, is leor an chuma go ndearnadh amhlaidh chun deacracht a chruthú. Déanann coimhlintí leasa dealraitheacha lagú ar mhuinín an phobail in institiúidí daonlathacha agus tarraingíonn a n-aird ó cheisteanna substainteacha beartais, agus cuireann i dtreo scannal é. Is amhlaidh a bhí roinnt de na fiosrúcháin a chuir an Binse Fiosrúcháin ag siúl ag baint le coimhlintí leasa dealraitheacha.

**1.17** Mar sin is croíchuid é rialáil na gcoimhlintí leasa de straitéis éifeachtach frithéillitheachta agus tá ról tábhachtach aige maidir leis an trédhearcacht agus an chuntasacht a chur chun cinn sa saol poiblí. Go ginearálta féachann beartais ar mian leo coimhlintí leasa a rialú lena chinntiú go sainaithnítear na leasanna a bhféadfaí coimhlint teacht ann dá mbun agus, más riachtanach, tuilleadh rialaithe a chur i bhfeidhm.

**1.18** I láthair na huaire, is leis na hAchtanna um Eitic 1995 agus 2001 (na 'hAchtanna um Eitic) gona gcóid bhainteacha iompraíochta a dhéantar rialú ar choimhlintí leasa ag an leibhéal náisiúnta, agus is é Cuid 15 den Acht um Rialtas Áitiúil 2001 (an 'LGA') gona chóid bhainteacha iompraíochta (ar a dtugtar le chéile 'na beartais faoi choimlintí leasa). Éilíonn na hachtanna agus na cóid seo, go bunúsach, go ndéanfaí leasanna a nochtadh a bhféadfadh coimhlint leasa teacht astu chomh maith le rialú forlíontach ar chineálacha áirithe coimhlintí. Is iad an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (SIPO), Coistí Dála agus Seanaid um Leasanna Comhaltaí agus Údaráis Áitiúla a dhéanann forfheidhmiú ar bheartais i dtaca le coimhlintí leasa.

**1.19** Is cás leis an mBinse nach bhfuil na beartais reatha i dtaca le coimhlintí leasa in ann sainaithint ná rialú cuí a dhéanamh ar chineálacha áirithe coimhlintí leasa. Dá bharr sin, tá roinnt moltaí ann arb é a gcuspóir a chinntiú go ndéantar nochtadh iomlán ar gach leas a bhféadfadh coimhlint iarbhír nó dhealraitheach teacht astu. Moltar freisin go ndéanfaí rialú breise ar chineálacha áirithe coimhlinte lena mbíonn baol breise éillitheachta. Ar na moltaí eile atá ann tá iarracht forfheidhmiú na mbeartas a dhaingniú i dtaca le coimhlintí leasa, go príomha trí mheán neartú a dhéanamh ar SIPO. Ón taobh seo de, creideann an Binse go bhfuil deacrachtaí suntasacha leis na forálacha reatha forfheidhmithe a bhaineann go mór de chumas na mbeartas coimhlintí leasa an éillitheacht a rialú sa pholaitíocht. Is amhlaidh freisin i gcás sáruithe ar na hAchtanna um Eitic a bhfuil moladh ina dtaobh chomh maith.

**1.20** Tá foráil sna beartais um choimhlintí leasa i dtaca le dhá chineál nochta, mar tá nochtadh tréimhsiúil agus nochtadh ad hoc. Faoi na forálacha i dtaca le nochtadh tréimhsiúil, ní mór d'oifigigh phoiblí nochtadh bliantúil a dhéanamh do chlár leasanna, faoi chatagóirí áirithe leasanna. Cabhraíonn seo leis an oifigeach poiblí agus le daoine eile a shocrú roimh ré cé acu is dócha go mbeidh leas áirithe ina chúis le coimhlint leasa. Is féidir freisin le húdaráis fiosraithe coireanna é a úsáid chun críche fiosrú a dhéanamh faoi choireanna éillitheachta. Os a choinne sin, déantar nochtadh ad hoc sa chás go dtiocfadh ann do choimhlint leasa. De ghnáth, clúdaíonn sé réimse i bhfad níos leithne leasanna ná an nochtadh tréimhsiúil.

**1.21** Ceann de na deacrachtaí leis na riachtanais nochta mar atá ná go mbaineann siad den mhórchuid le leasanna ar leis an oifigeach poiblí féin iad. I gcás an nochta thréimhsiúil, go háirithe, is gá d'oifigigh phoiblí faoi leith amháin leasanna a nochtadh atá ag baill teaghlaigh agus/nó daoine spleácha agus tá teorainn leis an riachtanas sin féin. Anuas air sin, níl ceanglas orthu leasanna a nochtadh atá ag eintitis chorparáideacha nó socruithe dlíthiúla eile, fiú na heintitis/socruithe ar acu atá and leas rialaithe. Cé go bhfuil scóip phearsanta níos leithne ag na riachtanais ad hoc, ní chlúdaíonn siad, mar shampla, leasanna atá ag cairde, fostóirí, toghthóirí a thug cistiú, páirtithe gnó nó socruithe áirithe dlíthiúla. Le linn a chuid fiosruithe, rinne an Binse fiosrú faoi roinnt coimhlintí a tháinig de bhun leasanna a bhí ag daoine agus socruithe dá leithéidí sin. Más fúinn na riachtanais nochta a dhéanamh éifeachtach, is gá gan amhras go gclúdófar na leasanna seo. Dá bharr sin, tá an Binse Fiosrúcháin ag déanamh roinnt moltaí a bhfuil an aidhm acu síneadh a chur le scóip phearsanta na riachtanas nochta idir thréimhsiúla agus ad hoc.

**1.22** Údar imní breise don Bhinse Fiosrúcháin is ea a chúinge atá scóip ábhartha na riachtanas tréimhsiúil agus ad hoc nochta, agus nach gclúdaíonn na riachtanais sin roinnt cineálacha leasanna a bhfuil de chumas acu coimhlintí leasa a thabhairt ann. Dá bharr sin, oiread agus a bhaineann le nochtadh tréimhsiúil, tá an Binse á mholadh go mbainfí roinnt teorainneacha agus eisceachtaí atá san áireamh sna riachtanais reatha. Táthar á mholadh freisin go gcuirfí síneadh leis na riachtanais sin chun roinnt leasanna a chlúdach nach gclúdaítear faoi láthair, lena n-áirítear dliteanais agus sócmhainní chomh maith le leas airgid ar bith a bhféadfaí a thuiscint go réasúnta mar chúis le coimhlint leasa.

**1.23** Maidir leis an nochtadh ad hoc, tá an Binse á mholadh go gcuirfí síneadh leis na riachtanais nochta chun leasanna a chlúdach a bhféadfaí a dhéanamh amach go réasúnta go bhfuil an acmhainn acu bheith mar thionchar ar oifigeach poiblí agus é nó í i mbun a c(h)uid feidhmeanna poiblí. I gcásanna áirithe, ciallaíonn seo go mbeidh oibleagáid nua ar oifigigh phoiblí na leasanna a leanas a nochtadh: coimhlintí leasa dealraitheacha; leasanna neamhábhartha; tabhartais toghchánaíochta; leasanna atá ag oifigeach poiblí mar chuid de ghrúpa daoine, chomh maith leis na leasanna sin atá nochta cheana i gcomhthéacs nochtadh tréimhsiúil.

**1.24** Baineann moltaí an Bhinse chomh maith d'uaineacha an nochta thréimhsiúil. Faoi láthair, tá ceanglas ar oifigigh phoiblí nochtadh tréimhsiúil a dhéanamh ar bhonn bliantúil. Dá bharr sin, i gcásanna áirithe bíonn fad suntasach ama ann idir an duine post a fháil mar oifigeach

poiblí agus an chéad nochtadh leasanna uathu. Anuas air sin, sa chás go mbeidh athrú ábhartha ar na leasanna sin i gcaitheamh bliana, níl ceanglas ar an oifigeach sin an t-athrú sin a nochtadh go dtí an bhliain dar gceann. Is cás leis an mBinse go bhféadfadh an dá cheist sin baint go mór agus go dochrach do chruinneas an chláir. Dá bharr sin táthar a mholadh ceanglas a chur ar oifigigh phoiblí nochtadh tréimhsiúil a dhéanamh tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dul i mbun oifig phoiblí, agus uasdatú a dhéanamh faoi aon athrú ar aon leas atá luaite sa nochtadh sin tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an t-athrú tarlú, nó tar éis leas nua a shealbhú.

**1.25** Díríonn moltaí eile ar shíneadh a chur leis na riachtanais nochta chun leasanna a chlúdach a thagann i riocht bronntanas nó ioncaim a fuarthas roimh aimsir an oifigigh san oifig phoiblí nó ina dhiaidh. Is ionann an seans go bhféadfadh bronntanais nó ioncam a fuarthas roimh an am sin a bheith ina gcúis le coimhlint leasa le cinn a fuarthas agus an duine i mbun na hoifige. Anuas air sin, d’fhéadfadh tábhacht bheith le bronntanais nó ioncam a nochtadh a fuarthas tar éis an t-oifigeach poibli dul ar scor ón oifig phoiblí chun críche teacht ar choimhlintí leasa nár luadh agus an duine i mbun oifige, nó éillitheacht féin.

**1.26** Ós rud é go bhfuil sé de chuspóir ag an nochtadh leasanna a bhféadfadh coimhlint leasa teacht dá mbun an trédhearcacht a chur chun cinn sa chinnteoireacht phoiblí, tá an Binse á mholadh freisin go ndéanfaí foilsiú agus craobhscaoileadh níos leithne ar nochtuithe tréimhsiúla agus ad hoc. Cheapfadh duine go mbeadh an sochar breise aige seo gur móide an seans aird na n-údarás ábhartha a tharraingt ar an neamh-chomhlíonadh leis na riachtanais sin.

**1.27** Tá rioscaí faoi leith, ó thaobh na frithéillitheachta de, ag baint le cinéalacha áirithe leasanna lena n-áirítear iad seo a leanas go mór: bronntanais; rochtain ar fhaisnéis ón taobh istigh; fostaíocht sheachtrach agus iarthéarma. Measann an Binse nach leor, más fúinn na rioscaí éillitheachta a chealú, gan a dhéanamh ach ceanglas a chruthú na leasanna seo a aithint. Dá bharr sin, tá roinnt moltaí breise aige a iarrann rialú breise a dhéanamh ar leasanna dá leithéidí. Ón taobh seo de, tá an Binse á mholadh go mbeadh toirmeasc ar oifigigh phoiblí glacadh le haon bhronntanas ar mó a luach ná suim shonraithe, sa chás go bhféadfaí go réasúnta a cheapadh go mbeadh nasc idir an bronntanas agus a bpost poiblí. Chomh maith leis sin, táthar á mholadh go mbeadh rialú breise i gCód Iompraíochta Sealbhóirí Oifige ar choimhlintí leasa a thiocfadh de bhun úsáid a bhaint as faisnéis ón taobh istigh.

**1.28** Ó thaobh na fostaíochta seachtraí de, tá an Binse á mholadh go mbeadh toirmeasc ar aon oifigeach poiblí a bheadh faoi scóip na nAchtanna um Eitic dul i mbun conartha maidir le soláthar seirbhísí nó earraí do chomhlacht poiblí tráth a mbeadh sé/sí sa phost poiblí, agus go ceann bliana ina dhiaidh sin. Ar aon dul leis sin, ag an leibhéal áitiúil, tá an moladh déanta go mbeadh toirmeasc ar oifigigh phoiblí faoi raon feidhme an LGA dul i mbun conartha leis an údarás áitiúil a bhfuil sé/sí fostaithe aige. Moltar freisin i dtaca le comhaltaí tofa atá gafa le gníomhaíochtaí gairmiúla seachtracha ina bhfuil díol/forbairt talaimh i gceist, go mbeadh toirmeasc air plé le haon talamh a bhí i gceist i gcinneadh a rinne athrú ar a stádas criosaithe nó pleanála le linn théarma oifige an Chomhalta sin agus go ceann dhá bhliain ina dhiaidh sin,

ach amháin sa chás gur tharraing sé/sí é/í féin siar ón vótáil maidir leis an gcinneadh sin. Anuas air sin, ba chóir ceanglas a chur ar shealbhóirí oifige poiblí cead a lorg sula nglacfaí le fostaíocht nó post comhairleoireachta tar éis an oifig phoiblí a fhágáil sa chás go bhféadfadh cineál agus téarmaí na fostaíochta sin a thuiscint go réasúnta mar chúis le coimhlint leasa.

## Forfheidhmiú

**1.29** Croíchuid den éifeacht a bheadh ag forálacha um choimhlint leasa is ea forfheidhmiú a dhéanamh orthu. I láthair na huaire, SIPO is mó atá freagrach as forfheidhmiú na bhforálacha maidir le hoifigigh phoiblí ar sealbhóirí oifige iad. Na comhaltaí iad féin a dhéanann forfheidhmiú ar na forálacha a chlúdaíonn comhaltaí an Oireachtais. Ar aon dul leis sin, tá ról ag baill na n-údarás áitiúil i dtaca le forfheidhmiú a dhéanamh ar bheartais coimhlintí leasa a bhaineann leo siúd, i gcomhar le bainistíocht na n-údarás áitiúil.

**1.30** Tá an dearcadh ag an mBinse Fiosrúcháin go bhfuil roinnt deacrachtaí leis na meicníochtaí reatha forfheidhmithe. Ón taobh seo de, creideann an Binse gur údar imní é an cur chuige féinrialaithe atá ann don fhorfheidhmiú ar fhorálacha coimhlintí leasa. Is údar amhrais, go háirithe, cé acu atá na hacmhainní nó an neamhspleáchas ag comhaltaí Oireachtais ná ag Údaráis Áitiúla chun fiosrúcháin éifeachtacha a chur i gcrích. Ar dhul níos ginearálta, bíonn an tuairim ag an bpobal gur rogha bog é an féinrialú agus nach bhfuil aon éifeacht leis. Dá bharr sin, molann an Binse go mbeadh ról níba láidre ag SIPO maidir le forfheidhmiú a dhéanamh ar bheartais coimhlintí leasa maidir le Comhaltaí Oireachtais agus comhairleoirí áitiúla. Tá roinnt moltaí aige freisin maidir le feabhsú a dhéanamh ar éifeacht SIPO. Moltar go háirithe gnáis shimplithe gearáin a thabhairt isteach, go gceadófaí gearán anaithnid, agus cumhachtaí breise fiosraithe a bheith ag SIPO. Ag an leibhéal áitiúil, molann an Binse go ndéanfaí leasú ar an LGA chun foráil a dhéanamh i leith gnás gearáin foirmiúil i dtaca le neamh-chomhlíonadh féideartha le forálacha coimhlintí leasa, foráil a dhéanamh i leith cosaint a dhéanamh ar sceithirí eolais, agus ceanglas a chur ar údaráis áitiúla eolas a chur ar fáil ina dtuarascálacha bliantúla maidir le forfheidhmiú a rinneadh ar choimhlintí leasa.

**1.31** Tá an moladh ann freisin go gcuirfí tuilleadh béime ar choimhlintí leasa a chosc, ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil, leis an oiliúint, an oideachas agus an taighde.

## Smachtbhannaí

**1.32** Tá de rogha ag an Oireachtas fionraí nó fíneáil a ghearradh ar Chomhalta Oireachtais atá tar éis forálacha coimhlintí leasa a shárú. Os a choinne sin, is féidir an dlí coiriúil a chur ar chomhairleoir áitiúil a sháraigh forálacha coimhlintí leasa ag an leibhéal áitiúil. Measann an Binse Fiosrúcháin, i gcásanna áirithe ar a laghad, gur chóir gur coir é sárú ar na hAchtanna um Eitic ag Comhalta Oireachtais, agus tá moladh chuige sin á dhéanamh aige.

## Coimhlintí Leasa[80]

(1) Aon duine atá laistigh de scóip na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 ('na hAchtanna Eitice') nó Cuid 15 den Acht um Rialtas Áitiúil 2001 ('LGA') (ar a dtugtar le chéile 'oifigigh phoiblí'), ba chóir ceangal a bheith orthu sin nochtadh tréimhsiúil a dhéanamh ar a leasanna sonraithe féin chomh maith leis na leasanna a leanas:

- leasanna a dteaghlaigh, nó duine ar bith eile atá spleách go hiomlán nó i bpáirt ar an oifigeach sin, nó a bhfuil a gcúrsaí chomh nasctha sin le cúrsaí an oifigigh go bhféadfadh aon sochar a gheobhadh an duine sin, nó cuid de, a chur ar aghaidh chuig an oifigeach poiblí ('duine bainteach').
- eintitis chorparáideacha agus/nó socruithe dlíthiúla eile a bhfuil leas rialaitheach dlíthiúil nó sochair ag an oifigeach, nó duine atá luaite thuas, ann, chomh maith le haon eintitis/socruithe a bhfuil leas rialaitheach ag na heintitis/socruithe thuasluaite iontu.

(2) Chomh maith leis na leasanna a n-éilítear faoi láthair iad a nochtadh, ba chóir ceanglas a chur ar gach oifigeach poiblí nochtadh tréimhsiúil a dhéanamh ar na catagóirí leasa seo a leanas:

- Sócmhainní
- Dliteanais
- Foinsí agus suimeanna ioncaim
- Aon chomhlacht a bhfuil leas sochair nó dlíthiúil ag an duine ann
- Gach post comhlachta atá i seilbh an duine, agus gach post bainistíochta i gcomhlacht
- Leasanna dlíthiúla agus sochair an duine i dtalamh, lena n-áirítear teach an teaghlaigh
- Gach bronntanas agus sochar ar luach sonraithe a fuair an duine sa tréimhse ábhartha nach bhfuil nasc intuigthe réasúnta ach le hoifig phoiblí an duine sin
- Leasanna nach leas airgid iad oiread agus a d'fhéadfaí na leasanna sin a thuiscint mar chúis réasúnta le coimhlint leasa

(3) Ní mór na ceanglais a leanas a chur ar gach oifigeach poiblí:

- Nochtadh tréimhsiúil leasanna a dhéanamh tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dul i mbun oifige agus uasdátú a dhéanamh ar gach leas i gcomhthéacs nochta thréimhsiúil tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis athrú suntasach teacht ar an leas sin
- nochtadh a dhéanamh faoi fhoinse aon ioncaim os ceann €1,000 agus aon bhronntanas/sochar ar luach os ceann €250 a fuarthas sa dá mhí dhéag roimh dhul i mbun oifige nó tar éis a fhágáil.

(4) Ní mór ceanglas a chur ar gach oifigeach poiblí nochtadh *ad hoc* a dhéanamh faoi aon leas a d'fhéadfaí a thuiscint go réasúnta go mbeadh d'acmhainn aige tionchar a imirt air nó uirthi i mbun na bhfeidhmeanna poiblí ('nochtadh *ad hoc*').

[80] Tribunal of Inquiry into Certain Planning Matters, *Final Report*, (2012) lgh. 2566 - 2570

(5) Ba chóir idir an nochtadh tréimhsiúil agus nochtadh *ad hoc* a chur ar fáil ar bhonn níos forleithne, ar na bealaí seo go háirithe:

- Ba chóir nochtuithe tréimhsiúla a dhéanfaí faoin LGA a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an údaráis áitiúil ábhartha, ar aon dul le miontuairiscí na gcruinnithe ag údaráis áitiúla agus na cáipéisí a pléadh le linn na gcruinnithe sin.
- Ba chóir nochtuithe a fhoilsiú ag oifigigh shinsearacha phoiblí idir thofa agus cheaptha, lena n-áirítear iad siúd a dhéantar ag cruinnithe rialtais.

(6) Ba chóir leasú a dhéanamh ar chóid iompraíochta Comhaltaí agus Sealbhóirí Oifige chun sainmhíniú a dhéanamh ar choimhlint leasa chun gach leas a chur san áireamh a d'fhéadfaí a thuiscint go réasúnta mar thrúig tionchair ar Chomhaltaí nó Sealbhóir Oifigige i mbun feidhmeanna poiblí.

(7) Ba chóir toirmeasc a chur ar gach oifigeach poiblí glacadh le haon bhronntanas nó sochar a d'fhéadfaí a thuiscint go réasúnta a bheadh bainteach lena f(h)eidhmeanna poiblí, seachas bronntanais nach mór an luach atá leo a fuarthas le linn na feidhmeanna sin a chur de/di.

(8) Ba chóir beartais eile a thabhairt isteach chun rialú a dhéanamh faoi choimhlintí leasa a thiocfadh de bhun faisnéis ón taobh istigh a úsáid ag Sealbhóirí Oifige.

(9) Ba chóir toirmeasc a chur ar gach oifigeach poiblí laistigh de scóip na nAchtanna Eitice ('oifigeach poiblí náisiúnta') ó dhul i mbun conartha soláthair seirbhísí nó earraí do chomhlacht poiblí agus é/í i mbun a oifige, nó go ceann tréimhse bliana tar éis a t(h)éarma oifige. Ba chóir a gcómhaith de shrianta a chur ar oifigeach poiblí laistigh de scóip an LGA ('oifigeach poiblí áitiúil') ó dhul i mbun conartha leis an údaráis áitiúil a bhfuil sé/sí mar chomhalta nó mar fhostaí ann.

(10) Ba chóir toirmeasc a chur ar gach ionadaí tofa áitiúil plé le talamh bíodh sé/sí i mbun oifige agus go ceann tréimhse dhá bhliana ina dhiaidh, sa chás go bhfuil an tÚdarás Áitiúil ar ball de an t-ionadaí sin tar éis cinneadh a dhéanamh a d'athraigh stádas pleanála nó criosaithe an talaimh sin le linn théarma oifige an ionadaí sin, agus é/í tar éis vótáil faoin gcinneadh sin agus sa chás go bhfuil sé nó sí páirteach i ngníomhaíocht sheachtrach a bhaineann go príomha le díol nó le ceannach talaimh.

(11) Ba chóir rialú méadaithe níos éifeachtaí a dhéanamh ar choimhlintí leasa ag Sealbhóirí Oifige a thiocfadh ann de bhun na fostaíochta iarthéarma.

(12) Ba chóir leasú a dhéanamh ar na forálacha forfheidhmithe a bhaineann le coimhlintí leasa ag an leibhéal náisiúnta chun na forálacha a leanas a chur san áireamh:

- ról maoirseachta ar na Coistí a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (SIPO).
- An cead a thabhairt do SIPO: (i) glacadh le gearán ó bhéal, nó anaithnid; (ii) feidhmiú le triúr ball mar chóram; (iii) oifigeach fiosrúcháin a cheapadh agus é i mbun a chuid fiosrúchán féin; agus (iv) cáipéisí a ghabháil

- Béim bhreise a chur ar choimhlintí leasa a chosc leis an oiliúint, an oideachas agus an taighde.

(11) Ba chóir athrú a dhéanamh ar na forálacha san LGA maidir le coimhlintí leasa a fhorfheidhmiú, ar an gcaoi seo:

- Ról maoirseachta thabhairt do SIPO ar an bhforfheidhmiú ag an leibhéal áitiúil
- Foráil a dhéanamh i leith gnás foirmiúil gearáin
- Foráil a dhéanamh i leith cosaint sceithirí eolais a thabhairt don té a dhéanfadh gearán
- Ceanglas a chur ar gach údarás áitiúil faisnéis a chur ar fáil faoi chur i bhfeidhm agus fhorfheidhmiú na mbeartas um choimhlintí leasa ina thuarascáil bhliantúil
- Béim bhreise a chur ar chosc a chur ar choimhlintí leasa le hoiliúint, le hoideachas agus le taighde.

# Iarscríbhinn C – Moltaí SIPO maidir leis na hAchtanna um Eitic 2019/2020 agus Dul Chun Cinn

| Uimh. | 2019 | 2020 |
|---|---|---|
| 1 | **Fiosruithe Féin-Tionscanta**<br><br>Ba chóir a thabhairt de chumhacht don Choimisiún Oifigeach Fiosraithe a cheapadh a dhéanfadh fiosrúchán tosaigh ar cheist sa chás nach mbeadh gearán ann faoi na hAchtanna um Eitic. (Caibidil 1, Fiosruithe féintionscanta, Tuarascáil Bhliantúil 2004) **Chomhlíonfadh an Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015 an moladh seo**. | **ATHRÁITE**<br><br>Ba chóir a thabhairt de chumhacht don Choimisiún Oifigeach Fiosraithe a cheapadh a dhéanfadh fiosrúchán tosaigh ar cheist sa chás nach mbeadh gearán ann faoi na hAchtanna um Eitic. (Caibidil 1, Fiosruithe féintionscanta, Tuarascáil Bhliantúil 2004) **Dul chun cinn: Níl dul chun cinn déanta.** |
| 2 | **CÓRAM**<br><br>Ba chóir foráil a dhéanamh i leith córam nach lú ná triúr ball (lena n-áirítear i ngach cás an Cathaoirleach) le haghaidh éisteacht a dhéanamh ar fhiosrú faoi na hAchtanna Eitice.<br><br>(Caibidil 4 'Leasuithe Moltaí ar na hAchtanna um Eitic', Tuarascáil Bhliantúil 2008 **Chuirfeadh an Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí Coimisinéir um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí in áit an Choimisiúin.** | **ATHRÁITE**<br><br>Ba chóir foráil a dhéanamh i leith córam nach lú ná triúr ball (lena n-áirítear i ngach cás an Cathaoirleach) le haghaidh éisteacht a dhéanamh ar fhiosrú faoi na hAchtanna Eitice. (Caibidil 4 'Leasuithe Moltaí ar na hAchtanna um Eitic', Tuarascáil Bhliantúil 2008) **Dul chun cinn: Níl dul chun cinn déanta.** |
| 3 | **TUARASCÁIL A CHUR ISTEACH DÍREACH**<br><br>Ba chóir don Choimisiún a thuarascáil bhliantúil a chur díreach faoi bhráid gach Teach den Oireachtas seachas a chur ar fáil don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chuireann faoina mbráid é. (Réamhrá, Tuairisc Bhliantúil 2010). **Chomhlíonfadh an Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015 an moladh seo**. | **ATHRÁITE**<br><br>Ba chóir don Choimisiún a thuarascáil bhliantúil a chur díreach faoi bhráid gach Teach den Oireachtas seachas a chur ar fáil don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chuireann faoina mbráid é. (Réamhrá, Tuairisc Bhliantúil 2010). **Dul chun cinn: Níl dul chun cinn déanta.** |
| 4 | **IAR-OIFIGIGH PHOIBLÍ** | **ATHRÁITE** |

| | | |
|---|---|---|
| | Ba chóir reachtaíocht a thabhairt isteach a chinnteodh go mbeidh gach iaroifigeach cuntasach, iad siúd san áireamh nach bhfuil clúdaithe faoi na hAchtanna reatha um Eitic.<br><br>(Caibidil 1, An Eitic, Tuairisc Bhliantúil 2019) | Ba chóir reachtaíocht a thabhairt isteach a chinnteodh go mbeidh gach iaroifigeach cuntasach, iad siúd san áireamh nach bhfuil clúdaithe faoi na hAchtanna reatha um Eitic.<br><br>(Caibidil 1, An Eitic, Tuairisc Bhliantúil 2019)<br><br>**Dul chun cinn: Níl dul chun cinn déanta.** |
| 5 | **TEORAINNEACHA AMA**<br><br>Ba chóir leasú a dhéanamh ar na teorainneacha ama a mbíonn Dearbhuithe Reachtúla, Teastais Imréitigh Chánach agus Ráitis Iarratais a chur ar fáil nó a eisiúint, agus a chur ar fáil don Choimisiún ag baill tofa agus acu siúd a cheapfaí i bpoist agus i stiúrthóireachtaí sinsearacha sa tseirbhís phoiblí. (Caibidil 1, 'Forálacha um Imréiteach Cánach – braistintí don Aire Airgeadais, Tuairisc Bhliantúil 2003)<br><br>Rinne an **tAcht um Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008** athrú ar an spriocam le haghaidh duine dearbhú reachtúil a dhéanamh agus é/í molta le haghaidh ceapacháin in oifig bhreithimh ó mhí amháin go trí mhí; ba ghá foráil chosúil le haghaidh baill tofa agus do státseirbhísigh shinsearacha chun comhlíonadh a dhéanamh ar an moladh. **Chomhlíonfadh an Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015 an moladh seo agus dhéanfadh foráil maidir le comhlíonadh bliantúil.** | **ATHRÁITE**<br><br>Ba chóir leasú a dhéanamh ar na teorainneacha ama a mbíonn Dearbhuithe Reachtúla, Teastais Imréitigh Chánach agus Ráitis Iarratais a chur ar fáil nó a eisiúint, agus a chur ar fáil don Choimisiún ag baill tofa agus acu siúd a cheapfaí i bpoist agus i stiúrthóireachtaí sinsearacha sa tseirbhís phoiblí. (Caibidil 1, 'Forálacha um Imréiteach Cánach – braistintí don Aire Airgeadais, Tuairisc Bhliantúil 2003)<br><br>**Dul chun cinn: Níl dul chun cinn déanta.** |
| 6 | **CÓD IOMPRAÍOCHTA**<br><br>Ba chóir glacadh le cód iompraíochta do státseirbhísigh agus do bhaill na mbord stáit san tseirbhís phoiblí ar bhonn níos leithne. (Caibidil 1, Cóid Iompraíochta do Státseirbhísigh', Tuarascáil Bhliantúil 2003)<br><br>Thabharfadh an **Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015** cód eiseamlárach iompraíochta isteach a bheadh le cur i bhfeidhm ar gach oifigeach poiblí agus a dhéanfadh foráil i leith cóid | **ATHRÁITE**<br><br>Ba chóir glacadh le cód iompraíochta do státseirbhísigh agus do bhaill na mbord stáit san tseirbhís phoiblí ar bhonn níos leithne. (Caibidil 1, Cóid Iompraíochta do Státseirbhísigh', Tuarascáil Bhliantúil 2003)<br><br>**Dul chun cinn: Níl dul chun cinn déanta.** |

| | | |
|---|---|---|
| | faoi leith i ngach comhlacht poiblí. Molann an Coimisiún go ndéanfaí foráil i leith cóid earnála. Ritheadh leasú i gCéim an Choiste i nDáil Éireann in Aibreán 2017 ina raibh foráil i leith cóid earnála do státseirbhísigh agus comhairleoirí speisialta agus do bhaill agus d'fhostaithe na n-údarás áitiúil. | |
| 7 | **CATHAOIRLEACH AINMNITHE INA SHEALBHÓIR OIFIGE**<br><br>Ba chóir rúin a thabhairt isteach i dTithe an Oireachtais a d'ainmneodh Cathaoirligh na gCoistí Oireachtais mar shealbhóirí oifige chun críche na nAchtanna um Eitic. (Caibidil 1, Achtanna um Eitic, Tuarascáil Bhliantúil 2005). Bhainfeadh an **Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015** an dealú amach idir sealbhóirí oifige agus comhaltaí Oireachtais eile. | **ATHRÁITE**<br><br>Ba chóir rúin a thabhairt isteach i dTithe an Oireachtais a d'ainmneodh Cathaoirligh na gCoistí Oireachtais mar shealbhóirí oifige chun críche na nAchtanna um Eitic. (Caibidil 1, Achtanna um Eitic, Tuarascáil Bhliantúil 2005). **Dul chun cinn: Níl dul chun cinn déanta.** |
| 8 | **CONSOLIDATIONCOMHDHLÚTHÚ**<br><br>Ba chóir acht cuimsitheach a bheith ann a dhéanfadh comhdhlúthú ar na hAchtanna um Eitic agus ar gach reachtaíocht eile ina bhfuil foráil i leith leasanna a nochtadh agus forálacha bainteacha d'oifigigh phoiblí. (Caibidil 2, 'Creata Eitice ag Forluí lena Chéile', Tuairisc Bliantúil 2009) **Chomhlíonfadh an Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015 an moladh seo.** | **ATHRÁITE**<br><br>Ba chóir acht cuimsitheach a bheith ann a dhéanfadh comhdhlúthú ar na hAchtanna um Eitic agus ar gach reachtaíocht eile ina bhfuil foráil i leith leasanna a nochtadh agus forálacha bainteacha d'oifigigh phoiblí. (Caibidil 2, 'Creata Eitice ag Forluí lena Chéile', Tuairisc Bliantúil 2009)<br><br>**Dul chun cinn: Níl dul chun cinn déanta.** |
| 9 | **PRIONSABAIL EITICIÚLA**<br><br>Ba chóir leasú a dhéanamh ar na forálacha i leith gearáin a dhéanamh faoi 'gníomh sonraithe' a cheadódh tagairt a dhéanamh do ráiteas ardleibhéil ar na prionsabail eiticiúla a bheadh le leanúint ag státseirbhísigh agus ag ionadaithe poiblí.<br><br>(Caibidil 2, Ráiteas Ardleibhéil ar Phrionsabail Eiticiúla, Tuarascáil Bhliantúil 2009) **Níl aon ní le tuairisciú.** | **ATHRÁITE**<br><br>Ba chóir leasú a dhéanamh ar na forálacha i leith gearáin a dhéanamh faoi 'gníomh sonraithe' a cheadódh tagairt a dhéanamh do ráiteas ardleibhéil ar na prionsabail eiticiúla a bheadh le leanúint ag státseirbhísigh agus ag ionadaithe poiblí.<br><br>(Caibidil 2, Ráiteas Ardleibhéil ar Phrionsabail Eiticiúla, Tuarascáil Bhliantúil 2009) **Dul chun cinn: Níl dul chun cinn déanta.** |
| 10 | **LEATHNÚ AR RAON FEIDHME 'DUINE BAINTEACH'** | **ATHRÁITE** |

| | | |
|---|---|---|
| | Ba chóir leasú a dhéanamh ar an sainmhíniú ar 'duine bainteach' (féach an sainmhíniú atá in Aguisín 3) chun foráil a dhéanamh i leith duine bainteach bheith ina chomhlacht a bhfuil sé/sí ina stiúrthóir air agus gur 'daoine bainteacha' leis an duine sin iad na stiúrthóirí eile ar an gcomhlacht sin.<br><br>(Chapter 2, 'Connected Persons',Caibidil 2, Daoine Bainteacha, Tuairisc Bhliantúil 2009<br><br>**Chomhlíonfadh an Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015 an moladh seo.** | Ba chóir leasú a dhéanamh ar an sainmhíniú ar 'duine bainteach' (féach an sainmhíniú atá in Aguisín 3) chun foráil a dhéanamh i leith duine bainteach bheith ina chomhlacht a bhfuil sé/sí ina stiúrthóir air agus gur 'daoine bainteacha' leis an duine sin iad na stiúrthóirí eile ar an gcomhlacht sin.<br><br>(Caibidil 2, Daoine Bainteacha, Tuairisc Bhliantúil 2009)<br><br>**Dul chun cinn: Níl dul chun cinn déanta.** |
| 11 | **DLITEANAIS INA NOCHTUITHE**<br><br>Ba chóir go mbeadh ceanglas ann dliteanais a nochtadh mar 'leasanna inchláraithe'. (Caibidil 2, Nochtadh Dliteanas, Tuairisc Bhliantúil 2009) **Chomhlíonfadh an Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015 an moladh seo.** | **ATHRÁITE**<br><br>Ba chóir go mbeadh ceanglas ann dliteanais a nochtadh mar 'leasanna inchláraithe'. (Caibidil 2, Nochtadh Dliteanas, Tuairisc Bhliantúil 2009) **Dul chun cinn: Níl dul chun cinn déanta.** |
| 12 | **CUR CHUIGE UILE-SHEIRBHÍSE I DTACA LE SPEANSAS**<br><br>Ba chóir glacadh le cur chuige uile-sheirbhíse i dtaca le héilimh dhúbalta ar speansas taistil agus cothaithe a bhrath agus a chosc.<br><br>(Caibidil 2, Gearáin, Tuarascáil Bhliantúil 2014)<br><br>**Thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe treoir faoi seo i nDeireadh Fómhair 2015**. Chuir an Roinn treoracha ar fáil faoin bpróiseas a bheadh le leanúint sa chás go mbíonn fostaí de chuid na seirbhíse poiblí ag taisteal ar ghnó oifigiúil agus an acmhainn ann aisíocaíochtaí ar chostais taistil agus cothaithe a éileamh ó níos mó ná comhlacht amháin. | **GAN ATHRÁ** |
| 12 | **GEARÁIN - IARCHOMHALTAÍ**<br><br>Ba chóir foráil shoiléir a dhéanamh a cheadódh gearán a dhéanamh in aghaidh bhaill an Oireachtais sa chás go dtiocfadh | **ATHRÁITE**<br><br>Ba chóir foráil shoiléir a dhéanamh a cheadódh gearán a dhéanamh in |

| | | |
|---|---|---|
| | sin chun suntais tar éis an comhalta an oifig a fhágáil.<br><br>Caibidil 1, An Eitic, Tuairisc Bhliantúil 2017). **Níl aon ní le tuairisciú.** | aghaidh bhaill an Oireachtais sa chás go dtiocfadh sin chun suntais tar éis an comhalta an oifig a fhágáil.<br><br>Caibidil 1, An Eitic, Tuairisc Bhliantúil 2017). **Dul chun cinn: Níl dul chun cinn déanta.** |
| 13 | **SCÉALA FAOI CHEAPACHÁIN NUA**<br><br>Ba chóir leasú a dhéanamh ar an Acht chun a cheangal ar chomhlachtaí poiblí an Coimisiún a chur ar an eolas faoi cheapacháin nua in oifigí sinsearacha, chun éascaíocht a dhéanamh de na ceanglais chomhlíonta i gcúrsaí cánach. (Caibidil 1, An Eitic, Tuarascáil Phoiblí 2017). **Níl aon ní le tuairisciú.** | **ATHRÁITE**<br><br>Ba chóir leasú a dhéanamh ar an Acht chun a cheangal ar chomhlachtaí poiblí an Coimisiún a chur ar an eolas faoi cheapacháin nua in oifigí sinsearacha, chun éascaíocht a dhéanamh de na ceanglais chomhlíonta i gcúrsaí cánach. (Caibidil 1, An Eitic, Tuarascáil Phoiblí 2017).<br><br>**Dul chun cinn: Níl dul chun cinn déanta.** |
| 14 | **DÁTA FEIDHME**<br><br>A chinntiú go dtabharfaí feidhm do rialacháin a ordaíonn poist ainmnithe ar an 1 Eanáir an bhliain tar éis iad a thabhairt isteach. (Caibidil 1, An Eitic, Tuarascáil Bhliantúil 2018). **Tá an tAire tar éis aontú leis an moladh; níl aon rialachán nua déanta ó rinneadh an moladh.** | **ATHRÁITE**<br><br>A chinntiú go dtabharfaí feidhm do rialacháin a ordaíonn poist ainmnithe ar an 1 Eanáir an bhliain tar éis iad a thabhairt isteach. (Caibidil 1, An Eitic, Tuarascáil Bhliantúil 2018). **Tá an tAire tar éis aontú leis an moladh; níl aon rialachán nua déanta ó rinneadh an moladh.** |
| 15 | **UASDÁTÚ AR PHOIST AINMNITHE**<br><br>Ba chóir uasdátú rialta a dhéanamh ar rialacháin a ainmníonn poist faoi leith agus go ndéanfaí breithniú faoi ainmniú ar phoist nua i gcomhlacht atá le cruthú (as an nua nó trí chomhlachtaí a chónascadh) mar chuid den chruthú sin. Anuas air sin, ba chóir an Coimisiún a chur ar an eolas sa chás go gcruthaítear/go gcuirtear le chéile/go scaoiltear comhlachtaí den chineál sin. (Caibidil 1, An Eitic, Tuarascáil Bhliantúil 2018). **Níl aon ní le tuairisciú.** | **ATHRÁITE**<br><br>Ba chóir uasdátú rialta a dhéanamh ar rialacháin a ainmníonn poist faoi leith agus go ndéanfaí breithniú faoi ainmniú ar phoist nua i gcomhlacht atá le cruthú (as an nua nó trí chomhlachtaí a chónascadh) mar chuid den chruthú sin. Anuas air sin, ba chóir an Coimisiún a chur ar an eolas sa chás go gcruthaítear/go gcuirtear le chéile/go scaoiltear comhlachtaí den chineál sin. (Caibidil 1, An Eitic, Tuarascáil Bhliantúil 2018). **Dul chun cinn: Níl dul chun cinn déanta.** |
| 16 | **BEARTAIS IARFHOSTAÍOCHTA A CHUÍCHÓIRIÚ**<br><br>Ba chóir cuíchóiriú a dhéanamh ar ghiotaí éagsúla reachtaíochta d'oifigigh thofa | **ATHRÁITE**<br><br>Ba chóir cuíchóiriú a dhéanamh ar ghiotaí éagsúla reachtaíochta d'oifigigh thofa agus do |

| | | |
|---|---|---|
| | agus do státseirbhísigh, lena n-áirítear forálacha iarfhostaíochta, lena n-éifeacht agus a gcomhsheasmhacht a chinntiú.<br><br>(Caibidil 1, An Eitic, Tuarascáil Bhliantúil 2019) **Nua** | státseirbhísigh, lena n-áirítear forálacha iarfhostaíochta, lena n-éifeacht agus a gcomhsheasmhacht a chinntiú.<br><br>(Caibidil 1, An Eitic, Tuarascáil Bhliantúil 2019) **Dul chun cinn: Níl aon dul chun cinn déanta.** |
| 17 | **ATHBHREITHNIÚ PRÁINNEACH AR AN EITIC**<br><br>Ba chóir don rialtas isteach breithniú práinneach a dhéanamh faoi reachtaíocht athleasaithe eitice a rith go luath. (Caibidil 1, An Eitic, Tuarascáil Bhliantúil 2019) **Nua.** | **ATHRÁITE**<br><br>Ba chóir don rialtas isteach breithniú práinneach a dhéanamh faoi reachtaíocht athleasaithe eitice a rith go luath. (Caibidil 1, An Eitic, Tuarascáil Bhliantúil 2019) **Dul chun cinn: Fógraíodh sa Chlár Rialtais 2020 go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcreat reatha um eitic.** |
| 18 | **MOLADH FAOI ÚDARÁS ÁITIÚIL – SEALAÍOCHT DON CHLÁRAITHEOIR EITICE**<br><br>Ba chóir sealaíocht ar mhinicíocht níos lú ná an dá bhliain mar atá ar ról an chláraitheora eitice, le gur féidir acmhainn a thógáil agus forbairt a dhéanamh ar an eolas agus ar an saineolas, agus ba chóir go mbeadh sé ina ról sinsearach san eagraíocht. (Caibidil 1, An Eitic, Tuarascáil Bhliantúil 2019) **Nua**. | **ATHRÁITE FAOI CHEANNTEIDEAL EITICÍ**<br><br>Ba chóir sealaíocht ar mhinicíocht níos lú ná an dá bhliain mar atá ar ról an **chláraitheora eitice**, le gur féidir acmhainn a thógáil agus forbairt a dhéanamh ar an eolas agus ar an saineolas, agus ba chóir go mbeadh sé ina ról sinsearach san eagraíocht. (Caibidil 1, An Eitic, Tuarascáil Bhliantúil 2019) **Dul chun cinn: Níl dul chun cinn déanta.** |

# Iarscríbhinn D – Achoimre ar Luachálacha GRECO

*Léiríonn an tábla a leanas an dul chun cinn ar stádas comhlíonta na hÉireann a fhad le 'curtha i bhfeidhm i bpáirt' ar thabhairt isteach PSSB tar éis go bhfuarthas go raibh teip ann dhá mholadh a thabhairt isteach i ngeall ar chlis an PSSB agus/nó dearmad gan na hAchtanna um Eitic a athleasú.*

**'Tá iontaoibh ag GRECO go ndéanfar feabhsú breise [ar an soláthar oiliúna] amach anseo tar éis reachtaíocht nua eitice a rith'.*

Conclúidí GRECO:

| GRECO MOLADH | 2014 | 2017 | 2018 | 2020 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Creat Comhdhlúite** | **Eisíodh Moladh (I)** (Bunaithe ar Achtanna um Eitic) | **Curtha i bhfeidhm i bpáirt** **(PSSB)** | **Curtha i bhfeidhm i bpáirt** **(PSSB)** | **Níor cuireadh i bhfeidhm** **(Chlis PSSB )** | **Níor cuireadh i bhfeidhm** **(Chlis PSSB )** |
| **Córas Feabhsaithe Nochta Sócmhainní** | **Eisíodh Moladh (II)** ( Bunaithe ar Achtanna um Eitic ) | **Curtha i bhfeidhm i bpáirt** **(PSSB)** | **Curtha i bhfeidhm i bpáirt** **(PSSB)** | **Níor cuireadh i bhfeidhm** **(Chlis PSSB)** | **Níor cuireadh i bhfeidhm** **(Chlis PSSB)** |
| **Meicníocht Chomhdhlúite Monatóí reachta Seachtraí** | **Eisíodh Moladh (IV)** ( Bunaithe ar Achtanna um Eitic ) | **Curtha i bhfeidhm go sásúil** (Bunaithe ar Mhotaí SIPO agus PSSB) | **Curtha i bhfeidhm go sásúil** (Bunaithe ar Mhotaí SIPO agus PSSB) | | |
| **Soláthar Oiliúna** | **Eisíodh Moladh (V)** ( Bunaithe ar Achtanna um Eitic ) | **Curtha i bhfeidhm i bpáirt** | **Curtha i bhfeidhm i bpáirt** | **Curtha i bhfeidhm go sásúil *** **(Bhí an Eitic san áireamh ag SIPO san oiliúint aige ar an Acht um Thoghcháin 1997, do chomhaltaí agus foireann an Oireachtais.)* | **Curtha i bhfeidhm go sásúil*** |

*'Táthar céim ar chúl, mar sin féin, maidir le dhá mholadh eile a chur i bhfeidhm i dtaca le creat comhdhlúite aonfhoirmeach a chruthú don iompraíocht ag comhaltaí pairliminte ...(moladh i)*

*agus feabhsuithe ar an gcóras dearbhaithe sócmhainní (moladh iii), i ngeall ar an gclis ar an mBille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015''*[81]

[81] GRECO, Fourth Evaluation Round Corruption Prevention In Respect Of Members of Parliament, Judges and Prosecutors; Second Interim Compliance Report Ireland (18 Samhain 2020) ag lch. 9 <https://rm.coe.int/fourth-evaluation-round-corruption-prevention-in-respect-of-members-of/1680a06655> rochtain 11 Meitheamh 2020.

# Iarscríbhinn E – Freagóirí leis an gComhairliúchán Poiblí

Cuireadh gníomh comhairliúcháin an athbhreithnithe ar siúl idir Samhain 2021 agus lár Eanáir 2022. Fuarthas aon fhreagra déag san iomlán. Chomh maith le haighneachtaí ó cheathrar duine ón bpobal i gcoiteann, fuarthas freagraí ar an gcomhairliúchán ó na grúpaí/eagraíochtaí a leanas:

- An Cumann Rialtais Áitiúil
- Grúpa Rannpháirtíochta Sibhialta (Seanadóirí Alice-Mary Higgins, Lynn Ruane, Frances Black, agus Eileen Flynn)
- ESB
- Páirtí an Lucht Oibre
- Sinn Féin
- Na Daonlathaigh Shóisialta
- Transparency International Ireland

An Roinn Caiteachais
Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public
Expenditure and Reform

**Tithe an Rialtas. Sráid Mhuirfean Uacht,**
**Baile Átha Cliath 2, D02 R583, Éire**

T:+353 1 676 7571
@IRLDeptPer
**www.per.gov.ie**